# Tuarascáil Bhliantúil 2023

Coimisiún na Meán

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Eolas ar Choimisiún na Meán | 5 |
| Sábháilteacht ar Líne | 10 |
| Craoltóireacht agus Físeán ar Éileamh | 15 |
| Forbairt na Meán | 26 |
| Caidreamh le hÚsáideoirí | 54 |
| Rialachas | 57 |
| Ráitis Airgeadais Choimisiún na Meán | 59 |
| Ráitis Airgeadais An Chiste Craolacháin | 105 |

# Réamhrá

A Chairde,

Tá athrú ag teacht ar mhodhanna teagmhála agus siamsaíochta na ndaoine mar thoradh ar an gclaochlú teicneolaíochta. Níl aon easpa roghanna ar an bpobal anois chun teacht ar ábhar leathan éisteachta agus féachana sa chraoltóireacht líneach agus sna seirbhísí ar éileamh. Thairis sin, ní hamháin gur féidir leo a gcuid ábhair féin a uaslódáil agus a chomhroinnt ar an iliomad ardán ar líne ach éiríonn leo idir naisc agus chaidreamh a dhéanamh le daoine eile a dhéanann amhlaidh.

Cé gur chun tairbhe na dtomhaltóirí na hathruithe céanna, ní mór a bheith aireach. Imríonn na seirbhísí digiteacha ról lárnach níos mó ná riamh sa saol againn go léir, rud a théann chun sochair agus dochair na n-úsáideoirí, go háirithe páistí, agus baol ann i gcónaí go mbeidh teacht saoráideach acu ar ábhar nó iompar míchuí ar líne. Is féidir dearadh agus feidhmeanna na n-ardán ar líne a úsáid chun bréagaisnéis agus mífhaisnéis a scaipeadh, rud a dhéanann díobháil dár ndaonlathas. Is féidir suíomhanna meán sóisialta a úsáid chun bolscaireacht sceimhlitheoireachta nó fuathchaint mhídhleathach a scaipeadh. Táthar in ann teacht ar bhonn leathan ar ábhar móréilimh agus ní mór cothramaíocht a chinntiú idir an taitneamh a bhaineann an lucht féachana as a leithéid agus an gá atá ann le cláir a fhorbairt agus a léiriú ina gcuirtear oidhreacht na hÉireann chun cinn ó thaobh an teanga, an chultúir agus na sochaí de.

Bunaíodh Coimisiún na Meán ar an 15 Márta 2023, de bhun fhorálacha an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022. Leagtar amach sa reachtaíocht sin sraith uaillmhianach freagrachtaí le comhlíonadh againn. Agus ó bunaíodh muid, táimid ag obair go dian dícheallach chun ár n-eagraíocht nua a chur sa siúl agus chun ár gcórais rialála nua agus uasdátaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Táimid tiomanta do thírdhreach ar líne agus sna meáin a chinntiú atá rathúil, éagsúil agus sábháilte. Ní foláir mar sin go mbeadh meascán de ghuthanna, de thuairimí agus d'fhoinsí nuachta éagsúla ann agus go gcosnófaí leanaí agus sinn féin ó ábhar a dhéanann dochar.

Lenár gcéad tuarascáil bhliantúil cumhdaítear an tréimhse ó bunaíodh muid go dtí an 31 Nollaig 2023. Léifidh tú sna leathanaigh seo a leanas faoi na gaiscí a bhaineamar amach laistigh de thréimhse ghairid, faoinár bhfoireann iontach agus tiomanta sa tréimhse ghearr seo, faoi na hullmhúcháin le haghaidh Chreat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann, faoin obair ar rialáil craolacháin agus forbairt sna meáin agus san earnáil féin. Is ag tús an turais atáimid go fóill, ach is soiléir atá an bealach chun cinn.



*Ó chlé John Evans, Coimisinéir na Seirbhísí Digiteacha; Niamh Hodnett, Coimisinéir na Sábháilteachta ar Líne; Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin; Celene Craig, Coimisinéir Craolacháin; Rónán Ó Domhnaill, Coimisinéir um Fhorbairt na Meán*

# Eolas ar Choimisiún na Meán

## An Ról a imrímid i Saol na Meán i gCoitinne

Moladh go láidir i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, go mbunófaí comhlacht a mbeadh feidhm rialála agus forbartha aige i ndáil leis na meáin. Tá sé mar thiomantas sa Chreat um Éirinn Dhigiteach freisin go soláthrófaí córas rialála digiteach atá nua- aimseartha, comhtháite agus a bhfuil dóthain acmhainní ar fáil dó.

Is ag athrú de shíor a bhíonn cúrsaí na meán a bhfuil An Coimisiún ag plé leo. Tá méadú ag teacht ar an méid ama a chaitheann daoine ag plé leis na meáin, ach is amhlaidh atá athrú ag teacht ar na cineálacha ábhair a mbíonn siad ag féachaint air agus ar na bealaí a thagann siad ar an ábhar sin. Bíodh is gur mór idir an earnáil chraolacháin thraidisiúnta agus an saol ar líne agus gur mór idir na creataí rialála a bhaineann leo, pléann Coimisiún na Meán leo go léir beag beann ar na difríochtaí idir na hearnálacha seo. An chéad tosaíocht a bhí ag na Coimisinéirí ná a chinntiú go raibh struchtúr eagraíochtúil Choimisiún na Meán oiriúnach le haghaidh na n-earálacha a ndéamaimid maoirseacht orthu agus iad ag brath ar a chéile agus ag teacht lena chéile.

Cé go mbíonn na hathruithe ar an gcaoi a n-úsáideann daoine na meáin á gcumasú agus á n-éascú ag forbairtí teicneolaíochta, is iad dearcadh agus nósanna na dtomhaltóirí a spreagann an t-athrú. Tá rogha níos fairsinge ag daoine ná riamh maidir leis an ábhar a mbíonn siad ag féachaint air agus ag plé leis chomh maith leis an tslí ina ndéanann siad amhlaidh, bíodh sin ar an teilifís, ar tháibléad,ar ríomhaire glúine nó ar fhón cliste. Toisc gurb ann do mhodhanna nua chun ábhar a sholáthar, níl na difríochtaí chomh mór sin a thuilleadh idir craolachán traidisiúnta, ábhar ar éileamh, agus ábhar arna chruthú ag úsáideoirí. Téann ár dtiomantas do shaol na meán atá rathúil, éagsúil agus sábháilte chun sochair daoine ar fud na hÉireann. Chun é sin a bhaint amach, ní mór dúinn tuiscint dhomhain a bheith againn ar roghanna na dtomhaltóirí, ar an dul chun cinn a dhéantar ar chúrsaí teicneolaíochta agus ar threochtaí an mhargaidh. Caithfimid tuiscint níos fearr a fháil ar na huirlisí atá againne chun athruithe dearfacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le saol na meán, chomh maith le cathain is ceart iad a úsáid. Mar chuid dár ndearadh eagraíochtúil, tá Feidhm Straitéise agus Taighde bunaithe againn. Tabharfaidh a leithéid bonn fianaise agus tuiscint dhomhain dúinn ar na hearnálacha a rialaímid agus a dtacaímid leo, i dtreo is gur féidir linn  dualgais seo dár gcuid a chomhlíonadh go héifeachtach. Tá réimse idirghabhálacha ar fáil dúinn, idir feidhmeanna rialála traidisiúnta, amhail an cumas imscrúduithe a dhéanamh agus smachtbhannaí riaracháin a fhorchur, agus idirghabhálacha dearfacha, amhail ár gcuid oibre faoin Scéim Fuaime agus Físe agus Scéimeanna Iriseoireachta a bheidh ann amach anseo.

Gné den claochlú seo ar shaol na meán is ea an úsáid a bhaineann tomhailteoirí na hÉireann as seirbhísí trasteorann. Mar eagraíocht, tá an taobh idirnáisiúnta dár gcuid oibre ríthábhachtach, agus fiú i gcéimeanna tosaigh na heagraíochta, bhíomar tiomanta do chaidreamh idirnáisiúnta, tríd an Aontas Eorpach agus trí líonraí idirnáisiúnta eile.

Tá difríochtaí idir na córais rialála i dtíortha éagsúla ach ní hionnan sin is a rá nach bhfuil sé tábhachtach go mbeadh comhthuiscint againn ar na torthaí atáimid ag iarraidh a bhaint amach agus ar na huirlisí atá ar fáil dúinn chun comhar idirnáisiúnta éifeachtach a chothú. Díol suntais is

ea é go bhfuil ceanncheathrú an AE ag cuid mhaith cuideachtaí móra teicneolaíochta lonnaithe in Éirinn, agus mar sin imreoidh Coimisiún na Meán ról fíorthábhachtach i rialáil dhigiteach an Aontais i gcónaí.

## Daoine agus Forbairt Eagraíochtúil – an Cur Chuige seo againne

Tugtar Daoine agus Forbairt Eagraíochtúil (FE) ar rannóg na n-acmhainní daoinna laistigh den Choimsiún agus feidhmíonn sé faoi scáth an chreata reachtúil a bhaineann le ceapacháin na seirbhíse poiblí agus le cleachtais na n-acmhainní daonna. Is bonn é seo chun cothroime, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a chinntiú i ngníomhaíochtaí uile na n-acmhainní daonna. Tá obair rannóg na nDaoine agus na Forbartha Eagríochtúla ag eascairt as obair Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus rinne an fhoireann nua faoi Choimisiún na Meán forbairt shuntasach uirthi sin. Tugadh faoi thionscnaimh Daoine & FE sa bhliain 2023 a bhí faoi réir ag príomhchuspóirí na heagraíochta nua i gcéim a bunaithe agus orthu seo, méadaíodh líon na bhfostaithe go dtí níos mó ná 450%, cuireadh le cumas na n-acmhainní daonna ar bhonn straitéiseach mar thaca le scálú tapa, agus leagadh béim láidir ar chultúr agus luachanna mar thaca le claochlú agus coinneáil foirne.

### Gníomhaíochtaí le linn na tréimhse seo

Le linn thréimhse na tuarascála seo, dhírigh an rannóg Daoine & FE ar roinnt príomhréimsí chun tacú leis an eagraíocht trí chlaochlú agus fás tapa. Sna míonna tosaigh díríodh ar straitéis a bhunú chun tallainn a mhealladh ina raibh próisis agus nósanna imeachta láidre; rinneadh uasghrádú ar ár bpróisis ionduchtaithe, oiliúna agus phromhaidh; leagadh béim láidir ar chaidreamh agus folláine, go háirithe le baill foirne a tháinig ó Údarás Craolacháin na hÉireann mar a bhí ann roimhe seo agus iad ag tabhairt faoi na hathruithe sa tionscadal nua seo; agus rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar ár bpolasaithe AD lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla agus caighdeáin rialála a bhaineann le cleachtais AD.

Tá ag éirí thar barr linn ó thaobh na hearcaíochta de, agus d'fhorbraíomar Tairiscint Luacha Fostaithe an-láidir agus mhéadaigh líon na bhfostaithe faoi dhó mar thoradh air seo, ó 39 ball foirne nuair a díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí ann roimhe seo, go dtí 78 ball foirne faoi dheireadh mhí na Nollag 2023. D'éirigh linn os cionn 80% dár bpoist bhainistíochta shinsearacha a ionduchtú le linn na tréimhse sin, agus d'fhreastail gach duine díobh ar ár gcéad Chlár Forbartha Ceannaireachta in DCU mar a ndearnamar dul chun cinn mór ar ár gcuspóir agus luachanna.

Soláthraíodh Córas Bainistithe Acmhainní Daonna nua, tugadh an tSamhail Oibriúcháin AD chun críche agus d'éirigh linn roinnt saineolaithe san Fhorbairt Eagraíochta, Sealbhú Tallainne agus Cumarsáid Inmheánach a earcú. Cinntíonn a leithéid go mbeidh na scileanna, an saineolas agus an taithí againn laistigh den rannóg AD chun an tEispéireas Fostaithe is fearr a sholáthar dár bhfoireann uile, agus muid ag fás ar luas i gcónaí agus ag tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann lenár sainchúram reachtaíochta nua.

Chuireamar struchtúr eagraíochtúil nua i gcrích chun ár sainchúram nua a chomhlíonadh agus d'éirigh lenár mbaill foirne a bhí mariar-chomhgleacaithe an BAI dul i dtaithí ar an tsamhail nua sin:




*Seirbhísí meán closamhairc

Ag breathnú chun cinn, tá ár rannóg Daoine & FE dírithe ar Fhorbairt Ceannaireachta; ar ár dTionscadal um Luachanna a thabhairt chun críche chun tacú le cultúr atá faoi réir ag mianta ár ndaoine; ar ár straitéisí earcaithe agus ionduchtaithe a bheachtú lena chinntiú go leanfaimid orainn de dhaoine oilte éagsúla a mhealladh; agus ar chur lenár dtairiscint luacha fostaithe fad is a chinntítear ár luachanna eagraíochtúla nua. Is cosúil go mbainfear amach an sprioc go mbeidh níos mó ná 200 duine fostaithe againn faoi lár 2024, rud a fhágann go mbeidh gá le breis oiliúna, mar aon le hinfheistíocht i bhforbairt fostaithe chun tacú le dul chun cinn gairme agus le teacht aniar san eagraíocht féin.

Déanann an rannóg Daoine & FE na hiarrachtaí seo go léir mar go bhfuil sí meáite i gcónaí ar rathúlacht na heagraíochta a chur chun cinn agus ar lucht saothair atá oilte, díograiseach agus

treoraithe ag luachanna áirithe a chothú agus iad ar aon aigne go straitéiseach faoinár misean agus ár gcuspóir.

# Caidreamh Idirnáisiúnta

Bhí an caidreamh idirnáisiúnta ina phríomhghné d'obair Choimisiún na Meán le linn thréimhse na tuarascála. Tugtar léargas ar an réimse leathan gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sa réimse seo.

## Grúpa Rialálaithe na hEorpa um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA)

Lean Coimisiún na Meán ina ról ceannaireachta ar Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA), sainghrúpa comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cúrsaí rialála closamhairc. Choinníomar ár seasamh ar Bhord ERGA nuair a toghadh Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne Niamh Hodnett ar Bhord ERGA i mí na Nollag 2023 le haghaidh na bliana 2024. Tagann si gcomharbas ar chomhalta a bhí ag éirí as, Celene Craig, Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh.

Le linn thréimhse na tuarscála, dhírigh ERGA den chuid ba mhó ar chomhaid a bhaineann le rialálaithe na meán, idir chomhaid rialála nua agus chomhaid atá le teacht, mar shampla:

- trasuí agus cur chun feidhme Threoir AVMS,
- teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha,
- an Cód Cleachtais treisithe maidir le Bréagaisnéis, agus
- tabhairt chun críche na caibidlíochta idir comhreachtóirí Eorpacha maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA).

Chuireamar le roinnt tuarascálacha a ullmhaíodh agus a foilsíodh in 2023, lena n-áirítear páipéir ar fhorghníomhú trasteorann dhlí na meán, rialáil físbhlagálaithe, cur chun feidhme Airteagail 13(1) agus (2) de AVMSD agus tuarascáil ar chur chun feidhme Mheabhrán Tuisceana ERGA.

I gcaitheamh na bliana, chuireamar freisin le staidpháipéir ERGA ar dréacht-Rialachán EMFA agus ar an Rialachán maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla. In éineacht le roinnt rialálaithe eile, ghlac Coimisiún na Meán páirt i gcleachtadh píolótach monatóireachta chun modheolaíocht nua a thástáil le haghaidh an Chóid Cleachtais threisithe maidir le Bréagaisnéis.

## Ardán Eorpach na nÚdarás Rialála (EPRA)

Lean Coimisiún na Meán de bheith ina bhall gníomhach d'Ardán Eorpach na nÚdarás Rialála ("EPRA") le linn thréimhse na tuarascála, a bhuí le Stiúrthóir Choimisiún na Meán, Stephanie Comey, go háirithe nuair a atoghadh í ar Bhord EPRA in 2023 agus treo straitéiseach an ghréasáin á chur chun cinn aici i gcónaí.

Gréasán Eorpach neamhslpeách is ea EPRA de rialtóirí closamhairc ar fud na hEorpa agus cuimsítear ann 55 údarás rialála ó 47 tír. Cuireann sé fóram comhoibrithe agus tapíonn sé

deiseanna chun eolas agus dea-chleachtas a mhalarú idir rialálaithe craolacháin san Eoraip.

- **Margadh na meán ar son leas an phobail**
  Díríodh sa phlé ar roinnt ábhar: na dúshláin atá le sárú ag asraonta na meán sa ré dhigiteach; conas tacú le háit na meán ar san leas an phobail sa mhargadh;agus na róil is féidir leis na meáin agus na rialálaithe a imirt mar thacadh le margadh na meán atá iontaofa.
- **Soláthar ábhair amach anseo**
  I measc na nithe a bhí le plé ag an dá chruinniú iomlánacha, bhí breithniú ar na dúshláin a d'eascair as modhanna nua soláthair ábhair agus an tionchar a imríonn siad ar bheartas, rialáil agus rialálaithe.

## Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne (GOSRN)

Ar an 29 Bealtaine 2023, glacadh go foirmiúil le Coimisiún na Meán mar bhall iomlán de Líonra na Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne (GOSRN). Is fóram domhanda é GOSRN atá tiomanta do thacaíocht a thabhairt do rialálaithe um shábháilteacht ar líne a bheith ag obair as lámha a chéile. Tá sé mar aidhm aige cur leis an gcomhoibriú idir dlínsí ach eolas ábhartha, dea-chleachtas, taithí agus saineolas a chomhroinnt, agus tacú le cur chuige comhordaithe i leith saincheisteanna maidir le sábháilteacht ar líne. Seoladh an Líonra go foirmiúil in Washington DC i mí na Samhna 2022, agus bhí stádas mar bhreathnóir ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus bunú Choimisiún na Meán ar na bioráin.

Is iad baill GOSRN An Coimisinéir r-Shábháilteachta (an Astráil), An Coimisiún um Shábháilteacht ar Líne (Fidsí), Arcom (an Fhrainc), An Coimisiún um Chaighdeáin Chumarsáide na Cóiré (an Chóiré), An Chomhairle um Sheirbhísí Meán (an tSlóvaic), An Bord Scannán agus Foilseachán (an Afraic Theas), agus Ofcom (an Ríocht Aontaithe). Tá stádas mar bhreathnóirí ag roinnt rialálaithe agus eagraíochtaí eile.

## An Fóram um Rialáil na Meán agus na Meán ar Líne

Bhí Coimisiún na Meán páirteach san Fhóram um Rialáil na Meán agus na Meán ar Líne (MORF) i gcaitheamh an ama. Bunaíodh MORF in 2020 agus tugann sé rialálaithe ón Astráil (ACMA), Ceanada (CRTC), an Ríocht Aontaithe (Ofcom) agus Éire le chéile chun plé neamhfhoirmiúil a dhéanamh ar oiriúnú agus éabhlóid creataí traidisiúnta um rialáil ábhair don ré dhigiteach. Le linn bhliain na tuarascála, phléigh baill MORF cuir chuige chun Físeáin ar Éileamh a rialáil agus iolracht na meán.

## Gníomhaíochtaí eile de chuid Choimisiún na Meán

Le linn thréimhse na tuarascála, ba mhinic an caidreamh a bhí ag Coimisiún na Meán le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta ag imeachtaí, seimineáir agus fóraim éagsúla. Ar chuid acu sin bhí cruinnithe déthaobhacha le rialálaithe contrapháirte idirnáisiúnta agus eochairóráidí ag comhdhálacha idirnáisiúnta inar leagadh béim ar obair Choimisiún na Meán, go háirithe i réimsí na Sábháilteachta ar Líne agus an Achta um Sheirbhísí Digiteacha.

# Sábháilteacht ar Líne

## Cód Sábháilteachta ar Líne

Agus Coimisiún na Meán ina rialálaí nua le haghaidh na meán in Éirinn, tá sé mar cheann dá phríomhdhualgais Cód Sábháilteachta ar Líne a fhorbairt i dtaca leis na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ("VSPS"). Cineál seirbhíse ar líne is ea VSPS inar féidir le daoine físeáin a roinnt agus plé le réimse leathan ábhair agus gnéithe sóisialta. Is gá an Cód seo a fhorbairt freisin chun go bhféadfaidh Éire an treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("AVMSD") a thrasuí i ndlí na hÉireann – is leis an treoir sin a rialaítear comhordú uile-AE na reachtaíochta náisiúnta ar na meáin chlosamhairc uile, lena n-áirítear teilifís, físeáin ar éileamh agus VSPS. Chuige sin, i gcaitheamh 2023, thug Coimisiún na Meán faoi na nithe seo a leanas:

### Straitéis um Chomhlíontacht Ríomhthráchtála a Fhorbairt

De bhun Alt 139ZF de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022 ('an tAcht'), d'fhoilsigh Coimisiún na Meán a Straitéis um Chomhlíontacht Ríomhthráchtálai mí Dheireadh Fómhair 2023, a bhaineann le cóid sábháilteachta ar líne, ábhair threoracha um shábháilteacht ar líne, agus fógraí comhairleacha. Leagtar amach sa straitéis an próiseas atá ar bun ag Chimisiún na Meán chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil cóid sábháilteachta ar líne, i measc nithe eile, comhsheasmhach leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Glacadh é tar éis comhairliúchán poiblí ar an dréacht-Straitéis.

### Glao ar Aighneachtaí maidir leis an gCód Sábháiltechta ar Líne

Seoladh Coimisiún na Meán glao ar aighneachtaí i mí Iúil 2023 agus iarradh freagraí faoin 4 Meán Fómhair 2023. Leagadh amach sa ghlao seo roinnt deacrachtaí agus cuireadh 23 cheist ann a bhain leo bunaithe ar na tosaíochtaí agus na cuspóirí don chéad Chód Sábháilteachta ar Líne, na cineálacha díobhálacha atá le sainaithint, méid na sonraí le bheith sa Chód, sineirgí leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, na cineálacha ábhair nach mór aghaidh a thabhairt orthu, na cineálacha gnéithe sábháilteachta ar líne atá le sainordú mar chuid den Chód, na cineálacha beart atá le sainordú i ndáil le téarmaí agus coinníollacha seirbhísí, modhnóireacht ábhair, agus gearáin, chomh maith le comhlíontacht, agus ábhair eile. Fuair Coimisiún na Meán 55 aighneacht i scríbhinn ó raon leathan páirtithe leasmhara. Bhí na haighneachtaí sin mar bhonn eolais agus an dréacht-Chód Sábháilteachta ar Líne chomh maith leis an dréacht-Treoir Reachtúil ar an gCód á bhforbairt.

### Athbhreithniú ar Fhianaise um Dhíobhálacha VSPS ar Líne

Cheap Coimisiún na Meán cuideachta comhairleachta bainistíochta, PA Consulting chun tabhairt faoi athbhreithniú litríochta ar an bhfianaise a bhí ar fáil a bhain le díobhálacha ar líne ar VSPSanna. Cuireadh an t-athbhreithniú sin ar fáil do Choimisiún na Meán mar shainchomhairle neamhspleách sa chaoi go gcuirfí bonn eolais faoi chur chuige Choimisiún na Meán i leith rialú VSPS.



Déantar coimriú agus anailís sa tuairisc sin ar thorthaí mórchuid staidéir agus foilseachán Éireannach, Eorpach agus idirnáisiúnta, agus í mar aidhm sa tuairisc measúnú tomhaiste a chur ar fáil ina n-aithnítear easpa sonraí uaireanta maidir le gnéithe áirithe de dhíobhálacha ar líne. Cuimsítear sa tuairisc freisin sraith “próifílí díobhála” ina dtugtar achoimre ar an bhfianaise atá ar fáil mar gheall ar gach ceann de na díobhálacha laistigh de raon feidhme an Ghnímh agus AVMSD. Áirítear ar na próifílí díobhálacha sin, i measc nithe eile, cibearbhulaíocht, neamhoird itheacháin/beathaithe, féinmharú nó féindochar, cumarsáid tráchtála (lena n-áirítear fógraíocht) agus lagú ar fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí.

## Suirbhéanna

Chun tuilleadh eolais a bhailiú faoi thuairimí an phobail maidir le rialú VSPSanna, cheap Coimisiún na Meán cuideachta taighde margaidh IPSOS B&A chun tabhairt faoi dhá shuirbhé thar a cheann. Sa chéad suirbhé díríodh ar an úsáid a bhaineann an pobal as suíomhanna gréasáin agus aipeanna a chuireann físeáin ar fáil. Bhí ceisteanna ann maidir le cúrsaí ama: an minic a chaitear ag úsáid na suíomhanna gréasáin agus na n-aipeanna sin nó an minic a bhítear ag plé leis na físeáin féin, ag féachaint orthu, á roinnt agus á n-uaslódáil. Sa dara suirbhé díríodh den chuid ba mhó ar na díobhálacha a d’fhéadfadh eascairt as ábhar físeáin agus ar fhreagraí rialála a bhainfeadh leis sin. Rinneadh iniúchadh ar an tionchar a d’imreodh a leithéid de dhíobhálacha ar ghrúpaí áirithe sa tsochaí agus iarradh tuairimí na bhfreagróirí freisin maidir leis an té a bheadh freagrach as cosaint a thabhairt don phobal ar dhíobháil ar líne.

## Comhairliúchán maidir leis an dréacht-Chód Sábháilteachta ar Líne agus Ábhair Ghaolmhara

I mí na Nollag 2023, d’fhoilsigh Coimisiún na Meán doiciméad comhairliúcháin inar lorgaíodh tuairimí ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir leis an dréacht-Chód Sábháilteachta ar Líne, an dréacht-Treoir Reachtúil ar an gCód agus ar a ngCód a chur i bhfeidhm ar VSPSanna. Forbraíodh an dréacht-Chód agus an Treoir bunaithe ar na freagraí sa Ghlao ar Aigneachtaí agus ar thaighde PA Consulting agus IPSOS B&A. Leagtar amach sa dréacht-Chód dréachtbhearta sonracha ar chóir do VSPSanna a chur i bhfeidhm chun úsáideoirí a choinneáil sábháilte ar líne, go háirithe leanaí. Áirítear leis sin leanaí a chosaint ar ábhar díobhálach, amhail cibearbhulaíocht; ábhar ar líne a chuireann chun cinn nó a spreagann neamhord beathaithe nó itheacháin; ábhar ar líne a mheallann nó a spreagann féindochar nó féinmharú; ábhar a ghríosann chun fuatha nó foréigin; ábhar a bhaineann le mí-úsáid gnéis leanaí agus íomhánna pearsanta a roinnt gan toiliú.

# Coiste Comhairleach don Óige

I mí na Nollag 2023, bhunaigh Coimisiún na Meán Coiste Comhairleach Óige. Chuathas i gcomhairle le baill an Choiste Chomhairligh Óige i ndáil leis an dréacht-Chód Sábháilteachta ar Líne agus i ndáil le cur i bhfeidhm an Chóid maidir le Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán.

Rinne na heagraíochtaí seo a leanas daoine a ainmniú le bheith ina mbaill den Choiste Comhairleach Óige:

- BeLonG To
- Children's Rights Alliance
- CyberSafeKids
- Irish Heart Foundation
- Irish Second-Level Students' Union
- ISPCC
- Irish Traveller Movement
- National Parents Council
- National Youth Council of Ireland
- SpunOut
- Webwise

Faoi réir ag an Acht Craolacháin, 2009 agus an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, tá ar a laghad leath de bhaill an Choiste Chomhairligh Óige níos óige ná 25 bliana d'aois.

# Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán a Ainmniú

Ní mór do Choimisiún na Meán seirbhísí ar líne a "ainmniú" ar dtús sula bhféadfaidh sé ceangal a chur orthu cloí le cóid sábháilteachta ar líne. Féadfaidh An Coimisiún rogha a dhéanamh seirbhísí a ainmniú mar "chatagóirí" (m.sh. toisc go bhfuil saintréithe comhchosúla acu) nó mar sheirbhísí ainmnithe aonair.

Ainmniú na n-ardán comhroinnte físeán a bhí mar phríomhthosaíocht le linn 2023. Chun an treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc a chur chun feidhme, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún faoi alt 139G den Acht Craolacháin, 2009 agus an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 "seirbhísí ardáin comhroinnte físeán" a ainmniú mar chatagóir seirbhíse agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ainmnithe aonair a lorg agus a ainmniú má tá na soláthraithe bunaithe in Éirinn.

Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí, ar an 11 Meán Fómhair 2024, d'ainmnigh An Coimisiún seirbhísí ardáin comhroinnte físeán mar chatagóir seirbhíse ar féidir cóid sábháilteachta ar líne a chur i bhfeidhm orthu.

Chomh maith leis sin, d'ainmnigh An Coimisiún deich (10) seirbhís mar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán "ainmnithe" tar éis dul i gcomhairle leis na soláthraithe sin. I gcreat cinnidh an Choimisiúin maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ainmnithe a ainmniú, mínítear na próisis a lean sé le linn dó a leithéid a dhéanamh. Fuair An Coimisiún tuarascáil shaineolach freisin ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán ó PA Consulting chun tacú leis an obair sin.

Ba iad seo a leanas na deich seirbhís ardáin comhroinnte físeán a d'ainmnigh An Coimisiún faoin 31 Nollaig 2023:

- Facebook
- Instagram
- YouTube
- Udemy
- TikTok
- LinkedIn
- X
- Pinterest
- Tumblr
- Reddit

## An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha

Reachtaíocht uile-AE atá i nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha an AE a rialaíonn seirbhísí ar líne amhail margaí, gréasáin shóisialta, aipmhargaí agus ardáin taistil agus lóistín ar líne. Cuirtear ceangal ar sheirbhísí ar líne bearta a dhéanamh d'fhonn an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte d'úsáideoirí agus iad ag dul i ngleic le hábhar díobhálach nó neamhdhleathach ar a gcuid ardán. Eascraíonn rialacha as an reachtaíocht seo bheidh mar chosaint chothrom do gach úsáideoir san AE (Éire san áireamh) ar earraí, ábhar nó seirbhísí mídhleathacha agus mar chosaint dá gcearta bunúsacha. Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha cuirtear oibleagáidí breise ar na seirbhísí is mó, ar a dtugtar Ardáin An-Mhór ar Líne nó Innill Chuardaigh An-Mhór ar Líne. Ós rud é go bhfuil 13 cinn de na 22 ardán is mó san Eoraip lonnaithe in Éirinn, lena n-áirítear TikTok, X, Meta, Apple, Microsoft agus Google, beidh ról tábhachtach le himirt againn i gcóras rialúcháin an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha ar fud na hEorpa.

Sa bhliain 2023, bhunaigh An Coimisiún ról an Chomhordaitheora Seirbhísí Digiteacha (DSC) agus ról an Choimisinéara agus thosaigh sé ag fostú foirne i rannán na Seirbhísí Digiteacha. Bunaíodh struchtúr de cheithre fhoireann Maoirseachta, foireann Imscrúduithe Móra amháin, agus foireann Oibríochtaí Rialála amháin tráth a ceapadh seisear Stiúrthóirí.

Cuireadh tús leis an bhfostú in 2023 agus táthar ag leanúint ar aghaidh léi de réir mar a fhorbraímid na foirne agus na scileanna a theastaíonn dár gcuid feidhmeanna.

Trí chomhordú leis an gCoimisiún Eorpach agus le DSCanna eile, d'imir An Coimisiún ról ceannródaíoch nuair a d'fhorbair sé na próisis agus na caighdeáin a bhaineann le deimhniú Comhlachtaí um Réiteach Díospóide Lasmuigh den Chúirt, Comharthóirí Iontaofa, agus Láimhseáil Gearán. Ina theannta sin, cuireadh tús leis an obair ar na próisis seolta agus láimhseála le haghaidh Ionad Teagmhála mar ar féidir le húsáideoirí gearáin agus fiosruithe a dhéanamh. In 2024 leanfaimid de bheith ag cur le grúpaí oibre faoi stiúir DSC i réimsí an Riosca Shistéamaigh agus na dTaighdeoirí Grinnfhiosraithe.

Mar ullmhúchán do 2024, chuir An Coimisiún tús le Creat Comhlíontachta a fhorbairt. Leagtar amach sa Chreat cur chuige An Choimisiúin maidir le cosc, maoirseacht, imscrúdú agus forfheidhmiú. Faightear sa Chreat leis na próisis agus na gníomhaíochtaí chun freagrachtaí agus cumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmithe a chomhlíonadh a bhaineann leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, agus Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne.

In 2024, leanfaimid orainn ag cur lenár bhfoirne agus lenár saineolas agus muid ag dul i mbun caidrimh le soláthraithe ardáin ar líne agus soláthraithe seirbhísí idirghabhála atá bunaithe in Éirinn. Cuirfidh an obair seo ar ár gcumas ár gcreat riosca agus comhlíontachta a bheachtú chun freastal ar shábháilteacht daoine in Éirinn agus san AE ar bhealach níos fearr.

## Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne a Rialú

Leis an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR) soláthraítear cumhachtaí nua do Bhallstáit an AE lena chinntiú go dtabharfaidh ardáin ar líne aghaidh ar ábhar sceimhlitheoireachta ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí.

Ní mór do gach Ballstát den AE údaráis inniúla a cheapadh chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú. Leis na cumhachtaí sin, beifear in ann sainorduithe a eisiúint go gcaithfidh ardáin ábhar sceimhlitheoireachta a thógáil anuas laistigh d'uair an chloig, is orduithe nach mór d'ardáin aghaidh a thabhairt orthu laistigh d'uair amháin an chloig agus beifear in ann freisin deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh ardáin bearta sonracha má bhíonn siad gan chosaint ar ábhar sceimhlitheoireachta, amhail gnéithe nua a chur chun feidhme. Tá cosaintí in TCOR freisin lena chinntiú go dtugann ardáin aghaidh ar ábhar sceimhlitheoireachta ar bhealach atá trédhearcach cruinn agus comhréireach.

Ghlac an Rialtas reachtaíocht inar ceapadh an Garda Síochána go foirmiúil le bheith mar an údarás inniúil in Éirinn chun orduithe a eisiúint go dtógfaí ábhar sceimhlitheoireachta anuas ar an 31 Bealtaine 2023. Ina theannta sin, ceapadh Coimisiún na Meán mar an údarás inniúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le cathain a bhíonn ardáin neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta an 9 Samhain 2023.

Chuaigh An Coimisiún i dteagmháil le roinnt páirtithe leasmhara i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear an Garda Síochána, Europol, an Roinn Dlí agus Cirt agus údaráis inniúla i mBallstáit eile den AE chun tuairimí a mhalartú maidir leis an gcaoi le TCOR a chur chun feidhme, agus tá na pleananna chun TCOR a oibríochtú in 2024 beagnach i gcrích.

# Craoltóireacht agus Físeán ar Éileamh

## Meáin na Seirbhíse Poiblí

Mar a fhoráiltear sna hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, tá roinnt freagrachtaí ar an gCoimisiún maidir le Meáin na Seirbhíse Poiblí (PSM) agus craoltóirí ábhartha. Cuimsítear leis sin measúnú ar RTÉ agus TG4, an maoiniú a thugtar dóibh agus a n-oibríochtaí chun cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh mar a shainítear sa reachtaíocht.

Áirítear leis na forálacha reachtúla measúnú ar Ráitis Bhliantúla na nGealltanas Feidhmíochta (ASPC) faoi alt 102(3) den Acht, Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí (ARPPF) a dhéanamh, alt 124(2)(5), Athbhreithnithe Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí (5YRPF) a éascú don PSM a leagtar amach in alt 124(8), agus Measúnaithe Tionchair san Earnáil (ailt 100 agus 103) agus Measúnuithe Comhfhiontair (Alt 104) a chríochnú, nuair a iarrann an tAire é.

### Athbhreithnithe Reachtúla

I bhfianaise na n-athruthe ar shaol na meán seirbhíse poiblí sa tréimhse a bhaineann leis an tuarascáil seo, cuireadh roinnt obair reachtúil siar go 2024.

#### Athbhreithniú Bliantúil 2022 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí TG4

Cuireadh críoch ag deireadh na bliana 2023 leis an bpróiseas maidir le hAthbhreithniú Bliantúil 2022 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí (ARPPF) TG4. D'eisigh An Coimisiún comhfhreagras foirmiúil inar léiríodh toradh an athbhreithnithe, agus luadh an tráth céanna go raibh athbhreithniú cuimsitheach beartaithe ar staid reatha úsáid na Gaeilge laistigh d'earnáil na meán ar bhonn níos leithne. San athbhreithniú sin dírítear ar ghníomhartha chun feabhas a chur ar cháilíocht agus éagsúlacht na meán Gaeilge.

Faoi mar a bhí sna blianta roimhe seo, cuimsítear san athbhreithniú measúnú ar leibhéal comhlíontacha an chraoltóra ina chuid gealltanas a rinneadh sa tréimhse ábhartha ag féachaint dá chuspóirí seirbhíse poiblí, agus leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí nó a mhalairt lena chur ar a chumas don chorparáid freastal ar a chuspóirí seirbhíse poiblí. Rinne Communication Chambers measúnú ar fheidhmíocht TG4, arna stiúradh ag an gCoimisiún, agus cuimsíodh cúig réimse théamacha ann: Lucht Féachana: Tionchar agus Cumhacht, Ábhar: Ardchaighdeán agus Suaithinseach, Trédhearcacht agus Éifeachtúlacht, Iontaofacht agus Dea-Rialachas, Cur Chun Cinn agus Forbairt na Gaeilge.

Áiríodh ar na conclúidí agus na moltaí:

- Bhain TG4 a chuid spriocanna agus oibleagáidí amach ar an mórgóir mar a leagtar amach ina ráiteas bliantúil ar ghealltanais feidhmíochta.
- Tháinig fás ar sciar TG4 den lucht féachana líneach, chomh maith le fás láidir in aghaidh fhormhór na méadrachta digití.

- Fuair TG4 méadú €7.3m i mBuiséad 2023 (roimh an tuarascáil deiridh ó Choimisiún na Meán), agus €3.3m leithdháilte go sonrach chun an tseirbhís Cúla4 a chur ar bun.
- Leis sin, tugadh maoiniú poiblí iomlán TG4, mar atá faoi láthair, suas go €52.33m.
    - Leis an deontas €100,000 New Age, New Approach a bronnadh ar TG4 chun an Ghaeilge a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann, reáchtáil an craoltóir feachtas Físeáin Ar Éileamh, raidió, taobh amuigh agus cló idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2022.
    - Thacaigh An Coimisiún leis na torthaí ón athbhreithniú agus d'eisigh comhfhreagras foirmiúil don Aire inar léiríodh an chomhairle sin, agus inar luadh a ghealltanas maidir le hathbhreithniú cuimsitheach ar staid reatha úsáid na Gaeilge laistigh d'earnáil na meán ar bhonn níos leithne. San athbhreithniú sin dírítear ar ghníomhartha chun feabhas a chur ar cháilíocht agus éagsúlacht na meán Gaeilge.

### Athbhreithniú Bliantúil 2022 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí RTÉ agus Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí

Cuireadh stop le moltaí breise bunaithe ar próiseas ARPPF 2022 le haghaidh RTÉ in 2023, go dtí go mbeadh teacht ar thuairiscí seachtracha breise in 2023/2024 (toisc go mbaineann siad le rialachas agus cultúr). Cuireadh an tAthbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí siar go dtí 2024 freisin, chun tuilleadh soiléireachta a cheadú sa mheasúnú agus san athbhreithniú. Leagtar amach amlíne thíos le haghaidh na bhforálacha reachtúla sin mar aon le forbairt creata bhreise maidir leis na Meáin Seirbhíse Poiblí (PSM) agus todhchaí na bpleananna oibre um maoiniú.

## Todhchaí Bheartas agus Mhaoirseacht na Meán Seirbhíse

In 2024, le tuilleadh forbartha ar Phlean Oibre na Meán Seirbhíse Poiblí (PSM) ionchorpraítear tacaíocht ó Stiúrthóir nua na Meán Seirbhíse Poiblí agus bunú Chreata na Meán Seirbhíse Poiblí agus Grúpa Oibre agus Plean Tionscadail um Athchóiriú Reachtaíochta.

### Creat na Meán Seirbhíse Poiblí agus Athchóiriú Reachtaíochta

Leis an tionscadal seo, spreagfar éabhlóid fheidhmeanna maoirseachta An Choimisiúin agus féachfar le hathchóiriú cuí a chinntiú maidir le maoiniú poiblí agus forálacha Chuid 7 de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022. Áirítear ar na spriocanna samhail mhaoinithe nua a bhunú, táscairí feidhmíochta agus méadracht nuashonraithe le haghaidh craoltóirí PSM laistigh de dhomhan dinimicúil na meán agus earnáil phoiblí chraolacháin agus meán a bhunú a bheidh ailínithe ar bhealach níos oiriúnaí leis an tsochaí agus leis na riachtanais atá aici.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí

Leis na próisis um Athbhreithniú Bliantúil le haghaidh 2023, leanfar de chur i gcrích phróiseas RTÉ 2022 a ionchorprú.

### Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí

Le hathbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí déanfar measúnú freisin ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí ó bhí 2018 ann, agus comhdhlúthófar an léargas atá ann ar an suaitheadh leanúnach laistigh d'earnáil na meán ar bhonn níos leithne. Áireofar leis an tionscadal sin freisin athbhreithniú reachtúil An Choimisiúin ar threoirlínte an Chóid Cleachtais Cóirthrádála agus measúnú ar Alt 116 de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022 mar a bhaineann sé le hoibriú Chuntas Léiriúcháin Neamhspleách RTÉ (mar a mholtar laistigh de Thuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Meán).

### Feiceálacht

Comhairliúchán agus taighde ar thosach Alt 128(a) de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022 mar a bhaineann sé le "hinfhaighteacht agus feiceálacht chláir agus sheirbhísí na seirbhíse poiblí". Tá ról éabhlóideach ag Coimisiún na Meán maidir le hardáin a ainmniú a ionchorpraítear laistigh den fhoráil seo, lena n-áirítear bunú Cód agus Rialacha agus nós imeachta chun díospóidí a láimhseáil.

### Rialú eagarthóireachta do TG4 ar a chuid seirbhísí nua

Gheall An Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtabharfaí rialú eagarthóireachta neamhspleách do TG4 ar Nuacht TG4 agus tuarascáil a ullmhú lena breithniú ag an Aire. Cuireadh tús leis an obair sin i Ráithe 4 de 2023. Tá sí fós ar siúl, agus tá coinne leis go dtabharfar chun críche i Ráithe 2 2024 í.

# Éagsúlachtaí Ceadúnaithe agus Conartha

In 2023, bhain chuid maith d'obair An Choimisiúin le gníomhaíochtaí ceadúnaithe raidió agus teilifíse arís. I gcomhréir leis an reachtaíocht, ghlac An Coimisiún cur chuige agus an aidhm aige ceadúnú a chinntiú i dtreo is go mbeadh éagsúlacht agus iolracht seirbhísí a thugann fíorléargas ar mhuintir na hÉireann, lena n-áirítear a dteangacha, a dtraidisiúin, agus a n-éagsúlacht reiligiúnach agus chultúrtha.

## Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe Raidió Tráchtála

In 2023, lean An Coimisiún de Phlean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála a chur chun feidhme, plean arna thionscnamh ag Údarás Craolacháin na hÉireann in 2022. Bhain an plean seo le ceithre cinn déag de stáisiúin raidió tráchtála áitiúla a athcheadúnú, toisc gur stáisiúin iad a raibh a gconarthaí craoltóireachta fuaime le dul in éag in 2023 nó go luath in 2024. I gcomhréir leis na forálacha reachtacha, ghair Údarás Craolacháin na hÉireann an nós imeachta mear chun gach ceann de na seirbhísí sin a athcheadúnú.Faoin 31 Nollaig 2023, bhí conarthaí nua craolacháin fuaime déanta ag an gCoimisiún le cúig sheirbhís raidió formáide leithne áitiúla: Galway Bay FM, LMFM, Midwest Radio, WLR FM agus Clare FM. Cuireadh tús le caibidlíocht chonartha le haghaidh dhá sheirbhís bhreise.

Tá na sonraí a bhaineann leis an bPlean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála leagtha amach sa tábla thíos.

| Réimse Saincheadúnais | An Cineál Seirbhíse | An Conraitheoir Reatha | Ainm an Stáisiúin |
|---|---|---|---|
| Contae Mhaigh Eo | Formáid Leathan Áitiúil | County Mayo Radio Ltd | Midwest Radio |
| Contae na Gaillimhe | Formáid Leathan Áitiúil | Western Community Broadcasting Services Ltd | Galway Bay FM |
| An Lú agus An Mhí | Formáid Leathan Áitiúil | The Independent Broadcasting Corporation Ltd | LMFM |
| Cathair agus Contae Phort Láirge | Formáid Leathan Áitiúil. | South East Broadcasting Company Ltd. | WLR FM |
| Contae an Chláir | Formáid Leathan Áitiúil | Clare Community Radio Holdings Plc | Clare FM |
| Contae Loch Garman | Formáid Leathan Áitiúil | SERB Radio Ltd | South East Radio |
| An Cabhán agus Muineachán | Formáid Leathan Áitiúil | Midland Radio Group Ltd | Northern Sound |
| An Longfort, Ros Comáin agus Liatroim Theas | Formáid Leathan Áitiúil | Midland Radio Group Ltd | Shannonside |
| Contae Chill Mhantáin | Formáid Leathan Áitiúil | East Cost Radio Ltd | East Coast FM |
| Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath | Ceol dírithe ar dhaoine óga (15-34 bliain d'aois) | Capital Radio Productions Ltd | FM104 |
| Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath | Ceol dírithe (25-44 bliain d'aois) | Bauer Audio Ireland Limited, comhpháirtí ginearálta le Bauer Media Audio Ireland LP | 98FM |
| Contae Thiobraid Árann | Formáid Leathan Áitiúil | County Tipperary Radio Ltd | Tipp FM |
| Cathair agus Contae Chorcaí | Seirbhís dírithe ar cheol do dhaoine óga (15-34 bliain d'aois) | Siteridge Limited | Red FM |
| Contae Chill Dara | Formáid Leathan Áitiúil | County Kildare FM Radio Ltd | KFM |



*Coimisinéirí, foireann an Choimisiúin, agus ionadaithe Clare FM ag síniú a gConartha Craolacháin Fuaime i 2023.*



*Coimisinéirí, foireann an Choimisiúin, agus ionadaithe MidWest FM ag síniú a gConartha Craolacháin Fuaime i 2023.*

## Teilifís (Virgin Media)

I mí an Mhárta 2023, go luath sular díscaoileadh é, dhámh Údarás Craolacháin na hÉireann conradh i bprionsabal ar Virgin Media Television Limited chun Seirbhís Clár Teilifíse náisiúnta saorchraolta a chur ar fáil faoi Alt 71 de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022. Chuaigh An Coimisiún i mbun caibidlíocht chonartha ina dhiaidh sin le Virgin Media Television Limited, agus shínigh sé conradh nua 10 mbliana leis an gcraoltóir i mí Iúil 2023 chun na cainéil náisiúnta saorchraolta Virgin Media One agus Virgin Media Two a fheidhmiú.

## Éagsúlachtaí Conartha

Mar chuid dá ghníomhaíochtaí oibríochta, lean An Coimisiún de bhreithniú a dhéanamh ar iarrataí ar éagsúlacht conartha ó chraoltóirí in 2023. Baineann na hiarrataí sin go ginearálta le hathruithe atá beartaithe maidir le húinéireacht agus eolas bainistíochta, nó maidir le gealltanais chlársceidealúcháin atá leagtha amach i gconradh craoltóra. Déantar na hathruithe atá beartaithe a bhreithniú ag féachaint do ghealltanais chonarthacha reatha an chraoltóra agus beartais ábhartha. Bhain iarraidh shuntasach a breithníodh le linn na bliana le héadáil iRadio ag Bauer Media Group. Breithníodh éadáil bheartaithe iRadio ag féachaint don Bheartas Úinéireachta agus Rialaithe, agus d’aontaigh An Coimisiún an éadáil a cheadú faoi réir na gceaduithe rialála riachtanacha eile uile.

## Seirbhísí Raidió Sealadacha agus Institiúideacha

Sa bhreis ar Alt 68 de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, féadfaidh An Coimisiún conarthaí a dhéanamh le hiarratasóirí chun seirbhísí craoltóireachta fuaime sealadacha a sholáthar a oibríonn ar feadh tréimhse ghearr. Is iad an dá phríomhchineál seirbhísí craoltóireachta fuaime sealadacha a chuirtear ar fáil ná: 1) iad siúd a oibríonn seirbhís raidió shealadach rialta ar feadh tréimhse suas le 30 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí, agus 2) iad siúd a oibríonn seirbhís raidió pobail go sealadach ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse suas le 100 lá i dtréimhse 12 mhí.

In 2023 rinne Coimisiún na Meán 12 chonradh shealadacha a bhain le craoltóireacht fuaime. Bhain ceithre cinn díobh sin le grúpaí pobail píolótacha a bhí bunaithe, amhail Finn Valley FM agus Scariff Bay Community Radio, ach bhain ocht gcinn díobh le seirbhísí a bhí bunaithe nó le seirbhísí nua de 30 lá nó níos lú. Ar shamplaí díobh sin tá Raidió Rí-Rá agus Pride Vibes.

Chuir An Coimisiún síneadh freisin leis na conarthaí do sheirbhísí institiúideacha ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí agus Cumann Rugbaí na hÉireann chun go bhféadfaí iarratais agus cinntí a dhéanamh ar chonarthaí institiúideacha nua a mhairfeadh ar feadh 10 mbliana.

## Conarthaí Soláthair Ábhair

De bhun alt 71 de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, tá an chumhacht ag Coimisiún na Meán conradh soláthair ábhair a dhéanamh le hiarratasóirí ar mian leo bunábhar clár a chur i dtoll a chéile ar mhaithe lena chur san áireamh mar chuid d’ilphléacs, nó chun é a tharchur mar sheirbhís craoltóireachta sa Stát.

Le linn thréimhse na tuarascála seo, fuair Coimisiún na Meán iarratais ar dhá sheirbhís, a ndearnadh measúnú orthu agus ar dámhadh conarthaí orthu i bprionsabal, agus tá an chaibidlíocht chonartha beagnach i gcrích anois. Clúdaíonn na seirbhísí atá i gceist réimse leathan craoltóireachta spóirt go príomha.

# Clárúchán Físeán ar Éileamh

## Cúlra agus Comhthéacs

De bharr na nAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, bhí oibleagáid ar Choimisiún na Meán Clár Soláthraithe Seirbhíse Meán a bhunú agus a choinneáil ar bun le haghaidh na soláthraithe atá faoi dhlínse Stát na hÉireann agus a chuireann seirbhísí closamhairc ar éileamh ar fáil amhail na seirbhísí siúd a shainmhínítear sna hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022. D'fhoilsigh An Coimisiún a chéad leagan de Rialacha agus Treoirlínte ar an 4 Bealtaine 2023.

Cheadaigh na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022 idirthréimhse fhada i dtreo is go meadh deis ag soláthraithe seirbhíse na meán teacht ar an eolas faoi na ceanglais reachtúla maidir le fógra a thabhairt agus ina dhiaidh sin go mbeadh ar chumas sholáthraithe seirbhíse na meán, atá faoi réir ag clárúchán, na fógraí riachtanacha a thabhairt don Choimisiún.

## Caidreamh agus Fógra a Thabhairt

Ó mhí an Mhárta go mí na Nollag 2023, bhí caidreamh leanúnach agus dearfach ann idir baill foirne agus soláthraithe seirbhíse na meán i ndáil leis na ceanglais nua maidir le fógra a thabhairt agus trasuí na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD).

I measc na bpríomh-réamhtheachtaithe le haghaidh clárúcháin, tá na cúrsaí a shonraítear laistigh den sainmhíniú reachtúil ar sheirbhís meán closamhairc ar éileamh, lena n-áirítear príomhchuspóir na seirbhíse, catalóg(a) d'ábhar closamhairc ar éileamh, freagracht eagarthóireachta agus coinníollacha dlínsiúla lena gcinntear na seirbhísí atá faoin raon feidhme. Chuir an caidreamh sin le soláthraithe seirbhíse na meán bonn eolais faoi chur chuige beartais An Choimisiúin i leith clárúcháin agus Treoirlínte nuashonraithe a fhoilseofar in 2024.

In 2023, thug baill foirne faoi thaighde agus chuaigh siad i gcomhairle go forleathan le rialálaithe meán eile, le saineolaithe ón bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc, ó Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA) agus ó Ardán Eorpach na nÚdarás Rialála (EPRA) chun athbhreithniú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige i leith clárúcháin agus rialúcháin a ghlactar i ndlínsí eile agus foghlaim ó na cineálacha cur chuige sin.

## An Clár

Ó chuaigh an idirthréimhse in éag, tá An Coimisiún faoi réir ag dualgas reachtúil anois Clár Soláthraithe Seirbhíse na Meán ("Clár") atá faoi réir clárúcháin a fhoilsiú agus a choinneáil ar bun. Fuair 16 soláthraí fógraí reachtúla, lenar cuimsíodh 25 seirbhís closamhairc ar éileamh. D'fhoilsigh An Coimisiún a chéad Chlár de Sholáthraithe Seirbhíse na Meán ar an 30 Samhain 2023.

Tá réimse leathan soláthraithe seirbhíse agus seirbhísí Físeán ar Éileamh ar an gclár, ó bhrandaí so-aitheanta de chuid Ardáin An-Mhór ar Líne (VLOPanna), seinnteoirí meán agus seirbhísí athdheise de chuid craoltóirí tráchtála agus seirbhíse poiblí, soláthraithe spórt ar éileamh,

go tairiscintí Físeán ar Éileamh ó phictiúrlanna sainealaíne, agus cuimsítear leis an ábhar a thairgtear réimse seánraí lena n-áirítear scannáin, sraitheanna teilifíse, spórt, míreanna gearra nuachta, agus ábhar oideachais. Mar threoir ghinearálta, is féidir a bheith ag súil leis go dtiocfaidh na cineálacha seirbhísí seo a leanas faoi raon feidhme na sainmhínithe reachtúla go ginearálta agus áirítear ar an gClár reatha iad:

- Seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá bunaithe ar shíntiús ina bhfuil ábhar dílsithe agus/nó tríú páirtí.
- Seirbhísí atá bunaithe ar idirbhearta a chuireann cláir ar fáil lena sruthú agus/nó lena n-íoslódáil ar bhonn aonair/cuaiche.
- Seirbhísí comhbhailithe inar féidir réimse seirbhísí closamhairc ar éileamh a ionchorprú trí chomhéadan úsáideora, suíomh gréasáin, aip nó ardán aonair.
- Seinnteoirí meán' arb iondúil go mbaineann siad le craoltóirí a chuireann seirbhís athdheise ar fáil le haghaidh ábhar a craoladh cheana féin, agus/nó ábhar nach bhfuil ar fáil ach ar an seinnteoir, agus/nó boscraí etc.

## Na Céimeanna atá Romhainn

Tá oibleagáid reachtúil leanúnach ar an gCoimisiún deimhin a dhéanamh de go bhfuil an Clár cothrom le dáta agus cruinn. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún mar sin deimhin a dhéanamh de go gcuirtear sa Chlár seirbhísí uile na meán closamhairc atá faoi réir ag clárúchán. Féadfar athruithe agus leasuithe a dhéanamh ar an gClár ar bhonn leanúnach. Is cosúil go gcuirfear tuilleadh iontrálacha sa Chlár tar éis don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar na fógraí a fuarthas tar éis an 29 Nollaig 2023, agus tar éis dó a thuilleadh eolais a fháil maidir le seirbhísí reatha na meán closamhairc ar éileamh.

In 2024, leanfaidh An Coimisiún de bheith ag plé go dearfach le soláthraithe seirbhíse na meán laistigh den raon feidhme, lena n-áirítear 'soláthraithe seirbhíse na meán ábhartha' mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022. I measc na seirbhísí sin tá codanna indealaithe de shuíomhanna idirlín/aipeanna nuachta agus cúrsaí reatha a chuireann catalóg d'ábhar closamhairc ar éileamh ar fáil nó seirbhísí eile a chuireann ábhar ar fáil (lena n-áirítear cláir, físeáin fuaime agus chlosamhairc) arb é rud atá iontu den chuid is mó ná nuacht agus tráchtaireacht ar chúrsaí reatha.

Faoi na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, tá soláthraithe cláraithe faoi réir ag dualgais shonracha, cóid agus rialacha, nósanna imeachta um ghearáin, cuótaí Oibreacha Eorpacha agus oibleagáidí feiceálachta, agus beidh siad mar chuid de chreat comhlíontachta lena gcinnteofar eispéireas ar líne agus ar na meáin a bheidh rathúil, éagsúil agus sábháilte.

## Gearáin

Tá sé de cheart ag baill an phobail gearán a dhéanamh má chreideann siad go bhfaca siad, nó gur chuala siad, rud a craoladh nó a cuireadh ar fáil ar sheirbhís closamhairc ar éileamh ("Físeán ar Éileamh") nach bhfuil i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach i reacht (Cuid 3B de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022) agus/nó i gcóid nó rialacha sheirbhís na meán. Baineann na caighdeáin sin le nithe mar seo a leanas:

- Díobháil, masla, gríosú, agus údarás an Stáit
- Cúngach míréasúnta ar phríobháideachas duine
- Cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha; agus
- Toirmisc ar fhógraíocht agus teorainneacha ama

Foráiltear an ceart chun gearán a dhéanamh in alt 48(1) de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022. Le tosach Acht 2022 i mí an Mhárta 2023, tháinig athruithe móra atá bainteach leis an gceart chun gearán a dhéanamh. Áirítear an méid seo a leanas leis na hathruithe sin:

- próiseas nua láimhseála gearán a thabhairt isteach a bheidh nasctha le cumhachtaí reachtúla imscrúdúcháin Choimisiún na Meán;
- soláthraithe seirbhíse Físeán ar Éileamh a thabhairt laistigh den chreat láimhseála gearán céanna agus atá i gcás craoltóirí;
- síneadh a chur leis an réimse ábhar ar féidir gearán a dhéanamh mar gheall lena n-áirítear nithe mar seo a leanas: soláthar seirbhíse rochtana (fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus tráchtaireacht fuaime), teorainneacha ama fógraíochta agus leibhéil íosta de mhíreanna nuachta agus cúrsaí reatha; agus
- foráil a dhéanamh maidir le próiseas idirthréimhseach chun gearáin a láimhseáil d'aon ghearán a rinneadh ach nár réitíodh, nár thángthas ar aon chomhaontú ina leith nó nár aistarraingíodh faoin dáta tosaigh.

Sa chéad áit, dhírigh Coimisiún na Meán ar ghearáin a bhí le láimhseáil i 'bpróiseas idirthréimhseach láimhseála gearán'. D'ullmhaigh agus d'fhoilsigh An Coimisiún Treoir chuig an bPróiseas maidir le Gearáin Idirthréimhseacha i mí Bealtaine 2023, ina ndearnadh cur síos ar na nósanna imeachta a d'úsáidfí chun na 'gearáin idirthréimhseacha' a láimhseáil. Rinne An Coimisiún na gearáin sin a mheas agus rinne sé cinneadh ina leith ansin agus d'fhoilsigh a chinntí ar a shuíomh gréasáin. Rinneadh cinneadh maidir le 23 gearán san iomlán. Dearbhaíodh 2 cheann díobh (go hiomlán nó go páirteach) agus diúltaíodh do 21 ceann.

Bhain tromlach na ngearán (67%) le cláir nuachta agus cúrsaí reatha agus fuarthas faoin gCód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha iad. Níor dearbhaíodh aon cheann de na gearáin sin. An dá ghearán a dearbhaíodh, ba in aghaidh Chód na gCaighdeán Clár agus Chód Ginearálta na Cumarsáide Tráchtála iad.

| Cód | Faighte | Dearbhaithe | Diúltaithe |
|---|---|---|---|
| An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta | 14 | 0 | 14 |
| Cód na gCaighdeán Clár | 4 | 1 | 3 |
| An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta agus Cód na gCaighdeán Clár | 3 | 0 | 3 |
| Cód Ginearálta na Cumarsáide Tráchtála | 2 | 1 | 1 |
| Cód Chumarsáid Tráchtála na bPáistí | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **23** | **2** | **21** |

Bhain dhá thrian de na gearáin a fuarthas le craoltaí raidió agus trian amháin le craoltaí teilifíse. Rinneadh beagnach dhá thrian de na gearáin uile in aghaidh craoltóirí seirbhíse poiblí (65%), agus níor dearbhaíodh ach dhá ghearán, ceann amháin in aghaidh RTÉ One agus an ceann eile in aghaidh TG4.

| Cineál Craoltóra | Faighte | Dearbhaithe | Diúltaithe |
|---|---|---|---|
| Raidió | 14 | 0 | 14 |
| Teilifís | 9 | 2 | 7 |
| **Iomlán** | **23** | **2** | **21** |

| Seirbhís Craolacháin | Faighte | Dearbhaithe | Diúltaithe |
|---|---|---|---|
| KCLR 96FM | 1 | 0 | 1 |
| LMFM | 5 | 0 | 5 |
| Newstalk 106-108FM | 2 | 0 | 2 |
| RTÉ 2FM | 1 | 0 | 1 |
| RTÉ One | 7 | 1 | 6 |
| RTÉ Radio 1 | 5 | 0 | 5 |
| TG4 | 2 | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **23** | **2** | **21** |

Anuas ar ghearáin 'idirthréimhseacha' a láimhseáil, bhí An Coimisiún ag ullmhú próiseas chun gearáin a láimhseáil agus ag beartú chun lárionaid teagmhála nua a bhunú i mí Feabhra 2024 chun fiosruithe a láimhseáil agus gearáin a thaifeadadh. Thaifead An Coimisiún 46 gearán in 2023 a láimhseálfar i gcomhréir le próiseas nua chun gearáin a láimhseáil a bhí le cur i bhfeidhm sa dara Ráithe de 2024.

## Rialacha Rochtana a Chomhlíonadh

Tá sé mar aidhm ag Coimisiún na Meán sna Rialacha Rochtana dá chuid cur leis an tuiscint agus an taitneamh a bhaineann daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus daoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu as cláir theilifíse. Leagtar amach sna Rialacha spriocanna céatadáin agus caighdeáin cháilíochta le haghaidh craoltóirí maidir le seirbhísí rochtana a chur ar fáil (fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus tráchtaireacht fuaime). Ceanglaítear ar chraoltóirí sna Rialacha freisin dul i dteagmháil le húsáideoirí seirbhíse rochtana agus tuairisc a thabhairt go tréimhsiúil don Choimisiún maidir le comhlíonadh na Rialacha.

Baineann na Rialacha Rochtana leo seo a leanas:

- craoltóirí seirbhíse poiblí - RTÉ (RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ One +1, RTÉjr agus RTÉ News), TG4 agus Teilifís an Oireachtais
- seirbhísí teilifíse tráchtála - Virgin Media (Virgin Media One, Virgin Media Two agus Virgin Media Three); agus
- seirbhísí teilifíse pobail - Cork Community Television Limited ("CCTV") agus Dublin Community Television Society Limited ("DCTV").

An bhliain roimhe sin, rinne An Coimisiún monatóireacht ar na hiarrachtaí a bhí déanta ag craoltóirí chun na Rialacha Rochtana a chomhlíonadh, agus cruinnithe bliantúla le gach ceann de na craoltóirí mar chuid den mhonatóireacht sin. Ar an mórgóir, is amhlaidh a chomhlíon na craoltóirí na spriocleibhéil maidir le soláthar seirbhíse rochtana agus maidir le seirbhísí rochtana agus caidreamh le húsáideoirí seirbhíse rochtana a chur chun cinn. Mar sin féin, tugadh faoi deara i dtuarascáil An Choimisiúin ar chomhlíontacht gurbh ann do dheacracht leanúnach i dtaobh chaighdeán an fhotheidealaithe, go háirithe ar chláir bheo. Maidir le comhlíonadh na Rialacha Rochtana in 2024, díreofar ar chaighdeán an fhotheidealaithe.

# Forbairt na Meán

## An Ciste Craolacháin

Feidhmíonn an Ciste Craolacháin mar uirlis ríthábhachtach chun roinnt spriocanna straitéiseacha tábhachtacha de chuid Choimisiún na Meán a chur chun cinn. A bhuí leis an gciste sin, is féidir le lucht féachana in Éirinn teacht ar réimse níos leithne ná riamh d'ábhair fuaime agus ábhair chlosamhairc i nGaeilge. Mar sin, ní hamháin go gcuirtear le cruthaitheacht agus nuálaíocht, ach cothaítear níos mó inbhuanaitheachta chomh maith laistigh de na hearnálacha craoltóireachta agus léiriúcháin neamhspleách. Thairis sin, cuireann an maoiniú a thagann ón gciste le gnóthú na gcuspóirí inscne, comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta ar bhonn gníomhach. Cinntíonn a leithéid go léirítear tuairimí ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear mná agus grúpaí mionlaigh, agus go dtacaítear leo sa tionscal.

Bainistíonn Coimisiún na Meán riaradh dhá scéim maoinithe ar mhaithe le hábhar agus cláir a chraoladh faoin gCiste Craolacháin de bhun na nAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022. Tagann 7% d'ioncam an chiste seo as glan-admhálacha bliantúla ó tháillí ceadúnais teilifíse.

Forbraíodh agus feidhmíodh dhá Scéim go dtí seo:

1. An Scéim Cartlainne
2. Fuaim agus Fís

### An Scéim Cartlainne

Cuireann an Scéim Maoinithe d'Ábhar Clár a Chartlannú (An Scéim Cartlainne) tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun cultúr cartlainne a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann, a chuirfidh le caomhnú oidhreacht chraolacháin na hÉireann. Cumhdaítear sa scéim bunábhar clár agus fógraí a chraoltar go hiomlán nó go páirteach nó a thaifeadtar le haghaidh craolacháin ar an raidió agus/nó ar an teilifís.

Tháinig athbhreithniú reachtach ar an dara leagan den Scéim Cartlainne (Scéim Cartlannaithe 2) chun críche in 2022 ina ndearnadh measúnú ar oibríocht, éifeachtacht agus tionchar na scéime. Chuir torthaí agus moltaí an athbhreithnithe sin bonn eolais ar fáil do Choimisiún na Meán agus an chéad Scéime Cartlainne eile (Scéim Cartlannaithe 3) á forbairt aige. Cuireadh í sin faoi bhráid an Aire lena breithniú.

In 2023, agus maoiniú á fháil ón Scéim Cartlainne, chuir Cartlann RTÉ bailiúchán de thaifeadtaí fuaime ar fáil don phobal a bhíodh á gcoinneáil ar théipeanna aicéatáite go dtí sin. Rinneadh na taifeadtaí sin idir deireadh na 1930idí agus tús na 1970idí. Ina measc tá maisíochtaí fuaime, léirithe, agallaimh agus tuarascálacha a cruthaíodh a bhí le húsáid i léiriú clár. Tá roinnt craoltaí nuachta chomh maith le cláir iomlána ann freisin.

Baineadh úsáid as an mbailiúchán chun cláir ar Radio Éireann a léiriú agus a thaifeadadh. Tá an bailiúchán seo ar an bhformáid taifeadta fuaime is luaithe atá i seilbh Chartlann RTÉ, agus úsáideadh na dioscaí chun ábhar a thaifeadadh agus a chraoladh sular tugadh isteach an téip mhaighnéadach. Bhí próiseas taifeadta na ndioscaí sin oiriúnach chun fuaim a ghabháil ar an láthair agus i stiúideo freisin. B'iondúil go mbíodh na dioscaí déanta as alúmanam ar a mbíodh brat laicir, agus gearradh an fuaimchomhartha go díreach isteach i gclais ar laicear diosca bháin.

Tá an bailiúchán iomlán ar fáil don phobal.

I measc cuid de bhuaicphointí na dtaifeadtaí tá:

### Oscailt stáisiún raidió Chorcaí 6CK (1927)

Ar an taifeadadh is luaithe ón mbailiúchán tá oscailt stáisiún raidió Chorcaí 6CK ar an 26 Aibreán 1927.

> **"Agus stáisiún Chorcaí á oscailt agam anocht, tá súil agam píosa úrnua de thallann na hÉireann a thabhairt os comhair an tsaoil mhóir."**
> (JJ Walsh, An tAire Poist agus Telegrafa)

ÉIST ANSEO

### Ireland Takes Wing: Foireann Aer Lingus (1957)

Ceann de roinnt taifeadtaí de mhíreanna fuaime ionsáite a rinneadh le haghaidh Ireland Takes Wing, clár faisnéise le Norris Davidson don 21ú bliain de Aer Lingus a bheith ar an bhfód, a craoladh ar an 12 Nollaig 1957. Cuimsítear ann gearrthóga fuaime d'fhoireann Aer Lingus ag seiceáil an bheáir agus soláthairtí eile ar bord.

ÉIST ANSEO

### Maud Gonne Recalls Evictions (1947)

I measc na bhfigiúirí Éireannacha agus idirnáisiúnta atá le feiceáil sna taifeadtaí, tá an náisiúnach agus an gníomhaí polaitíochta, Maud Gonne. Agus í á taifeadadh sa bhliain 1947, cuimhníonn sí go bhfaca sí díshealbhuithe agus í ina bhean óg agus gur ghlac sí páirt i gCogadh na Talún.

> **"Ní raibh fonn orm dul chuig báil ná cóisirí a thuilleadh óir bheadh orm a bheith ag rince agus ag ithe le lucht na ndíshealbhuithe."**

ÉIST ANSEO

### Provincial News Round Up (1957)

Tuairisc nuachta áitiúil lenar ghabh gné idirnáisiúnta ina raibh dídeanaithe ón Ungáir a d'fhág a dtír i ndiaidh Éirí Amach na hUngáire, a threascair na fórsaí Sóivéadacha sa bhliain 1956. Cuireadh cóiríocht ar fáil do na teifigh ag iarchampa airm i gCnoc an Lisín i gContae an Chláir. Is i mí Dheireadh Fómhair 1957 a craoladh an tuairisc seo ó Provincial News Round Up den chéad uair.

ÉIST ANSEO

### Sean McBride ag magadh faoi bhuanna an raidió (Féile Loch Garman 1952)

Tagann buanna an raidió chun cinn i ndíospóireacht éadrom ag Féile Loch Garman 1952 maidir leis na buntáistí a bhaineann le roinnt teicneolaíochtaí don duine. Tá na buntáistí a bhaineann leis an raidió, an t-inneall dócháin inmheánaigh agus an gramafón á bplé agus á gcur i gcomparáid.

Tá Seán MacBride ag magadh go bhfuil siad "tubaisteach" don duine. Deir rannpháirtí eile gur "obair an diabhail" atá sa raidió a "rinne amadáin de dhaoine".

ÉIST ANSEO

## Fuaim agus Fís 4

Le Fuaim agus Fís 4 cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do chraoltóirí agus do chuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha chun ábhar ilghnéitheach agus ábhar cultúrtha a chruthú ar an teilifís agus an raidió. Tá sé mar cheann de phríomhchuspóirí Fhuaim agus Fís 4 go gcuirfí leis an teacht atá ag an lucht féachana in Éirinn agus thar lear a ar chláir Ghaeilge agus ar ábhar suaithinseach cultúrtha agus go mbeadh a leithéid níos feiceálaí. Chuige sin, imríonn an scéim ról ríthábhachtach chun oidhreacht shaibhir theanga agus chultúr na hÉireann a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Ina theannta sin, a bhuí le Fuaim agus Fís 4, cuirtear le fás agus inbhuanaitheacht na n-earnálacha craolacháin agus léiriúcháin neamhspleácha agus acmhainní airgeadais á soláthar chun ábhar closamhairc ar ardchaighdeán a fhorbairt, a léiriú agus a dháileadh. Cothaíonn tacaíocht mar seo cruthaitheacht agus nuálaíocht laistigh den tionscal agus, anuas air sin, tapaíonn sí na deiseanna chun iniúchadh a dhéanamh ar fhormáidí agus teicnící scéalaíochta nua.

Le halt 154(1) de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022 foráiltear go ndéanfaidh An Coimisiún scéim nó scéimeanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le cistí a dheonú chun tacú le gach ceann nó le ceann ar bith de na cineálacha cláir seo a leanas:

**a.** Cláir nua theilifíse nó craolacháin fuaime, lena n-áirítear gnéchláir, cláir bheochana agus drámaíocht ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, ar nós -

- **(i)** Stair (lena n-áirítear stair a bhaineann le réimsí, grúpaí nó gnéithe áirithe d'eispéireas, gníomhaíocht nó tionchar);
- **(ii)** Foirgnimh stairiúla;
- **(iii)** An timpeallacht nádúrtha;
- **(iv)** Oidhreacht dúchais, tuaithe agus teanga;
- **(v)** Na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha;
- **(vi)** An Ghaeilge;
- **(vii)** Eispéireas na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta;

**b.** Cláir nua theilifíse nó craolacháin fuaime chun feabhas a chur ar litearthacht daoine fásta nó litearthacht sna meáin;
**c.** Cláir nua theilifíse nó craolacháin fuaime a mhúsclaíonn feasacht agus tuiscint an phobail ar shaincheisteanna domhanda a mbíonn tionchar acu ar an Stát agus ar thíortha seachas an Stát;
**d.** Cláir faoi mhíreanna (a), (b) agus (c) i nGaeilge agus,
**e.** cibé bearta coimhdeacha is gá chun tacú le scéimeanna a ullmhaítear faoi mhíreanna (a), (b), (c) agus (d) thuas.

Le halt 154(5) den Acht foráiltear go bhféadfaidh an tÚdarás, le linn dó scéim a ullmhú, féachaint do riachtanais forbartha na gcraoltóirí pobail.

Le halt 154(6) den Acht foráiltear go bhféachfaidh an tÚdarás, le linn dó scéim a ullmhú, don tuiscint agus taitneamh a bhaineann daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu as cláir theilifíse faoin scéim

### Gníomhaíocht Fuaim agus Fís 4 (Márta – Nollaig 2023)

D'fhógair Coimisiún na Meán torthaí na gceithre bhabhta maoinithe a oibríodh faoi Fhuaim agus Fís 4 le linn na tréimhse seo.

#### Babhta 47

I mBabhta 47, babhta oscailte, fuarthas 140 iarratas inar lorgaíodh maoiniú beagán le cois €12.8m. As na hiarratais sin, d'éirigh le 96 tionscadal, ar a raibh luach iomlán de thart ar €7.2m. Cuimsíodh maoiniú le haghaidh 67 tionscadal raidió agus 29 tionscadal teilifíse leis an méid sin.

#### Babhta 48

I mBabhta 48, babhta atá chun leasa na sochaí agus atá oscailte do chraoltóirí pobail amháin, cuireadh maoiniú €645,000 ar fáil do 17 gcraoltóir pobail ar fud na tíre chun feabhas a chur ar ábhar agus gníomhaíochtaí leasa shóisialta dá bpobail. Fásfaidh réimse éagsúil as an bpacáiste moltaí seo de léiriúcháin chláir, cúrsaí for-rochtana, agus gníomhaíochtaí oiliúna le haghaidh stáisiúin phobail, grúpaí agus daoine aonair éagsúla san earnáil croalacháin pobail i gcoitinne.



*An Láithreoir Ardal O'Hanlon i radharc ó The Geneva Window – Through A Glass Darkly arna mhaoiniú faoi Bhabhta 47 d'Fhuaim agus Fís.*

## Babhta 49

I mBabhta 49, babhta oscailte, fuarthas 145 iarratas inar lorgaíodh maoiniú beagán le cois €15.9m. As na hiarratais sin, d'éirigh le 57 tionscadal, a raibh luach iomlán de thart ar €6.4m i gceist leo. Cuimsíodh maoiniú le haghaidh 35 tionscadal raidió agus 22 tionscadal teilifíse leis an méid sin.

## Babhta 50

Bhí sprioc ar leith i gceist le Babhta 50 chun tacú leis an earnáil raidió tráchtála neamhspleách agus ceadaíodh maoiniú de €2.4m le haghaidh 29 tionscadal le craoladh ar 32 stáisiún. Bainfidh stáisiúin raidió tráchtála úsáid as an maoiniú sin chun cláir a léiriú ina gclúdófar réimse topaicí a gcuireann a gcuid éisteoirí spéis iontu, arna gcomhaontú i gcomhairle le Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann. Is iad na topaicí ná Litearthacht sna Meáin, Claochlú Digiteach, Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, agus Pobail a Fhorbairt agus Pobail Leasmhara.

Idir €35,000 agus €95,000 a maoiníodh do stáisiúin raidió aonair. Ba í an Teachta Dála Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a chuir an maoiniú ar fáil le haghaidh an bhabhta seo den scéim.

## Babhtaí Amach Anseo

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhógair an Coimisiún na sonraí faoi dhá bhabhta bhreise d'Fhuaim agus Fís 4.

Ba bhabhta 'oscailte' den Scéim a seoladh i mí Dheireadh Fómhair é Babhta 51 agus ba é an 14 Nollaig an dáta deiridh. A bhuí leis an Teachta Dála Catherine Martin, an tAire Turasóireachta,

Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, cuireadh maoiniú breise ar fáil chun tacú le hábhar a léiriú a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht, agus ionchuimsitheacht agus/nó ina léirítear na topaicí céanna, agus fócas ar leith ann ar chomhtháthú agus ar ghuth na bpobal nua in Éirinn. Fuarthas 165 iarratas faoin dáta deiridh. Tá coinne leis go scaoilfear na cinntí i mí an Mhárta 2024. Ina theannta sin, osclófar i mí Eanáir 2024 Babhta 52 den Scéim, babhta chun leasa na sochaí atá dírithe ar chraoltóirí pobail.

### Forléargas ar Mhaoiniú arna Mholadh sa tréimhse seo

| Babhta | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh |
|---|---|---|---|---|
| Babhta 47 - Babhta Oscailte | 140 | €12,839,328.26 | 96 | €7,292,636.00 |
| Babhta 48 - Babhta chun leasa na Sochaí | 17 | €671,558.85 | 17 | €654,262.00 |
| Babhta 49 - Babhta Oscailte | 145 | €15,914,591.61 | 57 | €6,399,847.00 |
| Babhta 50 - Babhta Raidió Tráchtála | 29 | €2,564,610.00 | 29 | €2,428,600.00 |
| **Móriomlán** | **331** | **€ 31,990,088.72** | **199** | **€16,775,345.00** |

| Cineál Iarrthóra | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Craoltóir | 98 | €3,827,133.68 | 65 | €3,404,243.00 | 20% |
| Léiritheoir Neamhspleách | 233 | €28,162,955.04 | 134 | €13,371,102.00 | 80% |
| **Móriomlán** | **331** | **€31,990,088.72** | **199** | **€16,775,345.00** | **100%** |

| Meán | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Raidió | 221 | €5,480,106.46 | 146 | €4,111,721.00 | 25% |
| Teilifís | 110 | €26,509,982.26 | 53 | €12,663,624.00 | 75% |
| **Móriomlán** | **331** | **€31,990,088.72** | **199** | **€16,775,345.00** | **100%** |

| Cineál Craoltóra | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Tráchtáil | 9 | €2,982,050.00 | 7 | €2,353,113.00 | 14% |
| Tráchtáil | 111 | €3,250,568.64 | 84 | €2,890,729.00 | 17% |
| Pobal | 85 | €1,810,117.77 | 39 | €948,664.00 | 6% |
| Craoltóireacht Seirbhíse Poiblí | 115 | €20,084,953.31 | 69 | €10,582,839.00 | 63% |
| Le deimhniú | 11 | €3,862,399.00 | - | - | 0% |
| **Móriomlán** | **331** | **€31,990,088.72** | **199** | **€16,775,345.00** | **100%** |

| Lucht Féachana | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Daoine fásta ar fad | 215 | €18,615,341.79 | 131 | €10,397,421.00 | 62% |
| <15 | 17 | €4,377,494.36 | 12 | €2,959,316.00 | 18% |
| Teaghlach | 65 | €5,684,473.18 | 37 | €2,549,675.00 | 15% |
| 15-34 | 15 | €2,640,024.75 | 6 | €530,256.00 | 3% |
| 35-54 | 19 | €672,754.64 | 13 | €338,677.00 | 2% |
| **Móriomlán** | **331** | **€31,990,088.72** | **199** | **€16,775,345.00** | **100%** |

| Cineál | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Clár Faisnéise | 176 | €12,184,352.92 | 90 | €5,703,071.00 | 34% |
| Drámaíocht | 51 | €8,294,314.09 | 27 | €2,867,523.00 | 17% |
| Forbairt Earnála (Raidió Tráchtála) | 29 | €2,564,610.00 | 29 | €2,428,600.00 | 14% |
| Siamsaíocht | 39 | €4,368,385.64 | 24 | €2,327,950.00 | 14% |

| Cineál | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Beochan | 9 | €2,883,897.47 | 5 | €1,790,364.00 | 11% |
| Oideachas | 10 | €1,022,969.75 | 7 | €1,003,575.00 | 6% |
| Sochar Sóisialta | 17 | €671,558.85 | 17 | €654,262.00 | 4% |
| **Móriomlán** | **331** | **€31,990,088.72** | **199** | **€16,775,345.00** | **100%** |

| Seánra | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Sochaí Chomhaimseartha | 77 | €9,597,235.94 | 33 | €4,353,289.00 | 26% |
| Do Leanaí | 24 | €4,640,698.57 | 19 | €3,485,848.00 | 21% |
| Ealaíona/Cultúr | 76 | €5,504,850.84 | 46 | €2,546,279.00 | 15% |
| Forbairt Earnála (Raidió Tráchtála) | 29 | €2,564,610.00 | 29 | €2,428,600.00 | 14% |
| Stair/Oidhreacht | 87 | €6,182,345.26 | 43 | €1,940,357.00 | 12% |
| Eolaíocht/Dúlra/ Comhshaol | 17 | €2,302,382.26 | 10 | €1,030,149.00 | 6% |
| Sochar Sóisialta | 17 | €671,558.85 | 17 | €654,262.00 | 4% |
| Litearthacht sna Meáin | 3 | €411,407.00 | 1 | €221,561.00 | 1% |
| Litearthacht Aosach | 1 | €115,000.00 | 1 | €115,000.00 | 1% |
| **Móriomlán** | **331** | **€31,990,088.72** | **199** | **€16,775,345.00** | **100%** |

| Teanga an Chláir | Iarratais Faighte | An tSuim a Iarradh | Tionscadail Rathúla | An tSuim a Moladh | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Béarla | 273 | €22,348,378.75 | 166 | €11,338,189.00 | 68% |
| Gaeilge | 23 | €4,088,629.27 | 14 | €2,678,915.00 | 16% |
| Dátheangach | 34 | €5,458,080.70 | 18 | €2,663,241.00 | 16% |
| Dátheangach nó ilteangach (Béarla ann) | 1 | €95,000.00 | 1 | €95,000.00 | 1% |
| **Móriomlán** | **331** | **€31,990,088.72** | **199** | **€16,775,345.00** | **100%** |

**Tionscadail Shuntasacha ar Cuireadh Maoiniú Ar Fáil Dóibh**

- **Báite**:
  Arna léiriú ag Danú Media ar son TG4, tugann an dráma seo an lucht féachana siar go samhradh na bliana 1975, agus Peggy Casey, úinéir an tí tábhairne áitiúil, ag iarraidh a gnó agus a teaghlach a choinneáil le chéile. Nuair a aimsítear corp i loch in aice láimhe, áfach, tá an chuma ar an scéal go bhfuil a dóchas millte. Forbraíodh an clár seo trí scéim Cine4 chun fadscannáin nua a fhorbairt i nGaeilge.

*Radharc ón Dráma Gaeilge Báite arna mhaoiniú faoi Bhabhta 49 d'Fhuaim agus Fís.*





*Dolores Keane ag Carragh Cottage mar atá le feiceáil in Dolores@70 arna mhaoiniú faoi Bhabhta 47 d'Fhuaim agus Fís*

- **Dolores@70:**
  Mar cheiliúradh ar thallann den chéad scoth, an áit as ar tháinig sí, agus iad siúd ar bhain sí leo, sa chlár seo, atá léirithe ag Big Mountain Productions, dírítear ar ghairm bheatha agus saol Dolores Keane trí na hamhráin a sheinneann a muintir agus na haíonna ag Carragh Cottage, maille le hagallaimh orthu siúd a fuair inspioráid ó Dolores agus óna hoidhreacht cheoil.

- **Maddie + Triggs:**
  Arna léiriú ag Turnip and Duck Ltd do RTÉjr, leanann an tsraith bheochana seo eachtraí cailín bhig darb ainm Maddie, a bhfuil lagú amhairc uirthi, agus an cara is fearr léi, an gaidhrín Triggs, agus an saol atá acu i mbaile dathannach Higgledy-Piggledy.




*Íomhá Réamhfhógráin le haghaidh Maddie + Triggs arna mhaoiniú faoi Bhabhta 49 de Fuaim agus Fís.*

- **Borders and Lies:**
  Arna léiriú ag Mind the Gap Films ar son Virgin Media One, díríonn an clár faisnéise seo ar an litearthacht sna meáin agus na hagóidí frith-inimirce in Éirinn agus ar an ról a imríonn na meáin shóisialta. Baintear úsáid as scéalta fíorshaoil agus anailís shaineolach chun breathnú ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le litearthacht sna meáin i ré dhigiteach.



*Radharc ó Spilt Milk ina nglacann Cillian Sullivan páirt Bobby O'Brien agus Danielle Galligan páirt Maura O'Brien, arna mhaoiniú ag Fuaim agus Fís.*

- **Douglas Stories:**
  Arna léiriú ag Cork Community Television, breathnófar sa tsraith faisnéise seo ar sheandaoine i mbruachbhaile Chorcaí agus iad ag insint scéalta a mbeatha sa cheantar ó bhí na 1930idí ann agus an chaoi ar athraigh an saol ó shin i leith.

- **Untold Ireland:**
  Sa tsraith faisnéise seo atá le léiriú ag Newstalk FM agus le craoladh ar an stáisiún céanna, tabharfar guth do na pobail a imeallaítear uaireanta ó áiteanna ar fud na hÉireann, lena n- áirítear baill de phobail imirceacha, an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas agus an pobal LADTIA.

- **Spilt Milk**:
  Arna léiriú ag 925 Productions lena chraoladh ar RTÉ One, leanann an fadscannán drámaíochta seo Bobby, atá aon bhliain déag d'aois, buachaill seanórtha fuinniúil nach smaoiníonn ach ar a bheith ina bhleachtaire mór le rá cosúil lena laoch teilifíse Kojak. Agus é suite i gcomhthéacs an lucht oibre i lárchathair Bhaile Átha Cliath sna 1980í, bíonn Bobby agus a chara Nell ag crá a muintire, a gcairde agus a gcomharsan agus a bhfiontar bleachtaireachta príobháideach féin á chur ar bun acu. Nuair a imíonn Oisín, deartháir Bobby féin, ar iarraidh, áfach, téann scéal seo na soineantachta agus na heachtraíochta isteach i ndomhan diamhair na coiriúlachta agus na handúile.

- **Ransom '79:**
  Arna léiriú ag John Kelleher Media agus le craoladh ar Virgin Media, insítear in Ransom '79 scéal an tuairisceora Éireannaigh Charlie Bird agus a dhiongbháilte a bhí sé scéal deiridh amháin a bhriseadh sula gcuirtear deireadh róluath lena shaol de dheasca galar néarón luadrach. Thug foinsí Charlie coirscéal fírinneach dó, ceann a coinníodh faoi rún ar feadh na mblianta, is é sin iarracht droinge coiriúla leis na milliúin a bhaint de rialtas na hÉireann leis an lámh láidir. Tá glór Charlie imithe leis an ngalar cheana féin, ach trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht, is féidir leis agallaimh a dhéanamh go fóill ag baint úsáid as aip ghutha ar a iPad. Fiú agus a neart ag imeacht i léig, leanann sé air ar thóir an scéil.



*Charlie Bird agus Colin Murphy i radharc ó Ransom'79, arna mhaoiniú faoi Bhabhta 47 d'Fhuaim agus Fís.*




*Póstaer den chlár faisnéise Ransom '79 arna mhaoiniú faoi Bhabhta 47 d'Fhuaim agus Fís.*

- **The Lost Children of Tuam:**
  Arna léiriú ag Element Films ar son RTÉ One, inseofar san fhadscannán seo an scéal faoin gcaoi ar nocht Catherine Corless, staraí amaitéarach, an fhírinne faoi Theach Máithreacha agus Leanaí Thuama agus an chaoi ar spreag a feachtas athruithe in Éirinn agus níos faide i gcéin.

- **Listen to the Land Speak:**
  Arna léiriú ag Crossing the Line Productions, sa tsraith dhá chuid seo ar son RTÉ One tabharfaidh Manchán Magan an lucht féachana ar thuras uathúil timpeall na hÉireann, ina léireofar an t-eolas agus an eagna dhomhain atá le fáil inár dtírdhreach agus na miotais agus na finscéalta a mhúnlaigh ár mothálachtaí.

- **In the Spotlight:**
  Arna léiriú ag Roy Connaughton ar son Athlone Community Radio, leanfaidh an tionscadal seo aistear na gceoltóirí úrnua áitiúla ar gá dóibh teacht ar ais os comhair an phobail ó bhí an phaindéim ann. Is é an buaicphointe a bheidh ann ná léiriú ceoil beo, ina dtabharfar an deis do cheoltóirí agus do bhannaí ceoil lena gcuid scileanna nuafhorbartha a thaispeáint agus taithí a fháil ar an stáitse le linn imeacht beo.

- **Neurosurgery: The Inside Story:**
  Arna léiriú ag Tyrone Productions le craoladh ar Virgin Media One, sa tsraith cheannródaíoch ceithre chuid seo, leanfaimid néara-mháinlianna Ospidéal Beaumont agus a gcomhghleacaithe atá ar thús cadhnaíochta maidir le cóireáil a chur ar riochtaí na hinchinne, an dromlaigh, na néaróg imeallach agus an chórais cheirbreashoithíoch i bpost ina mbíonn na huaireanta fada agus dian, agus a mbíonn go leor leor contúirte ag baint leis.

- **Dizzy Deliveries:**
  Arna léiriú ag Macalla Teoranta ar son RTÉjr, is í an chéad sraith theilifíse í do leanaí in Éirinn ina léirítear teanga chomharthaíochta Lámh agus ina neadaítear ina DNA í. Bígí in éineacht le Joe an Fear Seachadta a bhfuil cumhachtaí draíochtúla aige agus le Ozzy an Róbó & Úinéir Iosta Aisling le haghaidh tuilleadh eachtraí tarraingteacha lán le spraoi agus gáire i Sraith 2. Leanfaidh an tsraith leis an misean chun úsáid Lámh a spreagadh agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn.



*In Dizzy Deliveries 2, arna mhaoiniú faoi Bhabhta 47 d'Fhuaim agus Fís, múintear trí phríomhchomhartha Lámh do leanaí ar bhealach spraíúil idirghníomhach.*

## Maoiniú ar Ábhar Gaeilge

Leis an Scéim ar a dtugtar Fuaim agus Fís 4 cuirtear maoiniú ar fáil chun tacú le léiriú clár ar ardchaighdeán i nGaeilge agus/nó atá dátheangach.

Ag breathnú ar iarratais ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh faoi na babhtaí oscailte den scéim a oibríodh le linn na tréimhse tuairiscithe seo, úsáideadh thart ar 32% (€5.34m) den mhaoiniú a bronnadh chun tacú le léiriú tionscadal Gaeilge/dátheangach a chuimsigh réimse formáidí agus seánraí in ábhar raidió agus teilifíse, a d'fhreastail ar lucht féachana de dhaoine fásta agus daoine óga araon.

## Níos mó ban a spreagadh i bpríomhróil chruthaitheacha

Bhí cuspóir Fhuaim agus Fís 4 á chomhlíonadh i gcónaí agus níos mó ban á mealladh le bheith ceaptha i bpríomhróil chruthaitheacha i gcláir arna maoiniú ag an scéim. Chun measúnú a dhéanamh ar shonraí lena ngabhtar treochtaí le himeacht ama agus chun teacht orthu, bailítear agus déantar anailís ar shonraí ó iarratais arna maoiniú maidir le hionadaíocht na mban i gcúig phríomhról chruthaitheacha: Léiritheoir, Stiúrthóir, Scríbhneoir, Stiúrthóir Grianghrafadóireachta (DOP), agus Eagarthóir.

Leanadh leis an treocht dhearfach maidir le daoine a aithníonn iad féin mar mhná i bpríomhróil chruthaitheacha in 2023, cé go bhfuil éagothroime mhór fós ann i ról an Stiúrthóra Grianghrafadóireachta. Leagtar amach anailís níos mionsonraithe sa chuid den tuarascáil seo ina bpléitear Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht.

### Rochtain ar chláir a mhaoinítear faoi Fhuaim agus Fís 4 a mhéadú

Ní mór do gach tionscadal teilifíse a mhaoinítear le Fuaim agus Fís 4 éascaíocht a dhéanamh ar an tuiscint agus an taitneamh a bhaineann baill den lucht féachana atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteacha orthu as cláir theilifíse.

Déantar foráil maidir le fotheidealú i ngach clár teilifíse dá bhrí sin. Ar an mbealach céanna, chun rochtain ar chláir a éascú do bhaill den lucht éisteachta atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, atá dall nó a bhfuil lagú amhairc orthu, ní mór do roinnt clár arna maoiniú foráil a dhéanamh maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteacht orthu agus/nó Tráchtaireacht Fuaime (AD) do dhaoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu. Ní mór do dhrámaí teilifíse agus iarratais ar chláir theilifíse do leanaí craoladh amháin ar a laghad a bheith acu ina bhfuil AD agus/nó TCÉ, agus ní mór an costas a mheas mar chostas incháilithe agus é maoinithe ag an Scéim.

Tá maoiniú ar fáil freisin d'iarratasóirí ar mian leo seirbhísí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus/nó tráchtaireachta fuaime (AD) a chur ar fáil i seánraí eile (m.sh., Cláir Oideachais, Faisnéise, Shiamsaíochta). Moltar iarratais den sórt sin go láidir sa scéim.

### Síneadh ar an Scéim

I Márta 2023, dhearbhaigh an tAire Catherine Martin, TD, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go mbeadh síneadh ama 12 mhí le Fuaim agus Fís 4 go dtí an 31 Márta 2024.

### Athbhreithniú ar Fhuaim agus Fís 4

De réir mar a cheanglaítear le halt 158 de na nAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, tugadh faoi athbhreithniú reachtúil ar an Scéim in 2022 agus tugadh chun críche in 2023 é. Cheap Údarás Craolacháin na hÉireann Oliver & Ohlbaum Associates (O&O). Ar a gcuid oibre bhí athbhreithniú ar shonraí inmheánacha, taighde tánaisteach, suirbhé tomhaltóra saincheaptha, suirbhé ar líne de tháirgeoirí, agus agallaimh le páirtithe leasmhara. Cuireadh an t-athbhreithniú críochnaithe maille leis na moltaí a bhí mar thoradh faoi bhráid an Aire lena mbreithniú i mí Mheán Fómhair 2023. Bainfidh An Coimisiún úsáid as an tuarascáil taighde agus na moltaí le linn dó scéim maoinithe a fhorbairt a bheidh ann in 2024 agus Fuaim agus Fís 4 dulta in éag.

## Scéimeanna Iriseoireachta

Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin in 2023 ar fhorbairt dhá scéim iriseoireachta i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán bunaithe ar na moltaí a bhí i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán.

Tá na scéimeanna á mbunú lena chinntiú go mbeidh teacht ag gach duine ar nuacht ina gceantair féin agus go mbeidh an nuacht a fhaigheann siad iontaofa agus cruinn. Tá sé beartaithe go mbeidh na scéimeanna nua iriseoireachta oscailte d'iarratais ó iriseoirí agus ó asraonta meán, lena n-áirítear ardáin chraolta, chlóite agus ar líne, i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Tá na Scéimeanna á mbunú ar bhonn riaracháin a bhuí le maoiniú atá daingnithe ag an Teachta Dála Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

# Tobhach Ábhair na Saothar Eorpach

Leis na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, trasuitear Airteagal 13 de Threoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 (an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD)) i nDlí na hÉireann.

Go sonrach, le hAirteagal 13(2) de AVMSD tugtar an rogha do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (AE) oibleagáidí airgeadais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse meán (SSManna) a dhíríonn ar lucht féachana laistigh dá dteorainneacha, ach atá bunaithe i mBallstát eile.

Le Cuid 10, Alt 159E den Acht deonaítear an chumhacht ar Choimisiún na Meán chun Tobhach na Saothar Eorpach ("Tobhach") a chur ar bun ar mhaithe le scéim a mhaoiniú chun tacú le Saothair Eorpacha a tháirgeadh. Leis sin, tugtar an chumhacht do Choimisiún na Meán freisin chun cinntí a dhéanamh cé na soláthraithe seirbhíse meán (SSManna) a bheadh faoi réir an Tobhaigh seo. Cuirtear ar chumas Choimisiún na Meán leis, i gcomhar le Fís Éireann, ciste a chur ar bun agus deontais a bhronnadh ag baint úsáid as fáltais an Tobhaigh.

In 2023, cheap Coimisiún na Meán Nordiction and Saffery LLP chun taighde fairsing a chur ar fáil agus moltaí a dhéanamh maidir leis na féidearthachtaí a bhainfeadh le tobhach agus ciste a chur ar bun agus a riaradh. Agus an tionscadal taighde sin curtha i gcrích, cuirfidh Coimisiún na Meán tuairisc faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ina mbeidh na moltaí maidir leis na féidearthachtaí a bhainfeadh le tobhach agus ciste den sórt sin.

# Urraíocht agus Foghlaim agus Forbairt Earnála

## Scéim Urraíochta

D'oibríodh Údarás Craolacháin na hÉireann, a bhí ann roimh Choimisiún na Meán, Scéim Urraíochta bhliantúil chun tacú le himeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí bainteach leis na meáin. Tar éis a bhunaithe an 15 Márta 2023, d'aontaigh Coimisiún na Meán leanúint leis an Scéim sin agus chun tacú leis na himeachtaí agus na tionscnaimh éagsúla ar bhronn Údarás Craolacháin na hÉireann maoiniú orthu go gairid sular díscaoileadh é.

Cuireadh €162,000 in iomlán ar fáil do 23 tionscadal. Cé gurbh é Údarás Craolacháin na hÉireann a bhronn an maoiniú ar dtús, bhí na tionscadail rathúla ailínithe go cuí le Clár Oibre an Choimisiúin freisin. Bhí an maoiniú urraíochta seo mar thaca le hearnáil na meán a fhorbairt agus mar chabhair chun feasacht a mhúscailt ar ról agus obair an rialálaí nua, lena n-áirítear an aidhm atá aige maidir le saol na meán i gcoitinne a fhorbairt i dtreoi is go mbeidh sé éagsúil, ionchuimsitheach agus go ndéanfaidh sé léiriú ar phobal uile na hÉireann.

Leis na himeachtaí agus gníomhaíochtaí a urraíodh idir mí an Mhárta agus mí na Nollag 2023, amhail Fleadh Scannán na Gaillimhe, Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath agus Féile Scannán Catalyst, cuidíodh le feiceálacht ábhair closamhairc a mhéadú do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann agus cuireadh éagsúlacht chun cinn ar an scáileán. Ar leithligh, d'aithin imeachtaí urraithe eile an tallann agus an chruthaitheacht atá ann san obair a dhéantar ar fud thionscail chlosamhairc agus chraolacháin na hÉireann, mar shampla Gradaim IMRO, Gradaim Chumarsáide an Oireachtais, agus Gradaim an Royal Television Society.



Is féidir teacht ar liosta d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí urraithe thíos.

| |
|---|
| Animation Dingle Festival |
| BP, The Centenary of Ireland's First Licensed Radio Station |
| Féile Meán Bhéal Feirste 2023 |
| Féile Scannán Idirnáisiúnta Catalyst 2023 |
| Duais Choice Music |
| Cleraun Documentary Masterclasses |
| 68ú Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí – Clár Faisnéise |
| Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath – Taispeántais agus Ceardlanna Mac Léinn |
| Seimineár Bainistíochta Meán FIAT/IFTA 2023 |
| Cruinniú Mullaigh FÍS TV |
| Féile Scannán Idirnáisiúnta Fresh |
| Fleadh & Aonach Scannán na Gaillimhe |
| Comórtas Gearrscannán & Script Scannán Harp |
| Spotsolas & Fócas na hÉireann IFI |
| Comóradh 20 Bliain de Ghradaim IFTA |
| Gradaim Raidió IMRO |
| Gradaim Bheochana na hÉireann 2023 |
| Gradaim Chumarsáide an Oireachtais 2023 |
| Gradaim RTS 2023 / Gradaim RTS Éireann 2023 |
| Féile Shine 2023 |
| Gradaim Náisiúnta Meán na Mac Léinn (SMEDIAS) |
| Writers Guild of Ireland 2023 Zebbie Awards |

## Clár Foghlama agus Forbartha Earnála

In 2023, lean An Coimisiún freisin de thacaíocht a thabhairt don Chlár Foghlama agus Forbartha Earnála arna chur ar bun ag Údarás Craolacháin na hÉireann. Tacaítear sa Chlár sin le líonraí tionscail agus eagraíochtaí ionadaíocha chun deiseanna oiliúna agus forbartha a chur ar fáil d'earnálacha craolacháin, fuaime agus closamhairc na hÉireann, agus tá sé ailínithe leis na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022 lena spreagtar tionscnaimh agus gníomhaíochtaí oiliúna i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna an Choimisiúin.

Tá sé mar aidhm ag an gClár inbhuanaitheacht na n-earnálacha craolacháin, fuaime agus closamhairc a chur chun cinn chomh maith lena gcruthaitheacht agus a bhforbairt leanúnach ach gníomhaíochtaí agus tionscnaimh éagsúla a reáchtáil, lena n-áirítear ceardlanna oiliúna, seimineáir, cláir mheantóireachta agus máistir-ranganna.

Leithdháileadh maoiniú iomlán de €466,740 ar fud an Chláir Foghlama agus Forbartha Earnála in 2023 ar líonraí agus comhlachtaí ionadaíocha, agus leis an méid sin cothaíodh cruthaitheacht agus nuálaíocht agus tacaíodh le tionscadail oiliúna, mar aon le tionscnaimh éagsúlachta le haghaidh inscne, comhionannais, ionchuimsitheachta agus na teanga Gaeilge.

Ar shamplaí de na cineálacha tacaíochtaí a chuirtear ar fáil tá:

- **Women on Air**
  Ceardlanna a chur ar fáil do mhná mar gheall ar na meáin, oiliúint ceamara agus scileanna agallaimh.

- **Eoraip Chruthaitheach na Gaillimhe**
  Ceardlann Mhargaíochta Scannán & Teilifíse Alphapanda chun táirgeoirí, stiúrthóirí agus cleachtóirí teilifíse eile a uas-sciliú maidir leis na huirlisí margaíochta nuálacha is déanaí, agus reáchtáladh imeacht le haghaidh scannánóirí faisnéise, ina gcuirtear eolas ar fáil ar léiriúchán, maoiniú i gcomhar agus coimisiúnú.

- **CRAOL**
  Ceardlanna oiliúna a chur ar fáil maidir le litearthacht na meán agus IS agus tuiscint a fháil ar phobail imeallaithe ag an gcomhdháil bhliantúil Féile don chomhlacht ionadaíoch do raidió pobail in Éirinn.

- **Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann**
  Nuashonrú earnála ar inbhuanaitheacht an tionscail, lena n-áirítear Áireamhán Carbóin Albert, agus seimineáir ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht sa tionscal.

- **Animation Skillnet, Animation Ireland agus Screen Skillnet**
  Tacaíocht a chur ar fáil don chéad Chomhdháil Culture Crush, lena dtugtar le chéile gairmithe ó thionscail amhail Scannánaíocht, Beochan, Teicneolaíochtaí Tumthacha, Cluichíocht, Ceol agus Amharclannaíocht le haghaidh líonraithe agus meantóireachta. Ba é téama chomhdháil 2023 ná an méid a bhíonn i bpáirt ag an gCruthaitheacht agus an Teicneolaíocht.

- **Clár Learning Waves do Chéimithe Iriseoireachta**
  Lean An Coimisiún de thacaíocht a thabhairt don chlár do Chéimithe lena gcuirtear le hinbhuanaitheacht na hearnála raidió tráchtála neamhspleách ach intéirneachtaí a dheonú ar chéimithe iriseoireachta i stáisiúin raidió tráchtála áitiúla ar fud na hÉireann.

- **Oireachtas na Gaeilge**
  Cuireadh maoiniú ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge chun leanúint dá chuid oibre chun tacú le tuilleadh clár Gaeilge a fhorbairt san earnáil craolacháin i gcoitinne. I measc na dtionscnamh bhí tacaíocht do shuíomh gréasáin, Gaelpro Raidió, ar a gcuirtear acmhainní Gaeilge ar fáil, scéim meantóireachta do láithreoirí raidió, agus ceardlanna scríofa scripte ina ndírítear ar scripteanna drámaí Gaeilge a fhorbairt don raidió.

- **X-Pollinator**
  Cuireadh tacaíocht ar fáil do X-Pollinator, an líonra forbartha tallainne a dhíríonn ar aghaidh a thabhairt ar easpa éagsúlacht inscne i dtionscal físe na hÉireann. Thacaigh An Coimisiún lena imeacht líonraithe bliantúil a fhéachann le comhar a spreagadh agus le cothú foirne cruthaitheacha agus comhpháirtíochtaí a éascú chun tacú le forbairt agus léiriú saothair nua don scáileán.

- **Women in Film and Television**
  Cuireadh maoiniú ar fáil don chomhlacht deonach a thacaíonn le hionadaíocht níos mó do mhná ar an scáileán agus taobh thiar den cheamara araon. I measc na ngníomhaíochtaí ar tacaíodh leo in 2023, bhí sárthaispeántas gearrscannán agus imeacht líonraithe, painéal clár faisnéise ag Fleadh Scannán na Gaillimhe, agus sraith cainteanna chun aird a tharraingt ar mhná ó chúlraí éagsúla agus ar na saincheisteanna atá roimh mhná sa tionscal.

Tá liosta iomlán de na heagraíochtaí ar tacaíodh leo in 2023 thíos.

| Eagraíocht | Réimse fócais |
|---|---|
| CRAOL | Craoltóirí Raidió Pobail |
| An Cumann Teilifíse Pobail (CTA) | Craoltóirí Teilifíse Pobail |
| Learning Waves | Craoltóirí Raidió Tráchtála |
| Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann (SPI) | Léiritheoirí closamhairc |
| An Eoraip Chruthaitheach Baile Átha Cliath | Léiritheoirí /cuideachtaí closamhairc |
| Women On Air | Grúpa abhcóideachta – inscne agus craoladh |
| NUJ | Iriseoirí, lena n-áirítear Saoririseoirí |

| Eagraíocht | Réimse fócais |
|---|---|
| An Eoraip Chruthaitheach Gaillimh | Léiritheoirí /cuideachtaí closamhairc (réigiúnach / fócas ar an nGaeilge) |
| Women in Film & Television (WFT) | Grúpa abhcóideachta – inscne agus an earnáil closamhairc |
| Cultural & Creative Industries Skillnet / Animation Ireland | Tionscail chruthaitheacha, lena n-áirítear Beochan, VFX, Cluichí, Ceol, Amharclannaíocht |
| Ionad Scannán na Gaillimhe | Léiritheoirí closamhairc - réigiúnach |
| Writers Guild of Ireland | Scríbhneoirí / scríbhneoirí scripte |
| IFTA | Gairmithe ón tionscal closamhairc |
| Screen Composers Guild of Ireland | Cumadóirí |
| ACE Producers | Léiritheoirí Closamhairc na hEorpa |
| Oireachtas na Gaeilge | An Ghaeilge |
| X-Pollinator | Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht |
| Gorm Media | Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht |
| Film Ireland | Iriseoirí scannán |

## Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Tá Coimisiún na Meán tiomanta go léireodh na meáin uile éagsúlacht na sochaí in Éirinn, ina mbíonn comhionannas deiseanna, rochtana agus ionadaíochta i ngach réimse. Rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán roinnt moltaí chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn sna meáin i gcoitinne. Ar na gníomhartha sonracha a moladh do Choimisiún na Meán, bhí forbairt Straitéise Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta don earnáil Fuaime agus Closamhairc agus ina dhiaidh sin Caighdeáin a fhorbairt. Is é an cuspóir ná tacaíocht a thabhairt d'earnáil na meán fuaime agus closamhairc in Éirinn maidir le pleanáil, forbairt agus cur i bhfeidhm réimse gníomhaíochtaí agus tograí straitéiseacha i gcomhréir le dea-chleachtas, ar mhaithe le saol na meán a chothú i dtreo is go ndéanfadh sé léiriú ceart ar éagsúlacht shochaí na hÉireann agus go mbeadh teacht ag an bpobal uile air.

## Forbairt na Straitéise Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta

D'fhostaigh An Coimisiún comhairleoirí cumarsáide CommSol chun cúnamh a thabhairt maidir le dréacht-Straitéis a fhorbairt. Cuireadh bonn eolais faoin obair sin leis an bPlean Gníomhaithe Inscne ó Údarás Craolacháin na hÉireann, an t-athbhreithniú uaidh ina dhiaidh sin agus an taighde a coimisiúnaíodh roimhe seo inar scrúdaíodh gnéithe éagsúla den inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht.

Chuathas i mbun plé le réimse páirtithe leasmhara idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2023. Bhailigh Coimisiún na Meán sonraí freisin ó cheistneoirí a dáileadh ar earnáil na meán fuaime agus closamhairc chun a gcuid straitéisí, pleananna, beartas agus gníomhaíochtaí atá i réim faoi láthair a mhapáil. I mí na Samhna 2023, rinneadh comhairliúchán i scríbhinn maidir le Colúin, Prionsabail agus Gníomhartha na Dréacht-Straitéise inar mealladh ionchur breise.

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún fóram Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a óstáil i mí Eanáir 2024, mar a mbeidh páirtithe leasmhara in ann dearcthaí a chomhroinnt agus réitigh bheartaithe a phlé sula bhfoilseofar an Straitéis nua. Anuas air sin, tá sé i gceist ag Coimisiún na Meán fóram Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a reáchtáil ar bhonn bliantúil.

## Forbairt na gCaighdeán Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta

Tá coinne leis go gcuirfear tús leis na Caighdeáin Inscne, Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a fhorbairt in R1 2024. Déanfaidh An Coimisiún caidreamh agus comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara agus déanfaidh sé grinnanailís ar chineálacha cur chuige agus dea-chleachtas i ndlínsí, rialálaithe agus tionscail ábhartha eile maidir le forbairt na gCaighdeán sin. Beidh ar na heagraíochtaí a fhaigheann maoiniú poiblí ó Choimisiún na Meán na caighdeáin chéanna a chomhlíonadh nuair a thabharfar isteach iad.

## Maoiniú agus Forbairt

I gcaitheamh na bliana 2023 lean Coimisiún na Meán de bheith ag cothú agus ag tacú le gníomhaíochtaí, imeachtaí, tionscnaimh agus léiriú ábhair, a mbeadh teacht ag an bpobal air, a bhfuil sé mar aidhm aige inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn san earnáil fuaime agus closamhairc.

### Fuaim agus Fís 4

Is scéim tacaíochta do chláir é Fuaim agus Fís 4 a bhfuil sé mar aidhm aici tacú le cláir inrochtana a chruthú ina léirítear cultúr, stair, teanga agus éagsúlacht na hÉireann, mar aon le cláir chultúrtha nó phobail le haghaidh lucht féachana/éisteachta uile na hÉireann.

I gcaitheamh na bliana 2023, lean Fuaim agus Fís 4 dá chuspóir a bhaint amach chun spreagadh a thabhairt go gceapfaí níos mó ban i bpríomhróil chruthaitheacha i gcláir arna maoiniú ag an scéim. Chun tacú leis sin, bailítear sonraí sa scéim ó iarratais arna maoiniú maidir le hionadaíocht na mban i gcúig phríomhról chruthaitheacha: Léiritheoir, Stiúrthóir, Scríbhneoir, Stiúrthóir Grianghrafadóireachta (DOP) agus Eagarthóir.

Ar an iomlán, léirítear sna sonraí a bailíodh go bhfuil cuspóir leanúnach na scéime chun níos mó ban a spreagadh éifeachtach i gcónaí, go háirithe i bpríomhróil an Léiritheora, an Scríbhneora, agus an Eagarthóra. Mar a tugadh chun solais i dtuairiscí roimhe seo, tá éagothroime mhór fós ann idir méid na mban atá ina Stiúrthóirí Grianghrafadóireachta i gcomparáid le méid na bhfear. Sna staitisticí thíos cuimsítear na figiúirí sin a bailíodh ó iarratais a cuireadh isteach ar an dá bhabhta 'oscailte' den scéim a oibríodh le linn thréimhse na tuarascála seo (Babhtaí 47 agus 49).

| | **Léiritheoir** | **Stiúrthóir** | **Scríbhneoir** | **DOP** | **Eagarthóir** |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon Iomlán na dTionscadal Closamhairc ar Tairgeadh Maoiniú Dóibh | 51 | 51 | 51 | 51 | 51 |
| Iomlán na dTionscadal Infheidhme* | 51 | 49 | 43 | 46 | 50 |
| Mná | 34 | 23 | 27 | 9 | 34 |
| Fir | 17 | 26 | 9 | 34 | 11 |
| **% de Mhná** | **67%** | **47%** | **63%** | **20%** | **68%** |

*I roinnt iarratas a cuireadh isteach níor sainaithníodh an ról mar ról is infheidhme maidir leis an tionscadal.

### Forbairt agus Urraíocht Earnála

Áirítear na nithe seo a leanas leis an tacaíocht a cuireadh ar fáil d'eagraíochtaí:

- Maoiniú do Learning Waves, an comhlacht oiliúna don earnáil raidió neamhspleách chun cur le cumas na gceannasaithe reatha Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CÉI), oiliúint a chur ar cheannasaithe nua CÉI agus forbairt straitéiseach a dhéanamh ar líonra na gceannasaithe CÉI.
- Urraíocht ar Fhéile Idirnáisiúnta Scannán Catalyst 2023, is féile scannán a thugann aghaidh ar ghannionadaíocht i dtionscal na scannán. Tugtar tús áite do scéalta agus do scéalaithe a d'fhéadfadh a bheith ag streachailt le hinfheictheacht a fháil i dtionscal na scannán agus i bhféilte scannán príomhshrutha.
- Tacaíocht mhaoinithe don seimineár ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht de chuid Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann.

- Chuidigh sé le léiriú Women in Film and Television Ireland 'Beyond the Pale 2' a raibh sé mar aidhm aige aird a tharraingt ar léiritheoirí baineanna ó chúlraí éagsúla.

- Tacaíocht d'Eoraip Chruthaitheach Baile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le Gorm Media chun a n-imeacht díospóireachta painéil ar Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht dar teideal 'Bridging the Gap' a reáchtáil.

- Cuireadh tacaíocht ar fáil do X-Pollinator,. Is tionscnamh trasdisciplíneach forbartha gairmiúla agus líonraithe do thallann bhaineann, thrasinscneach agus neamh-dhénártha é seo agus é mar aidhm aige cuidiú chun aghaidh a thabhairt go tapa ar an éagsúlacht inscne i dtionscal scáileáin na hÉireann chun a n-imeacht líonraithe bliantúil a reáchtáil.

- Tacaíocht mhaoinithe do Scéal to Set de chuid Ionad Scannán na Gaillimhe. Ceardlann dhá lá agus scéim meantóireachta a bhí i gceist le haghaidh scríbhneoirí scripte agus stiúrthóirí Gaeilge atá ag teacht chun cinn ar mian leo a bheith ag obair i nGaeilge.

- Cuireadh maoiniú ar fáil don líonra abhcóideachta inscne, Women On Air, a dhéanann Bunachar Sonraí Meán a choinneáil agus a chur chun cinn ar mhaithe le níos mó saineolaithe ábhair ar mná iad agus a aithníonn iad féin mar mhná a spreagadh le bheith rannpháirteach mar aíonna ar an aer ar chláir raidió agus theilifíse. Cuireadh feabhas ar an mbunachar sonraí in 2023, agus is féidir inniúlacht sa Ghaeilge a thaifeadadh anois ag céim an chlárúcháin, rud a chuireann ar chumas léiritheoirí clár an bunachar sonraí a chuardach agus cainteoirí Gaeilge a aimsiú as measc na ndaoine siúd atá cláraithe.

Táthar ag súil le dul chun cinn níos mó anois agus é beartaithe go bhforbrófaí agus go gcuirfí tús le Caighdeáin Inscne, Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta i gcás tionscadail a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún.

## An Tuarascáil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann

I gcomhréir lena thiomantas d'iolracht na meán, i mí an Mheithimh 2023, d'fhoilsigh Coimisiún na Meán an naoú heagrán den Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann. Is í Institiúid Reuters um Staidéar ar an Iriseoireacht a thugann faoin taighde don Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach ar bhonn bliantúil agus cuimsítear 46 tír ann, rud a fhágann gurb é an staidéar comparáideach leanúnach is mó ar domhan é ar thomhaltas nuachta. Is é Coimisiún na Meán a mhaoiníonn rannpháirtíocht na hÉireann sa staidéar domhanda seo agus is é comhpháirtí acadúil An Choimisiúin, an Institiúid um Meán agus Iriseoireacht don Todhchaí (FuJO) ag OCBÁC a dhéanann anailís ar shonraí na hÉireann. Cuimsítear anailís sa tuarascáil ar threochtaí idirnáisiúnta agus Éireannacha i dtomhaltas nuachta ar líne, mar aon le sonraí lena scrúdaítear muinín lucht féachana nuachta as anailísiú nuachta agus branda nuachta ó bhliain go chéile.




*Ag seoladh na Tuarascála ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2023 (C go D): Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir Forbartha na Meán ar son Choimisiún na Meán; Kevin Doyle, Ceannaire Grúpa Nuachta le Mediahuis Ireland; Deirdre McCarthy, Stiúrthóir Bainistíochta, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ; an Dr Richard Fletcher, Stiúrthóir an Taighde in Institiúid Reuters um Staidéar ar an Iriseoireacht; an tOllamh Colleen Murrell, Scoil na Cumarsáide OCBÁC; an Dr Kirsty Park, Institiúid na Meán, an Daonlathais agus na Sochaí OCBÁC (FuJo); Celene Craig, Coimisinéir Craolacháin ar son Choimisiún na Meán.*

Léirítear i dtuarascáil na bliana seo go gcreideann níos mó ná a leath (58%) de thomhaltóirí nuachta digití in Éirinn go bhfuil seirbhísí nuachta a mhaoinítear go poiblí 'sách tábhachtach' nó 'an-tábhachtach' don tsochaí. Léirítear sa staidéar freisin nach n-aontaíonn ach an ceathrú cuid de mhuintir na hÉireann (25%) gur fearr eagarthóir/iriseoir daonna a bheith ann a roghnaíonn nó a choimeádann an méid a fheiceann siad, agus an tráth céanna creideann 31% gur fearr gurb é algartam a roghnaíonn an nuacht, bunaithe ar a stair féachana agus a roghanna. Mar sin féin, aontaíonn níos mó ná a leath de thomhaltóirí nuachta na hÉireann (53%) 'go láidir' nó tá 'claonadh' acu aontú go bhféadfaidís scéalta tábhachtacha nuachta a chailleadh de dheasca nuacht phearsantaithe, agus an tráth céanna tá 51% 'an-bhuartha' nó 'rud beag buartha' nach bhfeicfidís ach na dearcthaí siúd a thagann leis na cinn atá acu féin.

# An Ghaeilge

## Straitéis agus Misean Gaeilge Choimisiún na Meán

Tá ról lárnach ag an nGaeilge in obair Choimisiún na Meán, go hinmheánach agus i gcaidrimh An Choimisiúin le páirtithe leasmhara earnáil na meán trí chéile. Mar eagraíocht, táimid diongbháilte go mbeadh an Ghaeilge le cloisteáil agus le feiceáil ar na meáin uile dár gcuid, agus go bhfuil ardchaighdeán sna luachanna ábhair agus léirithe atá ar aon dul leo sa Bhéarla.

Tá sé mar mhisean Gaeilge againn cláir Ghaeilge den scoth, atá éagsúil agus nuálach, a chur chun cinn agus a chothú do lucht féachana na hÉireann; agus tacaímid le hinbhuanaitheacht chraoltóirí na Gaeilge.

Léiríonn amhlaidh ár gcuspóirí reachtúla chun cur le soláthar clár atá ar ardchaighdeán, éagsúil agus nuálach ar sheirbhísí craolacháin, chun cláir Ghaeilge nua a chur chun cinn agus a spreagadh agus chun úsáid na teanga a chur chun cinn agus a spreagadh sna meáin chumarsáide atá ag oibriú in Éirinn.

Baineann gníomhaíochtaí ár gcuid oibre le ceadúnú, comhlíonadh, athbhreithnithe seirbhíse poiblí, forbairt agus maoiniú na meán agus litearthacht sna meáin. Tá sé mar aidhm againn sna gníomhaíochtaí seo go léir tacú le hinbhuanaitheacht na Gaeilge sna meáin agus i gcúrsaí léiriúcháin agus sinn meáite ar chláir éagsúla ar ardchaighdeán i nGaeilge a chothú agus a chur chun cinn, ábhar nua don lucht féachana óg san áireamh.

Titeann craoltóirí Gaeilge faoi scáth na Straitéise Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta agus chuathas i gcomhairle le roinnt eagraíochtaí agus craoltóirí Gaeilge nuair a dréachtaíodh an doiciméad seo. Foilseoidh Coimisiún na Meán an Straitéis sin in 2024.

Ina theannta sin, tá Coimisiún na Meán tiomanta go gcuirfí i bhfeidhm na moltaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán (“FoMC”). Tá sé i gceist leis na moltaí seo go gcuirfí leis an leibhéal agus an rogha ábhair atá ar ardchaighdeán sna meáin Ghaeilge.

## Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge

Moladh i dtuarascáil FoMC go dtabharfaí faoi athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí Gaeilge sna meáin i gcoitinne. Cuirfear anailís ar fáil san Athbhreithniú seo ar na meáin Ghaeilge, agus díreofar ann ar ábhar a léirítear i nGaeilge. Scrúdófar san Athbhreithniú seo an chaoi ina léirítear gnéithe de shaol na hÉireann sna meáin Ghaeilge, ar nós cúrsaí cultúrtha, polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha.

Is iad príomhchuspóirí an Athbhreithnithe ná measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar staid reatha na meán Gaeilge agus sraith moltaí inghníomhaithe a fhorbairt chun barr feabhais a chur ar chaighdeán agus éagsúlacht na meán Gaeilge.

Cuireadh tús leis an obair ar an Athbhreithniú suntasach seo in 2023, agus leanfaidh Coimisiún na Meán léi in 2024. Cuirfear tuarascálacha eatramhacha ar fáil le linn an Athbhreithnithe.

## Coiste Comhairleach na Gaeilge

Cothaíonn An Coimisiún comhoibriú le páirtithe leasmhara na Gaeilge i gCoiste Comhairleach na Gaeilge. Ar bhaill an choiste tá ionadaithe ó Choimisiún na Meán, Foras na Gaeilge, RTÉ, TG4, Oireachtas na Gaeilge, CRAOL, IBI, Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann, agus Raidió Rí-Rá.

Cinntíonn an bhallraíocht sin go bhfuil ardán ann chun dul i ngleic le saincheisteanna ríthábhachtacha laistigh d’earnáil craolacháin agus closamhairc na Gaeilge. Oibríonn na baill i gcomhar lena chéile ar bhonn dearfach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin earnála agus chun réitigh fhéideartha a spreagadh.

Déanann Foras na Gaeilge comhchathaoirleacht ar an gCoiste agus déanann an Coiste na nithe seo a leanas a éascú:

**a.** comhpháirtíochtaí inbhuanaithe;
**b.** réimse éagsúil de thionscadail taighde;
**c.** bailiú bliantúil sonraí a bhaineann le cláir Ghaeilge; agus
**d.** moltaí forbartha a bhfuil sé mar aidhm acu cur le réimse na gclár Gaeilge mar aon le hoiliúint i scileanna Gaeilge.

Léirítear ár spriocanna straitéiseacha agus eagraíochtúla i ndáil leis an nGaeilge inár bPlean Gníomhaíochta Gaeilge agus muid ag leanúint ar obair Údarás Craolacháin na hÉireann. Leagtar amach cúig phríomhchuspóir agus gníomhaíochtaí gaolmhara sa Phlean sin chun tacú le clársceidealú na Gaeilge agus seirbhísí craoltóireachta na Gaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt i dtionscal fuaime agus closamhairc na hÉireann. In 2023, lean Coiste Comhairleach na Gaeilge ag comhlíonadh na gcúig phríomhchuspóir a spreagadh:

- Tacú le clársceidealú agus stáisiúin na Gaeilge, iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thionscnaimh Cheadúnaithe agus an Chiste Craolacháin;
- Comhpháirtíochtaí na Gaeilge a chothú;
- Tacú le Taighde;
- Sonraí a Bhailiú; agus
- Cur le próisis chuntasachta, lena n-áirítear tuairisciú agus monatóireacht ar chomhlíontacht.

Ina theannta sin tapaíonn baill an Choiste an deis chun eolas a chomhroinnt agus chun naisc a chothú sa tionscal. In 2023, dhírigh an Coiste ar na tionscnaimh agus na ceisteanna lárnacha seo a leana:

- Feasacht a fheabhsú mar gheall ar na deiseanna gairme in earnáil na meán Gaeilge;
- Scrúdú a dhéanamh ar bhearnaí sa soláthar oiliúna Gaeilge agus naisc a chothú idir oiliúnóirí agus léiritheoirí ábhair;
- Scileanna agus acmhainní Gaeilge a fhorbairt laistigh den earnáil raidió;
- Eolas agus nuacht a chomhroinnt i measc balleagraíochtaí; agus
- Tacú le gníomhaíochtaí maidir le litearthacht agus taighde sna meáin.

In 2024, beidh príomhról tacúil ag an gCoiste maidir le hAthbhreithniú Cuimsitheach an Choimisiúin ar na Meáin Ghaeilge. Mar chuid den iarracht seo, tá beartaithe againn athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí tagartha an Choiste agus a bhallraíocht a leathnú. Tá sé

mar aidhm a chinntiú leis an leathnú sin gur féidir le baill reatha agus baill ionchasacha cur leis an obair ríthábhachtach seo ar bhonn gníomhach.

## Tionscnaimh um Litearthacht sna Meáin

Rinne Coimisiún na Meán gníomhaíochtaí rialta chun seisiúin faoi Litearthacht sna Meáin a reáchtáil i nGaeilge freisin i gcomhar le Litearthacht sna Meáin in Éirinn (LMÉ). Tá cur chun cinn na Gaeilge ina phríomhchuspóir ag LMÉ, agus tá ionadaíocht ag Coimisiún na Meán ar a ghrúpa oibre Gaeilge, a chuireann an Ghaeilge i gcroílár na ngníomhaíochtaí a bhaineann le litearthacht sna meáin. I measc ghaiscí an ghrúpa oibre tá:

- Forbairt leanúnach ar leagan Gaeilge de shuíomh gréasáin Litearthacht sna Meáin in Éirinn;
- Gluais Ghaeilge de théarmaíocht a bhaineann le litearthacht sna meáin a fhoilsiú;
- Seimineár gréasáin Gaeilge maidir le bréagaisnéis a óstáil i gcomhar le Raidió na Gaeltachta;
- Feachtas feasachta 'Bíodh Tuiscint agat ar na Meáin' a reáchtáil i nGaeilge agus i mBéarla (Be Media Smart) araon;
- Leagan Gaeilge de phacáiste acmhainní oideachais Workshop in a Box a fhorbairt le haghaidh scoileanna agus leabharlann agus éascaitheoirí foghlama pobail.

## Seirbhís Raidió Náisiúnta don Óige

Le roinnt mhaith blianta anuas, táthar i mbun plé i bpobal raidió na Gaeilge agus san earnáil chultúrtha agus pholaitiúil go ginearálta maidir leis an bhféidearthacht a bhainfeadh le seirbhís raidió Gaeilge don óige a bheadh ar fáil ar bhonn FM hibrideach agus ar líne. In 2023 mhol Coimisiún na Meán go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le seirbhís Ghaeilge dá leithéid don óige, agus go gcuirfí leis an obair a bhí déanta ag Údarás Craolacháin na hÉireann roimhe sin. Leanfar den obair sin in 2024.

# Inbhuanaitheacht

Tá sé mar aidhm ag Coimisiún na Meán ardchaighdeáin i gcleachtais chomhshaoil a chur chun cinn in earnáil na meán. Ceann de na bealaí ina ndéanann An Coimisiún amhlaidh is ea an tacaíocht a thugann sé don Líonra um Inbhuanaitheacht Chraolacháin. Bhunaigh Údarás Craolacháin na hÉireann an Líonra um Inbhuanaitheacht Chraolacháin in 2020, i gcomhar leis an earnáil craolacháin agus le hearnáil léirithe na meán, chun cleachtais a chur chun cinn in earnáil craolacháin na hÉireann atá glas, ionchuimsitheach agus athléimneach ó thaobh an gheilleagair de.

Déanann an conraitheoir neamhspleách Sustainability Works an Líonra a chomhordú agus tugann sé cleachtóirí le chéile ó gach réimse d'earnáil na meán in Éirinn. I measc na ngníomhaíochtaí a eagraíodh in 2023, bhí seisiúin 'lón agus foghlaim' do bhaill an líonra agus dá mbaill foirne, inar cumhdaíodh topaicí cosúil le litearthacht sa bhithéagsúlacht do chraoltóirí na hÉireann agus ról na meán san fhorbairt inbhuanaithe.

Tá a shuíomh gréasáin féin ag an líonra, sustainablemedia.ie agus cuirfear spás do na baill i bhfeidhm in 2024. In 2023 rinneadh cinneadh ainm an líonra a athrú go Sustainable Media Ireland chun leathnú ar bhallraíocht an líonra amach anseo a léiriú. Díreoidh leathnú tosaigh an líonra ar an tionscal scáileáin agus ar thionscal na meán clóite.

Bealach eile a dtacaíonn Coimisiún na Meán le hinbhuanaitheacht in earnáil na meán is ea an tacaíocht a thugann sé d'Áireamhán Carbóin Albert. Thug Screen Greening Coalition an t-áireamhán isteach in Éirinn in 2018, agus tacaíonn sé le léiriúcháin scannán agus teilifíse chun lorg carbóin léiriúcháin a dhéanamh amach. Tá Áireamhán Albert deartha ní hamháin chun an lorg sin a thomhas, ach chomh maith leis sin chun cuidiú le léiriúcháin bearta a dhéanamh chun é a laghdú.

Sa Straitéis Feidhme ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, moladh go rachadh Coimisiún na Meán i mbun idirchaidrimh le comhpháirtithe eile amhail Fís Éireann maidir le próiseas deimhnithe buan a chur ar bun lena gceadófaí do tháirgeoirí a dtionchar ar an gcomhshaol a thomhas. Tar éis athbhreithniú cuimsitheach, agus caidreamh le páirtithe leasmhara, aontaíodh gur cheart comhpháirtíocht tíre Albert a aistriú ó Screen Greening Coalition go dtí Coimisiún na Meán. Cuirfear tús leis an obair ar an aistriú sin in 2024.

Sustainable Media Ireland

# Caidreamh le hÚsáideoirí

## Litearthacht sna Meáin

Gabhtar oibleagáidí reachtúla Choimisiún na Meán i dtaca le litearthacht sna meáin sna hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022, ina luaitear go ndéanfaidh An Coimisiún; 'taighde a spreagadh, tionscnaimh agus gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a chur chun cinn nó tacú leo, lena n-áirítear litearthacht sna meáin, agus comhoibriú a dhéanamh chun na críche sin le comhlachtaí oideachais agus oiliúna, comhlachtaí spóirt agus comhlachtaí pobail, áitiúla agus ionadaíocha, agus feasacht, eolas agus tuiscint phoiblí a chur chun cinn ar bhealaí eile i ndáil le nithe a bhaineann lena fheidhmeanna'. Go príomha, cuireann Coimisiún na Meán an cuspóir seo chun cinn tríd an éascú a dhéanann siad ar an líonra ilpháirtithe leasmhara Litearthacht sna Meáin, Éire (LMÉ) trí mhaoiniú agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí an líonra agus bhí an bhliain 2023 gnóthach agus táirgiúil sa réimse sin.

### Litearthacht sna Meáin, Éire

Is comhghuaillíocht neamhspleách neamhfhoirmiúil d'eagraíochtaí agus de dhaoine aonair é LMÉ atá i gcomhar lena chéile go deonach chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn in Éirinn. Tá sé mar chuspóir uileghabhálach ag an gcomghuaillíocht seo Éireannaigh a chumhachtú le scileanna agus le heolas chun roghanna feasacha a dhéanamh maidir le hábhar agus seirbhísí meáin a thomhlaíonn siad, a chruthaíonn siad agus a scaipeann siad – i measc gach ardán meán.

Ba bhliain thábhachtach í 2023 ar deireadh do LMÉ laistigh dá cheithre shnáithe oibre: Comhordú, Cumarsáid, Nuálaíocht agus Cur Chun Cinn. I measc na bpríomhréimsí oibre bhí rolladh amach an chéad chláir Gradam de chuid Litearthacht sna Meáin, Éire, a cheathrú leagan den fheachtas bliantúil Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin agus tabhairt isteach cláir oiliúna phíolótaigh dar teideal "Workshop in a Box".

#### Clár Gradam LMÉ

Tá sé i gceist go n-aithneoidh an clár Gradam de chuid Litearthacht sna Meáin, Éire tionscadail, tionscnaimh agus tabhartais a raibh tionchar acu ar chur chun cinn na litearthachta sna meáin in Éirinn. Bhí rannpháirtíocht shuntasach le comhaltaí LMÉ i gceist leis sin agus léiríodh an tiomantas agus an fonn leantach tionscnaimh LMÉ a chur i gcrích.

Bhí ceithre chatagóir ann agus reáchtáladh searmanas bronnta ar an 19 Aibreán 2023, mar ar bhronn Coimisinéir Forbartha na Meán Rónán Ó Domhnaill na duaiseanna.

Ba iad na buaiteoirí ná:

- An Idirghabháil is Fearr um Litearthacht sna Meáin faoi Stiúir na hÓige: Seachtain Meán na hIdirbhliana (Learning Waves)

- An Idirghabháil is Fearr um Litearthacht sna Meáin: Alva's World
- Seaimpín um Litearthacht sna Meáin: Foireann Fact Checker The Journal
- Rannchur Speisialta ó Bhall de LMÉ: Webwise

Ina theannta sin, bhronn Painéal na mBreithiúna Gradam Aitheantais Speisialta ar Joe Hoban mar aitheantas ar an obair chruthaitheach agus thacúil den scoth a rinne sé leis an bhfeachtas Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin.




*C-D: Susan Daly, Seiceálaí Fíricí The Journal; Eileen Culloty, Leaschathaoirleach LMÉ – breitheamh; Joseph Hoban, RTÉ; Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir um Fhorbairt na Meán, Coimisiún na Meán; Caitríona Mulcahy, Webwise; Stephanie Comey, Comhchathaoirleach LMÉ / Coimisiún na Meán; Teresa Hanratty, Learning Waves; Gary Timpson, Alva's World; Ross Keane, Coiste Stiúrtha LMÉ; Martina Chapman, Comhordaitheoir LMÉ.*

### An Feachtas 'Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin'

Reáchtáil LMÉ a cheathrú leagan den Fheachtas 'Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin' idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2023 i gcomhthráth le Seachtain Dhomhanda na Litearthachta Meán agus Faisnéise de chuid UNESCO. Bhí feasacht ar an bhfeachtas sin ard ó thaobh an staidrimh de, ó 15% i mí Mheán Fómhair go 23% i mí na Samhna. Thacaigh asraonta raidió, teilifíse agus cló leis an bhfeachtas, agus shroich an feachtas raidió 3.1 milliún éisteoir go háirithe. Rinneadh nuashonrú ar a shuíomh gréasáin tiomnaithe inar cuireadh rannán nua "fiafraigh den saineolaí" ar fáil, mar aon le 5 sheimineár gréasáin taifeadta ar théamaí éagsúla a bhaineann le litearthacht sna meáin ar féidir breathnú siar orthu.



### Clár Píolótach Oiliúna Pobail “workshop in a box”




Tháinig méadú i mbliana ar iarratais ar oiliúint i litearthacht sna meáin agus i muinín a chothú faoin ábhar seo. Mar sin, forbraíodh clár ‘cuir oiliúint ar an oiliúnóir’ mar chuid den fheachtas ‘Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin’ chun na hacmhainní a theastaíonn uathu a sholáthar do mhúinteoirí, leabharlannaithe, ceannairí pobail agus éascaitheoirí foghlama eile chun ceardlann um litearthacht sna meáin achur ar fáil. An aidhm a bhí ag an gceardlann ná dea-chleachtas maidir le dul i ngleic le hábhar na meán digiteach a phlé agus feasacht a mhúscailt ar na saincheisteanna arb í an bhréagaisnéis is cúis leo agus ar an tionchar a bhíonn aici sin ar an tsochaí. I gcaitheamh thréimhse 8 seachtaine, bhí sraith de 9 seisiún oiliúna trí uair an chloig ann, inar míníodh na hacmhainní atá sa bhosca uirlisí seo. Bhí an-éileamh ar na ceardlanna sin, agus is amhlaidh a ghlac 118 duine páirt iontu.

# Ionad Teagmhála

Tá réimse freagrachtaí ar an gCoimisiún, lena n-áirítear a bheith ag déileáil le fiosruithe agus gearáin i dtaca lena shainchúram rialála a bhaineann le caighdeáin, rialacha agus cóid a bhunú do na cineálacha éagsúla seirbhísí meán atá faoi dhlínse Stát na hÉireann.

I gcaitheamh 2023, leag An Coimisiún amach fís dá sheirbhís bainistíochta teagmhála, ar tairiscint úsáideoirlárnach ar ardchaighdeán í atá simplí agus éasca chun teacht uirthi agus a fhorbraíonn de réir mar a thagann a bearta rialála i bhfeidhm.

D’iarr An Coimisiún comhpháirtí i dtairiscint phoiblí chun plé le teagmhálacha ón 17 Feabhra 2024 ar aghaidh, is é sin an dáta a cuireadh an Gníomh AE um Sheirbhísí Digiteacha i bhfeidhm ina iomláine. Is éard a bheidh i gceist leis an tseirbhís ná déileáil le fiosruithe agus gearáin a thaifeadadh ar dtús agus ansin triáis a dhéanamh chun iad a chur ar aghaidh chuig an bpríomhoifig de réir mar is cuí.

Is é an Soláthraí Seirbhíse Bainistíochta Teagmhála do Chustaiméirí ar dámhadh an conradh air a bheidh sa chéad phointe teagmhála do gach duine a dhéanfaidh teagmháil leis an eagraíocht trína thairiscint ilchainéil, ó Luan go hAoine ó 8r.n. go 6i.n., gan laethanta saoire poiblí san áireamh. Mairfidh an conradh go ceann dhá bhliain i dtosach agus beidh rogha ann é a athnuachan go ceann dhá thréimhse bhreise a mhairfidh bliain amháin an ceann.

I dtaca le fiosruithe agus gearáin, tá ceanglas ann taifead a dhéanamh de gach teagmháil a fhaightear, triáis a dhéanamh orthu agus measúnú a dhéanamh an rud é atá faoi shainchúram rialála An Choimisiúin agus más amhlaidh, é a chur faoi bhráid fhoireann gearán na príomhoifige ansin agus an méid céanna a chur in iúl don ghearánach.

Is trí ghuth, ríomhphost agus litreacha a bheidh na Cainéil Teagmhála ar dtús. Tá coinne leis go leathnófar é sin chun comhrá gréasáin agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (físeán) a chuimsiú.

Ceanglaíodh ar thairgeoirí a dheimhniú gur féidir leo an tseirbhís a chur ar fáil as Béarla agus as Gaeilge chomh maith céanna. Foilsíodh an tairiscint ar an 16 Lúnasa 2023 agus tugadh chun críche í ar an 21 Nollaig 2023.

# Rialachas

## Ráiteas Straitéise

Mar a fhoráiltear faoi alt 29 den Acht Craolacháin, 2009 (arna leasú), ceanglaítear ar Choimisiún na Meán ráiteas straitéise trí bliana a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire a luaithe is indéanta tar éis lá an bhunaithe. Tar éis a bhunaithe, d'aontaigh An Coimisiún a phlean oibre, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón ionchorprú go deireadh R1 2024 agus d'fhoilsigh sé i mí an Mheithimh 2023 é. Bhí clár oibre na céime tionscnaimh seo bunaithe ar thosaíochtaí a tarraingíodh ón sainordú reachtach, ó thuarascáil An Choimisiúin um Thodhchaí na Meán agus ó ainmniúchán Choimisiún na Meán mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na hÉireann, ainmniúchán a dhéanfar gan mhoill. Roinneadh clár oibre na céime tionscnaimh ina cheithre cholún – sábháilteacht ar líne, rialáil craolacháin agus físeáin ar éileamh, forbairt na meán agus forbairt eagraíochtúil.

## Comhaontú Maoirseachta

Cuireadh comhaontú maoirseachta i bhfeidhm idir Coimisiún na Meán agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le linn na tréimhse tuairiscithe. Ina theannta sin, bhí meabhrán tuisceana i bhfeidhm lenar cumhdaíodh freagracht Choimisiún na Meán faoi chiorclán 13/2014 i dtaca le maoiniú ón Státchiste. Tá tuilleadh eolais maidir le struchtúir agus próisis Rialachais laistigh de Choimisiún na Meán ar fáil sa Ráiteas Rialachais agus i dtuarascáil an Choimisinéara faoin mír Ráitis Bhliantúla Airgeadais sa tuarascáil seo.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Mar chomhlacht poiblí nuabhunaithe, déanann Coimisiún na Meán gach iarracht chun na ceanglais in Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003-2021 a chomhlíonadh i gcónaí. Tá sé sásta gur chomhlíon sé a chuid oibleagáidí faoi na hAchtanna i gcaitheamh 2023 i ndáil le ceanglais foilsithe agus chumarsáide. Chomhdaigh sé a thuairisceán 2023 de réir alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 faoin spriocam reachtúil an 29 Márta 2024. I gcomhréir le hAlt 16 den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (Díscaoileadh agus forálacha idirthréimhseacha), fágadh Scéim Gaeilge Údarás Craolacháin na hÉireann ag an gCoimisiún.

## Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ní mór do chomhlachtaí na hearnála poiblí laghdú 51% ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a bhaint amach, mar aon le feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Leis an straitéis seo, tacófar le gach comhlacht san earnáil phoiblí an aidhm seo a bhaint amach. Faoi Straitéis na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 – 2025, ní mór do chomhlachtaí poiblí struchtúir tuairiscithe agus rialachais a fhorfheidhmiú freisin, amhail treochláir, Seaimpíní Aeráide agus Inbhuanaitheachta, agus Foirne Glasa d'fhonn treoir a chur ar fáil chun tacú le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide. Thionscain An Coimisiún an próiseas seo in 2023 agus é ag tógáil ar shainorduithe aeráide roimhe seo arna dtionscnamh ag Údarás Craolacháin na hÉireann. Áiríodh leis seo forbairt an chéad Treochláir de chuid An Choimisiúin a tugadh chun críche agus a cuireadh faoi bhráid na Roinne in 2024.

## Saoráil Faisnéise

Fuair An Coimisiún 31 iarratas san iomlán ar Shaoráil Faisnéise sa tréimhse 9.5 mí óna dháta bunaithe i mí an Mhárta go mí na Nollag 2023.

## Nochtadh Cosanta

Bhí beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún in 2023 maidir le Nochtadh Cosanta a fháil. Ní bhfuarthas aon Nochtadh Cosanta in 2023.

## Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht / IHREC

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cosaint a chinntiú maidir le cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine dá ndéantar difear lena mbeartais agus pleananna. Is ann d'oibleagáidí ar leith ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014). De réir mar a fhorbraíonn An Coimisiún a chéad Straitéis agus de réir mar a chuireann sé tús leis an timthriall sin, beimid ag déanamh measúnú ar na saincheisteanna a bhaineann le comhionannas agus cearta daonna is ábhartha dár gcuspóir agus dár bhfeidhmeanna agus á leagan amach, agus beimid ag forbairt creata le haghaidh beartais, pleananna agus gníomhartha gaolmhara.

I measc na bpróiseas agus na dtionscnamh atá ann cheana, tá próisis earcaíochta atá mionchúiseach agus cóir le hiarratais ó bhuíon éagsúil iarrthóirí le haghaidh na gcomórtas éagsúil; dréacht-Straitéis um Dhaoine a forbraíodh le Comhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsitheacht (CÉI) agus eispéireas fostaithe a sainaithníodh mar dhá cholún den straitéis; imeachtaí ina ndéantar ceiliúradh ar an éagsúlacht (Bród, Lá na mBan). Táimid ag obair le Investors in Diversity freisin maidir lenár ndeimhniú CÉI.

# Coimisiún na Meán

# Ráitis Airgeadais
Don tréimhse 9.5 mí idir an
15 Márta agus an
31 Nollaig 2023

# Clár an Ábhair

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí 60

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 76

An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 78

# Eolas faoin gCoimisiún

| | |
|---|---|
| **Na Coimisinéirí** | Jeremy Godfrey (Ceapadh an 15 Márta 2023 é)<br>Celene Craig (Ceapadh an 15 Márta 2023 í agus tháinig deireadh lena Téarma an 14 Márta 2024)<br>Niamh Hodnett (Ceapadh an 15 Márta 2023 í)<br>Rónán Ó Domhnaill (Ceapadh an 15 Márta 2023 é)<br>John Evans (Ceapadh an 24 Iúil 2023 é) |
| **Seoladh** | 1 Foirgnimh Shíol Bhroin,<br>Bóthar Shíol Bhroin,<br>Baile Átha Cliath 4, D04 NP20. |
| **Aturnaetha** | William Fry LLP<br>2 Cearnóg na Canálach Móire<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Ivor Fitzpatrick & Company Solicitors<br>44-45 Faiche Stiabhna<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Beauchamps LLP Cois Abhann a Dó<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>McCann Fitzgerald Cois Abhann a hAon Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2<br><br>Byrne Wallace<br>88 Sráid Fhearchair<br>Toghroinn Chaoimhín Baile Átha Cliath 2<br><br>Philip Lee<br>7/8 Ardán Wilton Baile Átha Cliath 2<br><br>Hayes Solicitors Áras Uí Labhraí Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | AIB<br>1 - 4 Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Banc na hÉireann<br>Faiche Stiabhna<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gCoimisinéirí

Bunaíodh Coimisiún na Meán le héifeacht ón 15 Márta 2023 de thoradh fhorálacha an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 ("Acht OSMR, 2022"). Síníodh Acht OSMR, 2022 ina dhlí an 10 Nollaig 2022. I gcomhréir le forálacha aistrithe Acht OSMR, 2022, díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI"), a bhí ann roimhe sin, nuair a bunaíodh Coimisiún na Meán. Ghlac Coimisiún na Meán le feidhmeanna, sócmhainní, dliteanais agus foireann BAI agus forléiríodh an uile thagairt do BAI i ngach conradh agus ionstraimí dlí eile feasta mar thagairtí do BAI. Maidir leis na feidhmeanna uile a bhí dílsithe do BAI nó do choistí reachtúla díreach roimh lá an bhunaithe, rinneadh iad a aistriú chuig Coimisiún na Meán ar dháta an bhunaithe. Déantar foráil le Cuid 16 d'Acht OSMR, 2022 d'aistriú foirne, feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanas chuig an gCoimisiún.

Feidhmíonn Coimisiún na Meán i gcomhréir leis an Acht Craolacháin 2009, arna leasú ("an tAcht") go príomha.

I dteannta feidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann a ghlacadh mar an rialálaí craolacháin in Éirinn, ceanglaíodh ar Choimisiún na Meán creat rialála a bhunú le haghaidh sábháilteacht ar líne, agus rialachán maidir le craoltóireacht teilifíse agus seirbhísí closamhairc ar éileamh a nuashonrú.

Tá Coimisiún na Meán faoi stiúir Cathaoirleach Feidhmiúcháin agus ceathrar Coimisinéirí; tugtar an Coimisiún orthu i dteannta a chéile. Ceapann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na Coimisinéirí de bhun alt 11 den Acht.

Leagtar cumhachtaí agus feidhmeanna An Choimisiúin amach in alt 7 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá cúram dea-rialachais air. Tugann sé faoin gcúram úd trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad.

De bhun alt 14 den Acht, déanfaidh an Cathaoirleach foireann, riarachán agus gnó An Choimisiúin a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú. Comhlíonann an Cathaoirleach a chuid feidhmeanna faoi réir cibé beartais a chinnfidh an Coimisiún ó thráth go chéile agus i gcomhréir le Ráiteas Straitéise agus Plean Oibre an Choimisiúin; ceanglaítear ar an gCoimisiún a leithéid a tharraingt suas agus a ghlacadh de bhun alt 29 den Acht. Ceanglaítear ar an gCathaoirleach, le halt 27 den Acht, fianaise a thabhairt do Choiste Dháil Éireann, arna iarraidh sin, maidir le rialtacht agus cuibheas idirbhearta an Choimisiúin, barainneacht agus éifeachtúlacht an Choimisiúin i dtaca le húsáid a chuid acmhainní, éifeachtacht oibríochtaí an Choimisiúin, agus aon ní ábhartha i dtuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Sa chéad bhliain dó i mbun gnímh, rinne an Coimisiún a chuid feidhmeanna i dtaca lena phlean oibre do Bhliain 1. Tá a Ráiteas Straitéise trí bliana le tabhairt chun críche sa bhliain 2024

agus tabharfaidh sé treoir dá Phlean Oibre do 2025 agus dá éis sin. Féadfaidh an Coimisiún comhlíonadh feidhmeanna neamh-fhorchoimeádta a tharmligean chuig Coimisinéir, nó chuig ball foirne an Choimisiúin, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh sé, agus beidh an Coimisinéir, nó ball foirne an Choimisiúin, freagrach don Choimisiún as sin a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis na forálacha sonracha a leagtar amach in alt 8 den Acht. Ní dhearnadh feidhmeanna ar bith a tharmligean le linn na tréimhse tuairiscithe agus rinne an Coimisiún an uile chinneadh.

Déanfar forbairt ar chreat rialachais nua do Choimisiún na Meán in 2024. Beidh tarmligean cinnteoireachta san áireamh ann, nuair is cuí, chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chinntiú.

Tá Coimisiún na Meán freagrach freisin as riar an Chiste Craolacháin agus as idirbhearta maidir leis an gCiste Craolacháin a cheadú. Baineann socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe Choimisiún na Meán leis an gCiste Craolacháin fosta.

Bhí comhaontú maoirseachta i bhfeidhm idir Coimisiún na Meán agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le linn na tréimhse tuairiscithe. Ina theannta sin, bhí meabhrán tuisceana i bhfeidhm lenar cumhdaíodh freagracht Choimisiún na Meán faoi chiorclán 13/2014 i dtaca le maoiniú ón Státchiste.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagtar feidhmeanna agus cuspóirí an Choimisiúin amach san Acht. Leagtar freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta an Choimisiúin amach i 'Sceideal na Nithe atá Forchoimeádta lena gCinneadh ag an gCoimisiún' (Schedule of Matters Reserved for Decision of the Commission) de chuid Choimisiún na Meán. Tá siad seo a leanas ar na buanmhíreanna a ndéanann an Coimisiún breithniú orthu:

- Dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhreithniú agus a cheadú
- Dearbhuithe Leasa
- Nithe a bhaineann le feidhmeanna agus gnó Choimisiún na Meán

Déanann an Coimisiún breithniú ar an méid seo a leanas de réir mar is gá:

- Nithe a bhaineann le baint amach chuspóirí straitéiseacha Choimisiún na Meán
- Miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí
- An scéal is déanaí faoi rioscaí
- Nithe forchoimeádta

Ceanglaítear le halt 26 den Acht go gcoimeádfaidh an Coimisiún na leabhair agus na taifid chuntais go léir is cuí ar ioncam agus ar chaiteachas uile Choimisiún na Meán, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus ar mhaoin, ar shócmhainní agus ar dhliteanais Choimisiún na Meán. Ina theannta sin, ceanglaítear go gcoimeádfaidh an Coimisiún na cuntais speisialta sin go léir a cheanglaítear le halt 26 den Acht, agus a n-ordóidh an

Coimisiún, le toiliú an Aire, nó an tAire ina leith, ó am go ham, gur ceart iad a choimeád agus tabharfaidh sé cuntas ina leith.

Agus na ráitis airgeadais seo á réiteach aige, ceanglaíodh ar Choimisiún na Meán:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Coimisiún na Meán ar aghaidh ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadais Choimisiún na Meán agus an Chiste Craolacháin ailt 26, 27 agus 28 den Acht. Is é an Coimisiún atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún freagrach as sócmhainní Choimisiún na Meán a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc. Measann an Coimisiún go dtugann ráitis airgeadais Choimisiún na Meán léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Choimisiún na Meán don tréimhse idir an 15 Márta 2023 agus an 31 Nollaig 2023.

### Ráiteas Straitéise

De bhun alt 29 den Acht, a luaithe is indéanta i ndiaidh lá an bhunaithe, agus ina dhiaidh sin tráth nach luaithe ná sé mhí agus nach déanaí ná trí mhí roimh gach dáta ar cothrom trí bliana lá an bhunaithe é, tá an Coimisiún freagrach as ráiteas straitéise, don tréimhse trí bliana díreach tar éis na bliana ina gcuirtear an ráiteas isteach, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

Tháinig an Coimisiún ar chomhaontú i ndáil lena phlean oibre, inar clúdaíodh an tréimhse ó thráth an chorpraithe go deireadh an chéad ráithe de 2024. Chuir sé i gcló i mí an Mheithimh 2023 é. Tá a Ráiteas Straitéise, 2025-2027 (lena n-áirítear a chuid cuspóirí straitéiseacha) á ullmhú ag an gCoimisiún san am i láthair.

## Struchtúr an Choimisiúin

De bhun fhorálacha alt 11 den Acht, is é a bheidh ar an gCoimisiún cathaoirleach agus cibé líon comhaltaí lánaimseartha eile, nach lú ná triúr ná nach mó ná seisear, a chinnfidh an tAire.

Rinne an tAire an Cathaoirleach agus gach duine de na Coimisinéirí eile a cheapadh ar mholadh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Sonraítear sa tábla thíos an dáta a ceapadh an Cathaoirleach agus an ceathrar Coimisinéirí a bhí ag obair le linn an tréimhse airgeadais idir an 15 Márta 2023 agus an 31 Nollaig 2023, chomh maith leis an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choimisiúin.

| An Coimisinéir | Ról | Ceapadh den chéad uair é/í | Dáta Éaga | Tinreamh |
|---|---|---|---|---|
| Jeremy Godfrey | Cathaoirleach | 15/3/2023 | 14/3/2028 | 29/29 |
| Celene Craig | Craolachán | 15/3/2023 | 14/3/2024 | 26/29 |
| Niamh Hodnett | Sábháilteacht ar Líne | 15/3/2023 | 14/3/2028 | 29/29 |
| Rónán Ó Domhnaill | Tírdhreach na Meán | 15/3/2023 | 14/3/2028 | 28/29 |
| John Evans | Seirbhísí Digiteacha | 24/7/2023 | 23/7/2028 | 12/17 |

D'éirigh Celene Craig as oifig an 14 Márta 2024. Ceapadh coimisinéir nua agus meastar go nglacfaidh sí a rólsa i mí Iúil 2024.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí (ARC)

Chuir an Coimisiún Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar bun freisin. Ar an gCoiste i láthair na huaire tá Coimisinéir amháin, Cathaoirleach neamhspleách amháin agus comhalta neamhspleách amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais. Leagtar ról an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí amach i dtéarmaí tagartha arna gceadú ag an gCoimisiún agus is é an cuspóir atá aige cuidiú leis an gCoimisiún i dtaca lena chuid freagrachtaí de bhun na nAchtanna Craolacháin agus um Rialáil Meán Eile, 2009 agus 2022 ("BOMRA") agus An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 ("an Cód"), dála rioscaí, rialú inmheánach agus dearbhú lena mbaineann. De réir na dtéarmaí tagartha, ní féidir níos mó ná seisear a bheith sa bhallraíocht — beirt Choimisinéirí ar a mhéad agus ceathrar comhaltaí seachtracha neamhspleácha ar a mhéad. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún comhalta seachtrach breise agus Coimisinéir breise a cheapadh chun an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí in 2024.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, atá neamhspleách ar Chathaoirleach Feidhmiúcháin an Choimisiúin agus ar lucht bainistíochta Choimisiún na Meán, cinnte de go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánaigh Choimisiún na Meán, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí rioscaí agus iniúchta. Athbhreithníonn an Coimisiún miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí i ndiaidh gach cruinnithe agus tugann ARC tuairisc go foirmiúil, i scríbhinn, gach bliain.

Sonraítear sa tábla thíos an dáta ar ceapadh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí a bhí ag obair le linn an tréimhse airgeadais idir an 15 Márta 2023 agus an 31 Nollaig 2023.

| Comhalta | Ról | Ceapadh den chéad uair é/í | Dáta Éaga |
|---|---|---|---|
| Patricia Byron | Cathaoirleach Neamhspleách | 25/05/2023 | 31/12/2025 |
| Niamh Hodnett | Coimisinéir | 25/05/2023 | 31/12/2025 |
| Ciara Lynch | Comhalta Airgeadais Neamhspleách | 01/12/2023 | 30/11/2026 |

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí don Tréimhse, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí

| | Táillí €'000 | Costais €'000 | Tinreamh |
|---|---|---|---|
| Patricia Byron | 8 | - | 3/3 |
| Niamh Hodnett | - | - | 3/3 |
| Ciara Lynch | - | - | 1/1 |
| | **8** | **-** | |

*Ceapadh Ciara Lynch chun an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí an 1 Nollaig 2023. €4,800 an stipinn bhliantúil a fhaigheann sí.

## Coinbhleachtaí Leasa

Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta de réir fhorálacha BOMRA agus na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin agus chloígh an Coimisiún leis na nósanna imeachta sin le linn na tréimhse 9.5 mí.

## Príomhathruithe Pearsanra

Bunaíodh Coimisiún na Meán le héifeacht ón 15 Márta 2023 de thoradh fhorálacha Acht OSMR, 2022. Léirítear i struchtúr an Choimisiúin a leagtar amach thuas an príomhphearsanra a ceapadh amhail ar an dáta sin. Ceapadh Celene Craig, a bhíodh ina Príomhoifigeach

Feidhmiúcháin ar Údarás Craolacháin na hÉireann, ina Coimisinéir Craolacháin ar feadh téarma seasta de bhliain amháin. D'éirigh sí as nuair a chuaigh a téarma in éag an 14 Márta 2024. I ndiaidh comórtas a ritheadh de bhun alt 11 den Acht, cheap an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Coimisinéir nua le héifeacht ó mhí Iúil 2024.

## Nochtadh a Cheanglaítear leis An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ghlac an Coimisiún an Cód a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis na gCód na nithe seo a leanas a nochtadh:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe (Coimisinéirí san áireamh)

Rangaítear sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 sna bandaí seo a leanas:

| Raon sochar iomlán na bhfostaithe | 2023<br>9.5 mí |
|---|---:|
| €60,000 - €69,999 | 4 |
| €70,000 - €79,999 | 7 |
| €80,000 - €89,999 | 3 |
| €90,000 - €99,999 | - |
| €100,000 - €109,999 | - |
| €110,000 - €119,999 | - |
| €120,000 - €129,999 | - |
| €130,000 - €139,999 | - |
| €140,000 - €149,999 | 3 |
| €180,000 - €189,999 | - |
| €190,000 - €199,999 | 1 |

Maidir leis an nochtadh seo, áirítear a leanas le sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe i dtaca le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh ar son an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC de chuid na bhfostóirí.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a thabhairt don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna 'gnó mar is gnáth' a bhíonn seachfhoinsithe.

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Comhairle Dlí | 1,502 |
| Sainchomhairle | 763 |
| Taighde Margaidh | 301 |
| Eile | 126 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlána** | **2,692** |
| Costais sainchomhairleoireachta arna gcaipitliú | - |
| Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí | |
| Ioncaim Coinnithe | 2,692 |
| Iomlán | **2,692** |

## Costais Dlí agus Socraíochtaí

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i dtaca le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a cuireadh ar an gCoimisiún agus a nochtar sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Táillí Dlí | - |
| Íocaíochtaí réitigh agus eadrána | - |
| Socraíochtaí | - |
| Iomlán | **-** |

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Intíre | 14 |
| Eachtrach | 36 |
| | **50** |

Taifeadtar caiteachas taistil agus cothaithe na bhfostaithe mar Chostas Riaracháin.

## Caiteachas Fáilteachais

Maidir leis an 9.5 mí aníos go dtí an 31 Nollaig 2023, tá caiteachas fáilteachais san áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas. Ceanglaítear leis An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go mbeidh costais a bhaineann le Clár Folláine na bhFostaithe san áireamh sa chatagóir seo.

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Clár Folláine na bhFostaithe | 13 |
| | **13** |

## An Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Coimisiún an uile bheartas ó Údarás Craolacháin na hÉireann nuair a bunaíodh an Coimisiún ar an 15 Márta 2023. De bharr shainchúram agus ról suntasach an Choimisiúin nua, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag forbairt agus ag daingniú an mhéid seo a leanas d'fhonn a chinntiú go bhfuil prionsabail an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016 á gcomhlíonadh: struchtúir nua; rialachas; nósanna imeachta na bainistíochta rioscaí; agus beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe.

Ar mhaithe leis an trédhearcacht, sainaithníodh na laigí seo a leanas sa rialú inmheánach, agus tarraingíodh anuas iad ar fad de réir mar ba chuí:

- Le linn na bliana, sháraigh conradh (arbh ionann é agus €1.7 milliún, CBL san áireamh) a bhí, tráth na tairisceana, faoi bhun na tairsí d'fhógraíocht éigeantach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, an tairseach ábhartha agus dá bhrí sin, níor chomhlíon sé an reachtaíocht soláthair atá ann faoi láthair maidir le ceanglais tairisceana. Chuir Coimisiún na Meán deireadh leis an gconradh agus tá sé tar éis rialuithe treisithe a chur i bhfeidhm sa mhórphróiseas soláthair, lena n-áirítear próisis phleanála níos fearr, maoirseacht agus monatóireacht. Cuireadh an ní faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí agus tá Coimisiún na Meán meáite, i rith an ama, ar an uile threoirlíne ábhartha a chomhlíonadh go hiomlán.
- Le linn na bliana, de bharr teorainneacha córais a bhain leis an aistriú ó Údarás Craolacháin na hÉireann chuig Coimisiún na Meán agus a struchtúr oibriúcháin nua, níorbh fhéidir cuntais bhainistíochta a chur ar fáil san fhormáid riachtanach chun tuairisciú cruinn a dhéanamh. Fuair an Coimisiún tacaíocht shaineolach chun straitéis feabhsúcháin agus réitigh a shainaithint. Rinneadh an-dul chun cinn maidir leis an sprioc atá aige cuntais bhainistíochta chuí a chur ar fáil in 2024.
- Is léir don Choimisiún nár foilsíodh fógraí conartha i gcás roinnt creatchonarthaí a fuair Coimisiún na Meán le hoidhreacht agus a úsáideadh i rith na bliana, arbh é an creat um chomhairle dlí an ceann ba shuntasaí díobh. Tháinig sé chun solais freisin nár shínigh ceann de na conraitheoirí rathúla faoin gcreat um chomhairle dlí an creatchonradh, cé gur shínigh sé conarthaí i gcomhair míreanna aonair oibre. Tá fógraí faoi bhronnadh conartha foilsithe ag Coimisiún na Meán ó shin agus tá sé ar intinn aige creataí úra a chur in ionad chreatchonarthaí Údarás Craolacháin na hÉireann i ndiaidh straitéis soláthair a réiteach.
- Cuireadh Clár Rioscaí Rialachais agus Clár Rioscaí Corparáide Choimisiún na Meán i bhfeidhm. Ní dhearnadh forbairt ar chláir rioscaí oibriúcháin chun rioscaí a ghabháil agus a bhainistiú ar chéim an oibriúcháin ar fud na heagraíochta, áfach. De bhrí gur tháinig fás ar an eagraíocht go han-ghasta sna chéad naoi mí dó i mbun gnímh, tá mórthionscadal rialachais á chur chun feidhme san am i láthair lena chinntiú go gcuirtear Creat Rialaithe Inmheánaigh (nó córais eile dá shamhail) i bhfeidhm leis na príomhrialuithe uile a ghabháil agus le monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht ó am go chéile.

Deimhníodh le hathbhreithniú iniúchta inmheánaigh go raibh dearadh na bpróiseas a chlúdaíonn caiteachas — cuntais iníoctha agus párolla — sásúil. Ina dhiaidh sin féin, de bharr teorainneacha ó thaobh córais, soláthar foirne agus próisis a bhain leis an aistriú chuig an struchtúr oibriúcháin nua, níorbh fhéidir cuntais bhainistíochta a chur ar fáil san fhormáid arna héileamh ag Coimisiún na Meán le linn 2023.

Tá sainchomhairleoirí á n-úsáid ag an gCoimisiún ó shin chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhodh oibriúcháin, ar struchtúr agus ar sholáthar foirne an fheidhmeannais Airgeadais. De thoradh an athbhreithnithe sin, tá an Coimisiún i ndiaidh a bhfeidhmeannais Airgeadais agus Rialachais a athrú ó thaobh struchtúir agus soláthar foirne de. Lena chois sin, tá sé tar éis clár a thionscnamh chun a chórais, a nósanna imeachta agus a bheartais airgeadais a nuashonrú. Tá sé i ndiaidh tús a chur le hathdhearadh a chreata rialachais ar fud na heagraíochta freisin, lena gclúdaítear rialachas corparáideach agus rialachas oibriúcháin araon.

Mar thoradh ar na tionscnaimh sin, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag forbairt agus ag daingniú an mhéid seo a leanas d'fhonn a chinntiú go bhfuil prionsabail an Chóid á gcomhlíonadh: struchtúir nua; rialachas; nósanna imeachta na bainistíochta rioscaí; agus beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe.



**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024

# An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon na Freagrachta

Ar son Choimisiún na Meán, aithnímid an fhreagracht atá ar an gCoimisiún as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i leith Choimisiún na Meán agus an Chiste Craolacháin. Tá ceanglais An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a Rialú san áireamh sa fhreagracht sin.

## Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal measartha seachas fáil réidh leis. Dá bharr sin ní féidir leis an gcóras ach gealltanas réasúnta agus ní ceann iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní cosanta, na hidirbhearta ceadaithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó mírialtachtaí ábhair nó go dtabharfar faoi deara iad go pras.

Tá struchtúir shainithe á mbunú ag Coimisiún na Meán i rith an ama d'fhonn an Córas Rialuithe Inmheánacha ("SIC") a rialú, a riar agus a thaifeadadh. Cé go bhfuil na struchtúir sin i mbun forbartha de thairbhe na n-athruithe san eagraíocht nuabhunaithe, cuireadh bunchórais rialachais faoi choinne fheidhmiú Choimisiún na Meán ar fáil sna struchtúir sin. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu siúd mar seo a leanas:

- Tá Coimisiún na Meán faoi stiúir Cathaoirleach Feidhmiúcháin agus ceathrar Coimisinéirí;
- Cuireadh Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar bun go foirmiúil agus tá Cathaoirleach neamhspleách agus comhalta neamhspleách air;
- Tá comhaltaí den Lucht Ardbhainistíochta á gceapadh chun ról ríthábhachtach; agus
- Rinneadh forbairt ar Chlár Rioscaí Corparáide agus déantar é a nuashonrú go tráthrialta.

Faoi réir fhorálacha an Achta seo, tá an Coimisiún neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin gcúram úd trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad. Is iad an fhoireann Coimisinéirí, ina bhfuil suas le cúigear comhaltaí, Cathaoirleach Feidhmiúcháin san áireamh, na cinnteoirí deiridh i gCoimisiún na Meán.

Chuir Coimisiún na Meán Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar bun in 2023. Tá ar an gCoiste Coimisinéir amháin, Cathaoirleach seachtrach neamhspleách agus comhalta seachtrach neamhspleách ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tá comhalta seachtrach neamhspleách eile á chuardach ag Coimisiún na Meán go gníomhach ar mhaithe le ceanglais an Chóid a chomhall. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí le chéile faoi thrí sa bhliain 2023.

Is iad na dualgais agus na freagrachtaí atá ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, mar a leagtar amach ina théarmaí tagartha, tacaíocht a thabhairt don Choimisiún ina chuid freagrachtaí maidir le saincheisteanna rioscaí, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe i dtaca le riachtanais dearbhaithe an Choimisiúin agus an Oifigigh Cuntasaíochta a chomhlíonadh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na ndearbhuithe sin.

Beireann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí comhairle don Choimisiún faoin méid seo a leanas:

- na próisis straitéiseacha i ndáil le rioscaí, rialú inmheánach agus rialachas;
- na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas le haghaidh athbhreithniú ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach iad don iniúchadh, méid na n-earráidí a aithnítear, agus litir uiríll an lucht bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht atá beartaithe agus torthaí na n-iniúchtaí, idir inmheánach agus seachtrach;
- cuibheas fhreagra an lucht bainistíochta ar shaincheisteanna a aithnítear i ngníomhaíocht iniúchta, lena n-áirítear litir uiríll an lucht bainistíochta maidir leis an iniúchadh seachtrach;
- dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht rioscaí agus ceanglais rialachais chorparáidigh don chomhlacht stáit;
- más cuí, tograí chun tairiscint a chur isteach ar sheirbhísí iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh nó chun seirbhísí neamh-iniúchóireachta a cheannach ó chonraitheoirí a chuireann seirbhísí iniúchóireachta ar fáil;
- beartais frithchalaoise, próisis um nochtadh cosanta, agus socruithe i gcomhair imscrúduithe speisialta; agus

Ina theannta sin, déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí athbhreithniú ar a éifeachtacht go tráthrialta agus tugann sé tuairisc faoi thorthaí an athbhreithnithe sin don Choimisiún.

Tá treoir, rialú agus bainistíocht laethúil Choimisiún na Meán faoi chúram an Chathaoirligh Feidhmiúcháin, na gCoimisinéirí agus na Foirne Ardbhainistíochta. Is comhlacht ceannaireachta agus cinnteoireachta comhghleacúil do Choimisiún na Meán iad na Coimisinéirí. Ní mór don fhoireann ardbhainistíochta agus don fhoireann an treoir straitéiseach atá leagtha síos ag an gCoimisiún a leanúint, agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir acu uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a thiocfaidh chun cinn.

Is ceanglas sa Bheartas Bainistíochta Rioscaí é Clár Rioscaí Corparáide agus Cláir Rioscaí Tionscadal/Oibriúcháin a fhorbairt. Sonraítear go soiléir sa Bheartas go bhfuil Príomhoifigeach Rioscaí Choimisiún na Meán, mar aon leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, na Bainisteoirí agus an Fhoireann uile, freagrach as bainistíocht rioscaí, agus go bhfuil freagracht ar fhostaithe uile Choimisiún na Meán as tuairisciú don Lucht Bainistíochta, as aon rioscaí a bhaineann lena

réimse oibre a bhainistiú, agus as cur leis an bpróiseas rialaithe chun na rioscaí sin a aithnítear a mhaolú go leibhéal inghlactha.

## Creat Bainistíochta Riosca

Chuir an Coimisiún Creat Bainistíochta Rioscaí i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin agus straitéiseacha Choimisiún na Meán. Ba éard a bhí sa chreat Beartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí Choimisiún na Meán, a Ráiteas (Eatramhach) Inghlacthachta Rioscaí agus a Chlár Rioscaí Corparáide, mar aon le bearta freagrachta trí rioscaí a thuairisciú go tráthrialta san eagraíocht uile.

Cuireadh an creat iomlán le haghaidh bainistíocht rioscaí i gCoimisiún na Meán ar fáil sa Bheartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí. Leagan nuashonraithe de Bheartas Bainistíochta Rioscaí Údarás Craolacháin na hÉireann is ea é sin, arna ghlacadh ag Coimisiún na Meán ar bhonn eatramhach.

Cuireadh creat rialaithe rioscaí do Choimisiún na Meán ar fáil sa Bheartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí, rud a chinntíonn cinnteoireacht atá bunaithe ar rioscaí, ag féachaint don inghlacthacht rioscaí agus do na lamháltais bhainteacha a aithnítear sa Ráiteas Inghlacthachta Rioscaí. Sonraítear sa Bheartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí róil agus cúraimí na foirne maidir le bainistiú rioscaí, lena n-áirítear úinéireacht rioscaí agus critéir agus nósanna imeachta um ghéarú rioscaí. Tá an Creat Bainistíochta Rioscaí agus an Beartas (Eatramhach) Bainistíochta Rioscaí faoi athbhreithniú san am i láthair mar chuid de thionscadal nach beag atá ar siúl in 2024 chun creat rialaithe inmheánaigh láidir a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ina léirítear próifíl rioscaí, riachtanais agus castacht na heagraíochta nua.

## Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá Clár Rioscaí Corparáide i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí agus na neamhchinnteachtaí corparáideacha agus straitéiseacha atá roimh Choimisiún na Meán, agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Tá obair ar bun lena chinntiú go rolltar Cláir Rioscaí Tionscadal/Oibriúcháin Roinne amach chun rioscaí a bhaineann le réimsí tionscadal agus oibriúcháin Choimisiún na Meán a shainaithint. Sonrófar sna cláir chomhlánaithe na rialuithe agus na gníomhartha breise a mheastar atá riachtanach chun na rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus a bhainistiú.

Áirítear leis na córais bainistíochta rioscaí fosta Ráiteas (Eatramhach) Inghlacthachta Rioscaí Choimisiún na Meán arna ghlacadh tráth an bhunaithe. Sainaithnítear téamaí rioscaí do Choimisiún na Meán sa Ráiteas, ach is gá tuilleadh oibre a dhéanamh chun iad sin a nuashonrú ar mhaithe le fás agus fairsingiú leanúnach na heagraíochta a léiriú agus a plean oibre á rolladh amach. Aithníodh leibhéal inghlacthachta rioscaí do gach ceann de na téamaí rioscaí agus lamháltais rioscaí agus bunaíodh na príomhtháscairí rioscaí bainteacha agus méadracht bhainteach.

Buanmhír ar an gclár oibre ag cruinnithe an Choimisiúin agus an Choiste Iniúchóireachta agus

Rioscaí ab ea rioscaí. Athbhreithníonn an Coimisiún an Clár Rioscaí Corparáide ar bhonn sceidealaithe agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí athbhreithniú air ag gach cruinniú.

## Creat Rialaithe

Mar a shonraítear thuas, bhí Coimisiún na Meán i mbun gnó agus úsáid á bhaint aige as creat rialaithe a fuair sé le hoidhreacht, tráth a bhunaithe, ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Aithnítear nach bhfuil an creat le haghaidh rialuithe inmheánacha ná na cleachtais bainistíochta rioscaí a fuarthas le hoidhreacht ó Údarás Craolacháin na hÉireann sách oiriúnach do Choimisiún na Meán. Tá tréan oibre le déanamh chun próisis agus rialuithe rialachais a cheapadh le haghaidh rialachas corparáideach agus le próisis oibriúcháin a rialú, is próisis atá mar bhonn agus thaca ag comhlíonadh fheidhmeanna nua Choimisiún na Meán.

Cé go bhfuil na struchtúir sin i mbun forbartha, cuireadh bunchórais rialachais faoi choinne fheidhmiú Choimisiún na Meán le linn na tréimhse ar fáil sna struchtúir atá i bhfeidhm agus a fuarthas le hoidhreacht ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Áiríodh leis na rialuithe úd:

- Leagadh amach na cúraimí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le freagracht chomhfhreagrach,
- Is ann do phróiseas buiséadaithe chun buiséad bliantúil a thiomsú a leanann an Coimisiún d'athbhreithniú a dhéanamh air. Mar sin féin, aithnítear go bhfuil gá le tuilleadh forbartha ar an gcóras sin má tá sé le riachtanais tuairiscithe na heagraíochta a shásamh. Tá pleananna i bhfeidhm le dul i ngleic leis sin.
- Tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann maidir le ceadú deontas agus le monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm don chuspóir a bhí beartaithe.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Chuir Coimisiún na Meán a fheidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí amach ar conradh. Tá an feidhmeannas Iniúchóireachta Inmheánaí freagrach don Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí as measúnú neamhspleách oibiachtúil a dhéanamh ar phróisis bainistíochta rioscaí, rialaithe agus rialachais. Déanann an feidhmeannas Iniúchóireachta Inmheánaí scrúdú ar leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras, na ndaoine, agus na bpróiseas chun rioscaí féideartha agus réimsí ar féidir iad a fheabhsú a aithint.

Leanann an feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí air ag obair go dlúth leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí lena chinntiú go gcomhaontófar clár oibre atá bunaithe ar rioscaí.

## Soláthar

Deimhnímid go bhfuil beartas Soláthair i bhfeidhm ag Coimisiún na Meán agus go bhfuil nuashonrú á dhéanamh ar na nósanna imeachta gaolmhara chun fás na heagraíochta a léiriú lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair. Sainaithníodh sáruithe ar nósanna imeachta le linn na tréimhse tuairiscithe, mar a thuairiscítear sa tuarascáil Rialachais thuas. Cuireadh na nithe sin faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill. Cuireadh an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar an eolas fúthu leis.

## Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Deimhnímid go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialacha inmheánacha do thréimhse airgeadais 2023 an 24 Meitheamh 2024. Chuir obair a rinne an lucht ardbhainistíochta, an t-iniúchóir inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí bonn eolas faoin athbhreithniú sin. Cuireadh an t-athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ag an gcruinniú a bhí ar siúl an 27 Meitheamh 2024.

Sonraítear in An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha chomh luath agus is féidir i ndiaidh dheireadh na tréimhse airgeadais faoi athbhreithniú, agus tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse. Ceapadh na hIniúchóirí Inmheánacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe inmheánacha agus tosaíodh ar an obair sin i mí an Mhárta 2024. Cuireadh an t-athbhreithniú deiridh faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le tuairisc faoin obair a rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, ag an gcruinniú a bhí ar siúl an 24 Meitheamh 2024.

Sonraítear saincheisteanna a tugadh faoi deara mar chuid den athbhreithniú sin sa chéad mhír eile thíos. Bronnadh rátáil "Teoranta" ar an athbhreithniú ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha, áfach[1]. D'ainneoin na saincheisteanna a tugadh faoi deara, chuir an Coimisiún muinín in athbhreithniú iniúchta inmheánaigh "Sásúil"[2] ar éifeachtacht dearaidh rialuithe airgeadais na gCuntas Iníoctha agus an Phárolla, a rinneadh in 2023 mar chuid dá phlean iniúchta inmheánaigh.

1 Is ann do laigí sa chóras rialaithe agus, dá thairbhe sin, tá dearbhú teoranta ann go bhfuil bainistiú éifeachtach á dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an gcóras iniúchta sin. Níl rialuithe á gcur chun feidhme go comhsheasmhach nó níl siad ag feidhmiú go héifeachtach. Ní chloíonn an réimse in-iniúchta, ar bhealach sásúil, le beartais agus nósanna imeachta is infheidhme, caighdeáin oibriúcháin, agus/nó cleachtais ghnó fhónta. Tugann rátáil dearbhaithe theoranta easnaimh le fios, arb easnaimh iad a chuireann baint amach cuspóirí sannta feidhmíochta/gnó i gcontúirt agus a éilíonn ceartú gasta chun caighdeáin inghlactha a chomhlíonadh.

2 Is ann do chóras sásúil rialaithe chun na rioscaí a bhaineann leis an réimse iniúchta a bhainistiú go leibhéal inghlactha, ach níl rialuithe éagsúla á gcur chun feidhme go comhsheasmhach nó níl siad ag feidhmiú go héifeachtach. Cloíonn an réimse in-iniúchta, go ginearálta, le beartais agus nósanna imeachta is infheidhme, caighdeáin oibriúcháin, agus/nó cleachtais ghnó fhónta. Tugann rátáil dearbhaithe shásúil easnaimh le fios, arb easnaimh iad a éilíonn gníomh ceartaitheach chun an timpeallacht rialaithe a neartú, chun éifeachtacht oibriúcháin a fheabhsú agus chun baint amach cuspóirí sannta feidhmíochta/gnó a chinntiú.

I dteannta leis an méid sin thuas, bhain an Coimisiún leas as tríú páirtí chun athbhreithniú agus measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar acmhainní agus ar struchtúr a aonaid Airgeadais. Tá an Coimisiún i ndiaidh a bhfeidhmeannais Airgeadais agus Rialachais a athrú ó thaobh struchtúir agus soláthar foirne de. Lena chois sin, tá moltaí eile ón tuarascáil sin á n-athbhreithniú aige agus tá sé ag dul i ngleic leo.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ar mhaithe leis an trédhearcacht, sainaithníodh na laigí thíos sna rialuithe inmheánacha:

- Le linn na bliana, sháraigh conradh a bhí, tráth na tairisceana, faoi bhun na tairsí d'fhógraíocht éigeantach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, an tairseach ábhartha agus dá bhrí sin, níor chomhlíon sé an reachtaíocht soláthair atá ann faoi láthair maidir le ceanglais tairisceana.
- Chuir Coimisiún na Meán deireadh leis an gconradh agus tá rialuithe treisithe á gcur i bhfeidhm aige sa mhórphróiseas soláthair, lena n-áirítear próisis phleanála níos fearr, maoirseacht agus monatóireacht. Cuireadh an ní faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí agus tá Coimisiún na Meán meáite, i rith an ama, ar an uile threoirlíne ábhartha a chomhlíonadh go hiomlán.
- Is léir don Choimisiún nár foilsíodh fógraí conartha i gcás roinnt creatchonarthaí a fuair Coimisiún na Meán le hoidhreacht agus a úsáideadh i rith na bliana, arbh é an creat um chomhairle dlí an ceann ba shuntasaí díobh. Tháinig sé chun solais freisin nár shínigh ceann de na conraitheoirí rathúla faoin gcreat um chomhairle dlí an creatchonradh, cé gur shínigh sé conarthaí i gcomhair míreanna aonair oibre. Tá fógraí faoi bhronnadh conartha foilsithe ag Coimisiún na Meán ó shin agus tá sé ar intinn aige creataí úra a chur in ionad chreatchonarthaí Údarás Craolacháin na hÉireann i ndiaidh straitéis soláthair a réiteach.
- Le linn na bliana, de bharr teorainneacha ó thaobh córais, próisis agus soláthar foirne a bhain leis an aistriú ó Údarás Craolacháin na hÉireann chuig Coimisiún na Meán agus a struchtúr oibriúcháin nua, níorbh fhéidir cuntais bhainistíochta a chur ar fáil san fhormáid arna héileamh ag Coimisiún na Meán le linn 2023. Tá aghaidh á tabhairt air sin trí chonclúidí an athbhreithnithe shaineolaigh ar mhodh oibriúcháin, struchtúr agus soláthar foirne an fheidhmeannais Airgeadais a chur i bhfeidhm.

Thairis sin, mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha arna dhéanamh ag an bhfeidhmeannas Iniúchóireachta Inmheánaí, mar a luaitear thuas, sainaithníodh na laigí rialaithe seo a leanas:

- Tugadh roinnt beartas agus nósanna imeachta ar aghaidh ó Údarás Craolacháin na hÉireann mar réiteach eatramhach; ní dhearnadh iad a nuashonrú ná a athnuachan chun cur chuige agus córais shonracha Choimisiún na Meán a léiriú go cruinn. Ina theannta sin, sainaithníodh bearnaí maidir le hoiliúint a sholáthar agus maidir le beartais agus nósanna imeachta a chur in iúl go sásúil don phearsanra uile.

- Cuireadh Clár Rioscaí Corparáide agus Clár Rioscaí Rialachais i bhfeidhm. Ní dhearnadh forbairt ar chláir rioscaí oibriúcháin chun rioscaí a ghabháil agus a bhainistiú ar chéim an oibriúcháin ar fud na heagraíochta, áfach.
- Ní raibh Creat Rialaithe Inmheánaigh (nó córais eile dá shamhail) i bhfeidhm leis na príomhrialuithe uile a ghabháil agus le monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht ó am go chéile.

Ghlac an Coimisiún le torthaí an iniúchta agus leis na moltaí gaolmhara agus gheall sé go gcuirfeadh sé plean le chéile ar fud an ghnóthais leis na bearnaí rialaithe a sainaithníodh a dhruidim.



**John Evans**
Coimisinéir
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024



**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Coimisiún na Meán

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Coimisiún na Meán for the period from 15 March 2023 to 31 December 2023 as required under the provisions of section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of Coimisiún na Meán at 31 December 2023 and of its income and expenditure for the period 15 March 2023 to 31 December 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Coimisiún na Meán and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Coimisiún na Meán has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Commissioners' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy.

**Seamus McCarthy**
**Comptroller and Auditor General**

## Appendix to the report

### Responsibilities of Coimisiún na Meán

As detailed in the governance statement and Commissioners' report, the Commissioners are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 26 of the Broadcasting Act 2009 (as amended) to audit the financial statements of Coimisiún na Meán and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on Coimisiún na Meán's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause Coimisiún na Meán to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don tréimhse idir an 15 Márta agus an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam tobhaigh | **2 (a)** | 4,191 |
| Deontas an Oireachtais | **2 (b)** | 8,355 |
| Táillí Ceadúnúcháin | **3** | 69 |
| Ioncam Eile | **4** | 887 |
| **Ioncam Comhlán** | | **13,502** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais tuarastail | **5** | 3,603 |
| Costais Sochair Scoir | | 507 |
| Táillí an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí | | 8 |
| Táillí Sainchomhairleoireachta | **7** | 2,841 |
| Táillí Dlí | **8** | 1,632 |
| Costais Riaracháin | **9** | 1,205 |
| Luach saothair na nIniúchóirí | | 17 |
| Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha | **10** | 596 |
| Áitreabh agus Caiteachas lena mBaineann | **11** | 968 |
| Ús agus Táillí an Bhainc | | 17 |
| **Dímheas** | **12** | 55 |
| | | **11,449** |
| **Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas** | | **2,053** |
| Aisíoc an Tobhaigh | **2 (a)** | (1,683) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | **16** | (165) |
| **Barrachas i ndiaidh aisíoc an tobhaigh agus aistriú chuig an gcuntas caipitil** | | 205 |
| Cúlchistí a aistríodh ó Údarás Craolacháin na hÉireann | | 300 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig** | | **505** |

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Cheadaigh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 5 Meán Fómhair 2024 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:



**John Evans**
Coimisinéir
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024



**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024

# An Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don tréimhse idir an 15 Márta agus an 31 Nollaig 2023

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Barrachas i ndiaidh aisíoc an tobhaigh | 205 |
| Caillteanas ó thaithí ar dhliteanais na scéime sochair scoir | (2,252) |
| Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach láithreach oibleagáidí na scéime sochair scoir | (726) |
| Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain | (2,978) |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha Sochair Scoir ón Státchiste | 2,978 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain** | **205** |

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

The Financial Statements were approved by the Commission on 5 September 2024 and signed on its behalf by:



**John Evans**
Coimisinéir
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024



**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024

# An Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023<br>31 Nollaig<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | **12** | 194 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Infháltais | **13** | 1,060 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | **14** | 5,161 |
| | | 6,221 |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Suimeanna Iníoctha | **15** | (5,716) |
| (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | | |
| | | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **505** |
| | | |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir** | | **699** |
| | | |
| Sócmhainn sochair scoir iarchurtha | **18** | 17,532 |
| Dliteanais sochair scoir | **18** | (17,532) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **699** |
| | | |
| **Arb ionann iad agus** | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 505 |
| Cuntas Caipitil | **16** | 194 |
| | | **699** |

**Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-21 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**
Cheadaigh An Coimisiún na Ráitis Airgeadais an 5 Meán Fómhair 2024 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:



**John Evans**
Coimisinéir
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024



**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin
Dáta: 5 Meán Fómhair 2024

# An Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

## Don tréimhse idir an 15 Márta agus an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023<br>31 Nollaig<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas don Tréimhse | | 205 |
| Muirear Dímheasa | 12 | 55 |
| Breisiú ar Shócmhainní Seasta | 12 | (220) |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 16 | 165 |
| Laghdú ar Infháltais | 13 | 506 |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 15 | 1,628 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **2,339** |
| **Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | | **2,339** |
| Airgead agus coibhéisí airgid a aistríodh ó Údarás Craolacháin na hÉireann | | 2,822 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na Tréimhse** | | **5,161** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Coimisiún na Meán ("An Coimisiún"). Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad uile i rith na tréimhse 9.5 mí agus don bhliain roimhe sin

### a. Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Coimisiún faoi Acht OSMR, 2022. Tá a cheannoifig ag 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4. I gcomhréir le forálacha aistrithe Acht OSMR, 2022, díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") nuair a bunaíodh Coimisiún na Meán. Ghlac Coimisiún na Meán le feidhmeanna, sócmhainní, dliteanais agus foireann BAI agus forléiríodh an uile thagairt do BAI i ngach conradh agus ionstraimí dlí eile feasta mar thagairtí do BAI.

Seo a leanas achoimre ar na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh chuig Coimisiún na Meán ó BAI.a

| | Iomlán<br>€'000 |
|---|---:|
| Sócmhainní seasta | 29 |
| Airgead sa bhanc | 2,822 |
| Infháltais | 1,566 |
| Dliteanais reatha | (4,088) |
| Dliteanas sochair scoir | (14,472) |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 14,472 |
| Luach na sócmhainní a aistríodh ó Údarás Craolacháin na hÉireann | **329** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | |
| Cuntais chaipitil | 29 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | 300 |
| | **329** |

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí An Choimisiúin, mar atá leagtha amach in alt 25 den Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009"):

Déanfaidh An Coimisiún, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú—

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;

- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch.

Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfaidh An Coimisiún—

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh;
- a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach san Acht seo a chomhall;
- éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó ag a bhfuil tionchar;
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú;
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú;
- leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a ghéilliúla agus atá leanaí agus an óige do shaothrú tráchtála míchuí;
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, agus forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Féachfaidh An Coimisiún, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, lena chinntiú, maidir leis na bearta a dhéanfar—

- go mbeidh siad comhréireach ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach san alt seo,
- go gcuirfear chun feidhme iad thar an raon seirbhísí craolacháin le linn an méid tionchair ar féidir leis na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin a imirt maidir le múnlú tuairimí lucht féachana agus éisteachta sa Stát a chur i gcuntas,
- go gcoimeádfar i gcuimhne iontu na cuspóirí, na feidhmeanna agus na dualgais atá leagtha amach do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gCodanna 7 agus 8,
- go mbeidh mar thoradh orthu socruithe rialaitheacha a bheidh cobhsaí agus intuartha, agus
- go bhfreastalófar leo go réidh ar fhorbairt na teicneolaíochta, agus ar fheidhmiú na forbartha sin, ag an earnáil craolacháin agus go ndéanfar leo an céanna a spreagadh go réidh.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí é An Coimisiún.

### b. An Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Cuireadh ráitis airgeadais An Choimisiúin don tréimhse 9.5 mí dar críoch an 31 Nollaig 2023 le chéile de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais ("FRC").

### c. Bunús an Ullmhúcháin

Cuirtear na Ráitis Airgeadais le chéile faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, de bhun alt 65(1) agus (2) d'Acht OSMR, 2022.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais An Choimisiúin.

### d. Ioncam

#### Ioncam Tobhaigh

Foinse ioncaim amháin de chuid An Choimisiúin ba ea an tobhach a forchuireadh ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin mar a éilítear le halt 33(1) d'Acht 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun airgead a chur ar fáil do na costais a bhaineann le feidhmiú na bhfeidhmeanna atá ag feidhmeannas Craolacháin an Choimisiúin, agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe don bhliain airgeadais ar leith.

Faoi alt 33(5) d'Acht 2009, maidir le haon bharrachas ar ioncam tobhaigh de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú ag an gCoimisiún i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, coinneoidh An Coimisiún é lena fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí i leith tobhaigh i gcomhair na bliana dá éis sin, nó déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a bhforchuirtear an tobhach.

Sonraítear an bunús do ríomh an tobhaigh san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33), 2010 (I.R. Uimh. 7 de 2010) agus san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) (Leasú), 2020 (I.R. Uimh. 521 de 2020) agus tugtar cuntas air ar bhonn fabhraithe.

#### Maoiniú ón Státchiste

Fuair An Coimisiún maoiniú ón Státchiste freisin don tréimhse idir an 15 Márta agus an 31 Nollaig 2023 chun An Coimisiún a bhunú go dtí go mbeidh tobhach nua i bhfeidhm i mí Eanáir 2024. Is iondúil go n-aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin is ea ioncam ó Dheontas Oireachtais, a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

#### Ioncam ó Tháille Cheadúnúcháin

De bhun fhorálacha Acht 2009, bhí An Coimisiún freagrach as conarthaí a bhronnadh le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Go ginearálta, rinne An Coimisiún dhá chineál conartha le hoibreoirí craolacháin mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí Soláthair Lánais

D'fhéadfadh táillí ceadúnúcháin a bheith iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí leis an gCoimisiún de bhun na bhforálacha reachtúla. Tiocfaidh na conarthaí sin faoin Tobhach anois faoi Acht OSMR, 2022 nua.

### Ioncam Eile

Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhraithe.

### Ioncam Úis

Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhraithe trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain.

## e. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Dímheas

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh sonraithe ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar le haghaidh lagú. Déantar soláthar le haghaidh dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saolré fhónta measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta | 33% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Oifige | 20% in aghaidh na bliana |
| Daingneáin agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Feabhsúcháin Léasachta | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Fuaime/Teicniúil | 33% in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 25% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a bhaint dá mba rud é go raibh an tsócmhainn den aois sin cheana féin agus an bhail a bheith uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. Má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas ó lagú sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

## f. Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cothrom lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Sainfhoráil is ea an fhoráil d'fhiacha amhrasacha agus bunaítear í má tá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh ar chumas An Choimisiúin na méideanna uile atá dlite a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

## g. Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an léasa ach amháin má tá baint idir arduithe cíosa leis an ráta measta boilscithe. Sa chás seo aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## h. Sochair Fostaithe

### (i) Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

### (ii) Sochair Scoir

**Cineál Scéimeanna**

Oibríonn An Coimisiún na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas i leith fostaithe:

Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an Choimisiúin agus dá Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Tá na struchtúir scéime seo bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí (an "Scéim Eiseamláireach").

Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an "Scéim Aonair").

Níl na scéimeanna á maoiniú ag an gCoimisiún, agus tá sochair phinsin iníoctha ag an Státchiste. Tá roinnt saintréithe sonracha ag gabháil le socruithe An Choimisiúin:

Déanann An Coimisiún ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (don Scéim Eiseamláireach) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (don Scéim Aonair).

Cuimsíonn na ranníocaíochtaí don dá scéim gné fostaí mar aon le gné fostóra. Is ionann ranníocaíochtaí an fhostóra, a d'íoc An Coimisiún, don Scéim Eiseamláireach agus 16.66% den ollphá. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra a d'íoc An Coimisiún leis an Scéim Aonair agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí.

Gheall an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.

Aithnítear sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith sochar scoir ar Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ar bhonn fhorálacha alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Go bunúsach, measann An Coimisiún gur ar an gCoimisiún fós atá an oibleagáid sochair phinsin a íoc, ach go soláthróidh an Státchiste dóthain airgid don Choimisiún chun aon oibleagáidí den sórt sin a shocrú de réir mar a bheidh siad dlite, ar an mbonn go n-íocann an Coimisiún ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra ar rátaí a shonróidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin iarchurtha infhála ón státchiste agus cuirtear sonraí iomlána íocaíochtaí sochair Aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus tá ioncam comhfhreagrach ann a sheasann do Shochar Scoir Státchiste.

### Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha scéimeanna

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don iarmhéid do mhaoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste. Cuimsíonn costais phinsin, sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

### Dliteanais scéimeanna

Déantar dliteanais scéime a thaispeántar mar luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo a thuill fostaithe An Choimisiúin go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais do mhéid maoinithe an tsochair státchiste iarchurtha a mheas ag méid atá cothrom leis an meastachán ar an oibleagáid do dhliteanais na scéime pinsin.

Tá tuilleadh eolais faoi na scéimeanna ar fáil i nóta 18.

## i. Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

## j. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe.

## k. Cánachas

Níl An Coimisiún faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide. Tá ioncam a chruinníonn An Coimisiún faoi réir CBL.

## l. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla maidir le Cuntasaíocht

Maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais, is gá go ndéanfaidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a bhfuil tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na tréimhse. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh éagsúlachtaí a bheith ann idir na fíorthorthaí agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasaí ag na breithiúnais a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**(a) Gnóthas Leantach**

Sonraítear i gCuid 16 d'Acht OSMR, 2022 na forálacha díscaoilte agus aistrithe a bhaineann le bunú An Choimisiúin. Maidir leis na feidhmeanna uile a bhí dílsithe d'Údarás Craolacháin na hÉireann díreach roimh lá an bhunaithe, rinneadh iad a aistriú chuig an gCoimisiún ar dháta an bhunaithe. Déantar foráil leis an gcuid sin d'Acht OSMR, 2022 freisin d'aistriú foirne, feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanas chuig an gCoimisiún. Cé gur díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 14 Márta 2023, níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas An Choimisiúin freastal dá dhliteanais de réir mar a bheidh siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann An Coimisiún gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh An Coimisiún in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

**(b) Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh**

Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú le haghaidh lagú aon uair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn méid in-aisghabhála na sócmhainne a méid inghnóthaithe. Is éard is méid in-aisghabhála ann an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luach úsáide. D'fhonn lagú a mheasúnú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leithligh (aonaid giniúna airgid) ann ina leith. Déantar sócmhainní neamhairgeadais atá thíos ag lagú a athbhreithniú le haghaidh aisiompú féideartha an lagaithe ar gach dáta tuairiscithe.

**(c) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Rinne An Coimisiún athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas go háirithe, agus tháinig sé ar an tuairim go bhfuil saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

**(d) Foráil le haghaidh Fiacha Amhrasacha**

Déanann An Coimisiún meastachán ar luach inghnóthaithe féichiúnaithe agus infháltais eile. Úsáideann An Coimisiún meastacháin bunaithe ar thaithí stairiúil chun leibhéal na bhfiach, nach bhféadfaí a bhailiú, a chinneadh. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe féichiúnaithe agus taithí stairiúil. Déantar leibhéal an tsoláthair a theastaíonn a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Tá luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais thart ar a suimeanna glanluacha.

**(e) Forálacha**

Déanann An Coimisiún forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol dó a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin go hiondúil agus iad bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair atá sé ábhartha.

**(f) Oibleagáid Sochair Scoir**

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí i gcostais sláinte ar fad ina measc) bunaithe ar staid reatha an gheilleagair, agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta;
- leibhéil chúitimh amach anseo, cúinsí an mhargadh saothair amach anseo; agus
- rátaí treochta maidir le costais cúraim sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin lena mbaineann.

**(g) Maoiniú Pinsin Iarchurtha**

Aithníonn An Coimisiún suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí roimhe seo. I measc na n-imeachtaí sin, tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir leis na suimeanna sonracha sin leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ná leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas maoinithe sin de bheith ag freastal ar an méid sin de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

## 2. Maoiniú Tobhaigh agus Maoiniú ón Státchiste

### a. Tobhach Tionscail

Ceanglaítear ar an gCoimisiún, le halt 33 d'Acht 2009, na caiteachais arna dtabhú go cuí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna ag an gCoimisiún agus ag na coistí reachtúla a chúiteamh trí thobhach nó muirear a fhorchur ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Tá téarmaí an Tobhaigh sin, lena n-áirítear an modh ríofa, leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 7 de 2010, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33), 2010 (an 'Ordú Tobhaigh').

Tháinig an tOrdú Tobhaigh i bhfeidhm an 17 Eanáir 2010. Athraíodh gnéithe den Ordú Tobhaigh sin faoi Ordú Tobhaigh BAI (Leasú), 2020 a tháinig i ngníomh an 1 Eanáir 2021.

Faoi fhorálacha aistrithe Acht OSMR, 2022, comhaontaíodh go ndéanfaí craoltóirí a thobhach as an gcaiteachas buiséadaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí craolacháin An Choimisiúin do bhliain féilire 2023. Bhí méid an tobhaigh bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe An Choimisiúin chun críocha tobhaigh do 2023 agus ar ioncam cáilitheach craoltóirí do 2022. Ba é €4.19 milliún an méid a toibhíodh ar chraoltóirí do na 9.5 mí go dtí an 31 Nollaig 2023.

Aisíocadh €0.9 milliún le craoltóirí i leith na bliana tobhaigh 2022 trí nóta creidmheasa i mí na Samhna 2023. Tá soláthar déanta d'aisíocaíocht mheasta de €2.12 milliún sa 12 mhí i leith na bliana tobhaigh 2023. Léiríodh €0.4 milliún i gcuntais Údarás Craolacháin na hÉireann dar críoch an 14 Márta 2023; léiríodh €1.68 milliún i gcuntais An Choimisiúin dar críoch an 31 Nollaig 2023.

### b. Maoiniú ón Státchiste

Leithdháileadh €10.5 milliún i maoiniú ón Státchiste don Choimisiún trí REV2023. Ghéill An Coimisiún maoiniú arbh fhiú €2 mhilliún é don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i mí na Samhna 2023. Rinneadh an €8.5 milliún a bhí fágtha a leithdháileadh mar seo a leanas:

- €5.6 milliún trí Vóta na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, chun costais a bhaineann le feidhmiú na nAchtanna agus mholtaí An Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (FOMC) a chlúdach (baineann €0.15 milliún de sin le costais réamhbhunaithe An Choimisiúin).
- €2.7 milliún trí Vóta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, chun tacú le bunú fheidhm Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha sa Choimisiún.
- €0.2 milliún trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt, chun costais a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin um Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR) a íoc.

## 3. Táillí Ceadúnúcháin

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Conarthaí ceadúnúcháin S71 | 69 |
| | **69** |

## 4. Ioncam Eile

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Ioncam ón gCiste Craolacháin | 667 |
| Daingneáin agus feistis bhronnta (Nóta 12.a) | 220 |
| | **887** |

San áireamh in Ioncam Eile tá caiteachas arna thabhú ag an gCoimisiún agus a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin tuarastail ar fiú €418k iad, forchostais ghinearálta ar fiú €238k iad agus ranníocaíocht urraíochta BFS ar fiú €75k í.

## 5. Luach Saothair

### a. Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 3,293 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach | 310 |
| | **3,603** |

In 2023, áirítear le Costais Foirne €526k a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin agus a aithnítear in Ioncam Eile. Bhí beirt ag obair sa Choimisiún in 2023 a bhí fostaithe trí ghníomhaireacht. Ba é €127k an t-ollchostas don Choimisiún maidir le pearsanra gníomhaireachta sa tréimhse 9.5 mí. Ba é seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCoimisiún (gan pearsanra Gníomhaireachta san áireamh) le linn na tréimhse airgeadais:

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---:|
| Bainistíocht Shinsearach | 20 |
| Foireann Eile | 49 |
| Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír | **69** |

## b. Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a eascraíonn ó Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus ón Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Rinneadh asbhaintí ASC arbh fhiú €115k iad ó thuarastail foirne le linn na tréimhse 9.5 mí agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iad.

## c. Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---:|
| Bunphá | 3,293 |
| Ragobair | - |
| | **3,293** |

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta i rith na tréimhse.

## d. Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair)

Téann seirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin isteach sa Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail sochair shainithe í. In 2023, b'ionann ranníocaíochtaí foirne leis an Scéim Aonair agus €88k. Ba é €264k dliteanas An Choimisiúin i leith ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Aonair.

## e. Príomhphearsanra Bainistíochta

Bhí an Cathaoirleach, ceathrar Coimisinéirí agus 15 Stiúrthóir i gceist le príomhphearsanra bainistíochta An Choimisiúin in 2023. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta:

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---:|
| Tuarastal | 1,414 |
| | **1,414** |

Ní chuimsítear sa mhéid sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá roinnt den príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin An Choimisiúin agus tá a gcuid teidlíochtaí ina leith sin faoi réir théarmaí na Scéime Aonair/na Scéime Eiseamláirí agus fúthu siúd amháin.

## 6. Luach Saothair an Chathaoirligh

**An Cathaoirleach**

Cuireadh tús le téarma Jeremy Godfrey mar Chathaoirleach an 15 Márta 2023. Téarma cúig bliana é. Fuair an Cathaoirleach tuarastal €192,234 sa tréimhse. Tá an Cathaoirleach ina bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Ní bhfuair an Cathaoirleach aon íocaíocht a bhain le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile sa bhliain 2023.

## 7. Táillí Sainchomhairleoireachta

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Sainchomhairle | 780 |
| Taighde Margaidh | 301 |
| Eile | 1760 |
| | **2,841** |

## 8. Táillí Dlí

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Táillí Dlí | 1,632 |
| | **1,632** |

## 9. Costais Riaracháin

| | 2023<br>9.5-mí<br>€'000 |
|---|---|
| Taisteal agus Cothú | 50 |
| Acmhainní Daonna | 228 |
| Teileafón agus Postas | 46 |
| Costais Oifige | 137 |

| | **2023 9.5-mí €'000** |
|---|---:|
| Priontáil agus Fógraíocht | 81 |
| Cleamhnachtaí agus Síntiúis Ghairmiúla | 57 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 526 |
| Faireachán ar na Meáin | 5 |
| Taighde | 16 |
| Aistriúchán | 34 |
| Táillí Iniúchóireachta Inmheánaí | 25 |
| | **1,205** |

## 10. Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

| | **2023 9.5-mí €'000** |
|---|---:|
| Maoiniú Líonraí | 334 |
| Scéim Nuálaíochta Craolacháin | 47 |
| Éagsúlacht/Inscne | 48 |
| Urraíocht | 167 |
| | **596** |

## 11. Áitreabh agus Costais lena mBaineann

| | **2023 9.5-mí €'000** |
|---|---:|
| Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil Foirgnimh | 876 |
| Slándáil agus Glanadh | 66 |
| Soilsiú agus Teas | 26 |
| | **968** |

## 12. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Iomlán<br><br>€'000 | Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta<br>€'000 | Trealamh Oifige<br><br>€'000 | Daingneáin & Feistis<br><br>€'000 | Feabhsúcháin Léasachta<br><br>€'000 | Trealamh Fuaime/ Teicniúil<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas Sócmhainní a aistríodh ó Údarás Craolacháin na hÉireann** | **3,883** | **400** | **56** | **633** | **2,630** | **164** |
| Breiseanna | 220 | - | - | 220 | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| **Amhail 31.12.2023** | **4,103** | **400** | **56** | **853** | **2,630** | **164** |
| | | | | | | |
| **Dímheas Sócmhainní a aistríodh ó Údarás Craolacháin na hÉireann** | **3,842** | **382** | **52** | **633** | **2,623** | **164** |
| Muirear don Tréimhse | 55 | 18 | 4 | 26 | 7 | - |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| **Amhail 31.12.2023** | **3,909** | **400** | **56** | **659** | **2,630** | **164** |
| | | | | | | |
| **Glanluach na Leabhar Amhail 31.12.2023** | **194** | **-** | **-** | **194** | **-** | **-** |

## 12.a. Idirbheart Neamhairgid

Rinneadh comhaontú léasa an 15 Meitheamh 2023 faoi choinne áitreabh oifige nua ar Bhóthar Shíol Bhroin. Mar chuid den dreasacht léasa, chomhaontaigh an tiarna talún íoc as obair feistithe suas go dtí comhiomlán €250,000. I ndiaidh a shuiteála, is leis an tionónta, go hiomlán, a bheidh feistiú/fearastú an tionónta, faoi réir théarmaí an léasa. Amhail an 31 Nollaig 2023, chuir an tiarna talún feistiú/fearastú dar luach €220,360 ar fáil don fhoirgneamh ag an gcóiríocht ar léas. Rinneadh na costais sin a chaipitliú agus a amúchadh thar thréimhse an léasa 5 bliana.

## 13. Infháltais

| | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|
| Féichiúnaithe Trádála | 242 |
| Réamhíocaíochtaí | 505 |
| Ciste Craolacháin | 313 |
| | **1,060** |

## 14. Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|
| Taiscí Gearrthéarmacha | 277 |
| Airgead sa Bhanc | 4,884 |
| | **5,161** |

Tá aibíocht níos lú ná 3 mhí ag gabháil le taiscí gearrthéarmacha agus déantar iad a athnuachan nuair a aibíonn siad.

## 15. Suimeanna Iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 1,105 |
| Tobhach In-aisíoctha le Craoltóirí — Údarás Craolacháin na hÉireann | 440 |
| Tobhach In-aisíoctha le Craoltóirí don Tréimhse | 1683 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais | 196 |
| Fabhruithe | 1,140 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 294 |
| Ioncam Iarchurtha | 853 |
| Eile | 5 |
| | **5,716** |

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Tá méideanna eile a áirítear laistigh de chreidiúnaithe nach gcumhdaítear le nochtadh sonrach nótaí neamhurraithe, saor ó ús agus inaisíoctha ar éileamh.

## 16. Cuntas Caipitil

| | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|
| Aistrithe ó Údarás Craolacháin na hÉireann | 29 |
| | |
| Aistriú chuig/ (ón) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | |
| Breiseanna Sócmhainní a Mhaoiniú | 220 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (55) |
| **Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | **165** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023** | **194** |

## 17. Léasanna Oibriúcháin

Bhí áitreabh ag an gCoimisiún ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2, ar a sealbhaíonn sé léas a rinneadh in 2001 ar feadh 20 bliain. Rinne An Coimisiún agus tiarna talún an áitribh, Davy Ireland, gníomhas athrúcháin a fhorghníomhú an 2 Nollaig 2021, lenar cuireadh síneadh dhá bhliain eile le téarma an léasa go dtí an 7 Nollaig 2023. Níor tháinig aon athrú ar an gcíos bliantúil ag €530,000 in aghaidh na bliana. Faoin léas sin, rinneadh íocaíochtaí cíosa arb ionann iad agus €422,364 sa tréimhse 9.5 mí go dtí an 31 Nollaig 2023. Rinne An Coimisiún agus tiarna talún an áitribh gníomhas athrúcháin eile an 25 Deireadh Fómhair 2023 chun an léas a shíneadh go dtí an 7 Márta 2024. Níor tháinig aon athrú ar an gcíos bliantúil ag €530,000 in aghaidh na bliana.

Shínigh An Coimisiún léas 5 bliana le IPUT plc an 15 Meitheamh 2023 i gcomhair áitribh ag 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20. Is ionann an cíos bliantúil agus €1.1 milliún in aghaidh na bliana. Beidh an t-áitreabh ina chóiríocht shealadach nó go bhfaigheann An Coimisiún oifigí buana. Bhog An Coimisiún go dtí 1 Foirgnimh Shíol Bhroin i mí Eanáir 2024.

Léirítear sna figiúirí amhail an 31 Nollaig 2023 na gealltanais léasa atá dlite i leith na n-áitreabh sin.

### 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2

| | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|
| Faoi 1 Bhliain Amháin | 98 |
| Idir 2-5 Bliana | - |
| Thar 5 Bliana | - |
| | **98** |

### 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4

| | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|
| Faoi 1 Bhliain Amháin | 1,100 |
| Idir 2-5 Bliana | 4,261 |
| Thar 5 Bliana | - |
| | **5,361** |

## 18. Costais Sochair Scoir

### Sochair Scoir

Oibríonn An Coimisiún na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas i leith fostaithe:

Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais An Choimisiúin agus dá Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Tá na struchtúir scéime seo bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí (an Scéim Eiseamláireach).

Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an "Scéim Aonair").

Is comhlacht reachtúil é An Coimisiún. Cuireadh ar bun é faoi Acht OSMR, 2022. Foráiltear le halt 18 den Acht go ndéanfaidh An Coimisiún scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú dá chomhaltaí foirne, agus ina leith, faoi réir cheadú an Aire.

Feidhmíodh Scéim Aoisliúntais An Choimisiúin agus a Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí (éigeantach le ballraíocht sa phríomhscéim) ar bhonn riaracháin go dtí an 15 Meitheamh 2017. Cheadaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tháinig sí i bhfeidhm go foirmiúil an 16 Meitheamh 2017. Cuireann an chéad scéim sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) ar fáil do

bhaill foirne, agus sochair aisce báis maidir le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear sa dara scéim sochair phinsin do chéilí agus do leanaí cleithiúnacha marthanacha na gcomhaltaí éagtha. Is scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe neamhchistithe iad an dá scéim sin.

Is í Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Soláthraíonn an scéim do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin gairme, mar aon le pinsin do chéilí agus leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta pinsin (ag ardú ar aon dul le hathruithe aoise don phinsean Stáit). Áirítear uirthi an áis chun dul ar luathscor a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaítear pinsin atá á n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaíochta, déanann An Coimisiún ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a thug faoi mhaoiniú a chur ar fáil don Choimisiún chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá oiriúnú déanta ag an gCoimisiún ar an gcur chuige agus ar an nochtadh a éilítear le FRS 102 chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

Is é € 17.53 milliún an dliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig 2023. Faoin socrú atá i bhfeidhm, aisíocfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán dliteanas pinsin An Choimisiúin ina iomláine, de réir mar a bheidh, agus nuair a bheidh, na dliteanais sin le híoc. Aithníonn An Coimisiún an ceart atá aige i leith na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith.

Tá na torthaí leagtha amach thíos ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le foireann An Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2023. Is achtúire neamhspleách cáilithe a rinne an luacháil sin.

### Príomhthoimhdí Achtúireacha

| Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha: | 2023 |
|---|---|
| An ráta méadaithe ar thuarastail | 3.35% |
| An ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc | 2.35% |
| Ráta Lascaine | 3.15% |
| Ráta Boilscithe | 2.35% |

Tá lamháil sa bhonn básmhaireachta ar glacadh leis le haghaidh feabhsuithe ar ionchas saoil i gcaitheamh ama sa tslí go mbraithfidh ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain ina slánaíonn ball aois scoir (65 bliain d'aois). Taispeántar sa tábla thíos ionchais saoil na mball a shlánóidh 65 bliain d'aois sna blianta 2023 agus 2043.

| An bhliain ina slánaítear 65 bliain d'aois | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir | 22.1 | 24.3 |
| Ionchas saoil – mná | 24.4 | 26.4 |

### Anailís ar Chostais Iomlána Sochair Scoir

Is éard atá i gceist le costais iomlána sochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe i leith costais sochair scoir:

| | 2023 €'000 |
|---|---|
| Ranníocaíocht an fhostóra íoctha le DTCAGSM/DPER | 507 |
| Costas seirbhíse reatha | 468 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 411 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | (879) |
| | **507** |

### Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2023 €'000 |
|---|---|
| Oibleagáidí a aistríodh ó Údarás Craolacháin na hÉireann | 14,472 |
| Costas seirbhíse reatha | 468 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 411 |
| Caillteanas /(gnóthachan) achtúireach | 2,978 |
| Sochair a íocadh | (797) |
| Glan-oibleagáid sochair scoir amhail an 31 Nollaig | **17,532** |

### Stair na ndliteanas scéime agus (gnóthachain)/caillteanais ó thaithí

| | 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 17,532 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | (17,532) |
| Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais an phlean | 2,978 |
| Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean | 17% |

## 19. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail an 31 Nollaig 2023.

## 20. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Tá glactha ag an gCoimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir le forálacha Acht OSMR, 2022 agus na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna an Choimisiúin agus chloígh an Coimisiún leis na nósanna imeachta sin le linn na Tréimhse.

Ní raibh aon idirbhearta sa Tréimhse maidir le gníomhaíochtaí An Choimisiúin ina raibh aon leas tairbhiúil ag aon chomhalta. Féach Nóta 6 faoi choinne shonraí an Chathaoirligh.

## 21. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh An Coimisiún na ráitis airgeadais ag an gcruinniú seo acu an 5 Meán Fómhair 2024.

# An Ciste Craolacháin

## Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar críoch
## An 31 Nollaig 2023

# Clár an Ábhair

| | |
|---|---|
| Faisnéis maidir leis an gCoimisiún | 107 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 108 |
| Tuairisc de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 110 |
| An Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 112 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 113 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 114 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 115 |

# Faisnéis maidir leis an gCoimisiún

| | |
|---|---|
| **Coimisinéirí** | Jeremy Godfrey (Cathaoirleach Feidhmiúcháin)<br>Celene Craig (téarma dar chríoch an 14 March 2024)<br>Niamh Hodnett<br>Rónán Ó Domhnaill<br>John Evans |
| **Comhaltaí an Údaráis** | Rosemary Day (téarma dar chríoch an 14 Márta 2023)<br>Maeve McDonagh (téarma dar chríoch an 14 Márta 2023)<br>Vivien McKechnie (téarma dar chríoch an 14 Márta 2023)<br>Seán Ó Mordha (téarma dar chríoch an 14 Márta 2023)<br>Vivien McKechnie (téarma dar chríoch an 14 Márta 2023) |
| **Aturnaetha** | McCann Fitzgerald<br>Cois Abhann a hAon<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | AIB<br>1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Bunaíodh Coimisiún na Meán le héifeacht ón 15 Márta 2023 anuas ar fhorálacha na nAchtanna Craolacháin agus Achtanna Eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022 (“BOMRA”). I gcomhréir

le forálacha idirthréimhseacha BOMRA, díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann (“ÚCÉ”) a bhí ann roimhe seo nuair a bunaíodh Coimisiún na Meán. Ghlac Coimisiún na Meán leis feidhmeanna, sócmhainní, dliteanais agus baill foirne ÚCÉ agus le gach tagairt do ÚCÉ sna conarthaí uile agus forléiríodh ionstraimí dlíthiúla eile feasta mar thagairtí do ÚCÉ.

Oibríonn Coimisiún na Meán go príomha i gcomhréir le hAcht Craolacháin 2009 arna leasú (“an tAcht”).

I dteannta feidhmeanna ÚCÉ a ghlacadh mar rialálaí do chraolachán in Éirinn, ceanglaítear ar Choimisiún na Meán creat rialála a bhunú le haghaidh sábháilteacht ar líne, agus chun rialachán maidir le craoltóireacht teilifíse agus seirbhísí closamhairc ar éileamh a uasdátú.

De bhun théarmaí an Achta, tá Coimisiún na Meán freagrach as riaradh agus bainistíocht an Chiste Craolacháin. Bainistíonn agus riarann An Coimisiún cuntas reatha agus cuntas infheistíochta de réir Alt 157 (2) den Acht. Bainistíonn An Coimisiún an cuntas reatha do bhainistíocht laethúil an Chiste Craolacháin, lena n-áirítear airgead a fháil de réir Alt 156 (2)/(3) den Acht 2009, íocaíocht Deontas agus Dámhachtainí faoi scéimeanna an Chiste Craolacháin agus aon chaiteachas arna thabhú ag An gCoimisiún mar gheall ar oibriúcháin an Chiste Craolacháin.

Íoctar aon airgead nach bhfuil de dhíth le haghaidh dliteanais reatha a chlúdach de chuid an Chiste Craolacháin isteach i gcuntas infheistíochta. Infheistítear an t-airgead sin de réir Bheartas Infheistíochta an Choimisiúin.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin a ullmhú don bhliain ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023 freisin, le go bhféadfar feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Chiste a léiriú go cruinn agus go cothrom.

Leagtar amach sonraí maidir le rialachas agus córas rialaithe agus nósanna imeachta Choimisiún na Meán i ráiteas ó Choimisiún na Meán maidir le rialú inmheánach agus i ráiteas ón gCoimisiún maidir le rialachas.

Agus an tÚdarás ag ullmhú na ráiteas airgeadais, ceanglaítear ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeidh sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Ciste i mbun oibríochta: agus

- Cuir in iúl má leanadh caighdeáin chuntasaíochta ábhartha, de réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuntasaíochta shásúla a choinneáil lena nochtar go cruinn réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Chiste agus lena bhféadfar a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal chuig an Acht agus go bhfuil siad i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachas Poiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.
- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin



**Rónán Ó Domhnaill**
Coimisinéir

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Broadcasting Fund

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2023 as required under the provisions of section 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Coimisiún na Meán and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Coimisiún na Meán has presented certain other information together with the financial statements of the Broadcasting Fund. This comprises the annual report and statement of responsibilities. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Paula O'Connor**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**6 September 2024**

## Appendix to the report

### Responsibilities of Coimisiún na Meán

As detailed in the statement of responsibilities, the Commissioners are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under 157 of the Broadcasting Act 2009 (as amended) to audit the financial statements of the Broadcasting Fund and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Fund's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Fund to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# An Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Tabhair faoi deara | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas an Oireachtais | **3 (a)** | 13,570 | 14,770 |
| Maoiniú Státchiste | **3 (b)** | 5,000 | 10,500 |
| Ioncam ó Ús | | 314 | 14 |
| Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe | **2** | 126 | 45 |
| **Iomlán** | | **19,010** | **25,329** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais agus Dámhachtainí | **3** | 20,963 | 16,104 |
| Costais Foirne | **5** | 526 | 698 |
| Táillí Dlí | | 30 | 1 |
| Muirir bhainc agus Costas Úis | | 7 | 18 |
| Costais Riaracháin | **6** | 477 | 593 |
| Táille Iniúchóireachta | | 9 | 9 |
| Táillí Measúnuithe | | 59 | 71 |
| Táillí Sainchomhairleoireachta | **7** | 139 | 135 |
| **Iomlán** | | **22,210** | **17,629** |
| | | | |
| **(Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar Caiteachas** | | **(3,200)** | **7,700** |
| | | | |
| **Iarmhéid ag tús na bliana** | | **38,909** | **31,209** |
| | | | |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | | **35,709** | **38,909** |

**Tá an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1–12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

D'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais ar an 5 Meán Fómhair 2024 agus síníodh na Ráitis thar ceann an Choimisiúin ag na daoine seo a leanas:



**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin



**Rónán Ó Domhnaill**
Coimisinéir

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## Amhail an 31 Nollaig 2023

| | Tabhair faoi deara | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | **9** | 172 | 10 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | **8** | 19,179 | 21,803 |
| Taiscí gearrthéarmacha eile | **8** | 22,678 | 23,050 |
| | | 42,029 | 44,863 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha (suimeanna le híoc taobh istigh de bhliain amháin) | **10** | (6,320) | (5,954) |
| **Glansócmhainní** | | **35,709** | **38,909** |
| Le haghaidh | | 35,709 | 38,909 |
| **Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** | | **35,709** | **38,909** |

**Tá an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1–12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

D'fhormheas an Coimisiún na Ráitis Airgeadais ar an 5 Meán Fómhair 2024 agus síníodh na Ráitis thar ceann an Choimisiúin ag na daoine seo a leanas:



**Jeremy Godfrey**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin



**Rónán Ó Domhnaill**
Coimisinéir

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | (3,200) | 7,700 |
| Torthaí ar Infheistíochtaí | (314) | (14) |
| Méadú ar Infháltais | (162) | (5) |
| (Méadú)/Laghdú ar Shuimeanna Iníoctha | 366 | (2,412) |
| **Glan-Eis-Sreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **(3,310)** | **5,269** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Ús Faighte | 314 | 14 |
| Gluaiseacht maidir leis na Taiscí Gearrthéarmacha | 372 | (7,001) |
| **Glan-Insreabhadh Airgid do Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **686** | **(6,987)** |
| | | |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid** | **(2,624)** | **(1,718)** |
| | | |
| **Airgead/Coibhéisí Airgid ar an 1 Eanáir** | **21,803** | **23,521** |
| **Airgead/Coibhéisí Airgid ar an 31 Nollaig** | **19,179** | **21,803** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús cuntasaíochta agus beartais shuntasacha maidir le cuntasaíocht arna nglacadh ag Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") i ndáil leis an gCiste Craolacháin. Cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad le linn na bliana agus don bhliain roimhe.

### a. Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh an Ciste Craolacháin ar bun faoin Acht um Maoiniú Craolacháin 2003, agus bhí sé faoi stiúir roimhe ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann. Faoin Acht um Maoiniú Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann. Tugadh Alt 60 den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 isteach lenar tugadh freagracht do Choimisiún na Meán as bainistíocht an Chiste.

Tá An Coimisiún freagrach as riar an Chiste Craolacháin agus as idirbhearta maidir leis an gCiste a cheadú. Baineann socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe laistigh den Choimisiún leis an gCiste.

### b. Ráiteas maidir le Comhlíontacht

Cuireadh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 le chéile de réir Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

### c. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoin ngnás costais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, de réir Alt 157 den Acht.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go leanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar mar ábhar a bhain le ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin.

### d. Taiscí agus Airgead Tirim/Coibhéisí Airgid Thirim

De réir mar a éilítear le hAlt 157(4) agus (6) den Acht, airgead atá mar shochar i gcuntas reatha agus nach bhfuil ag teastáil le haghaidh dliteanais reatha a íoc, íocfar an t-airgead sin isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Déanfar airgead i gcuntas infheistíochta an Chiste nach bhfuil ag teastáil le haghaidh dliteanais reatha agus ionchasacha den chuntas sin a íoc a infheistiú agus cuirfear na hinfheistíochtaí ar bun nó déanfar athrú ar na hinfheistíochtaí ó am go ham nuair is cuí agus íocfar fáltais an bhunaithe sin, agus aon ioncam ó airgead infheistithe, isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

I dtréimhse na cuntasaíochta, choinnigh An Coimisiún na cistí barrachais i dtaisce le bainc thráchtála agus i Nótaí Státchiste le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Is éard atá in airgead tirim an t-airgead tirim atá ar fáil agus sa bhanc.

## e. Ioncam (táille an cheadúnais teilifíse)

De bhun Alt 156 den Acht Craolacháin 2009, féadfaidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, íocaíocht a thabhairt chuig an gCoimisiún as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críoch deontas faoi scéim agus aon riarachán maidir le scéim, nó costais réasúnta a bhaineann léi, i ndáil le gach bliain airgeadais, dar luach is ionann 7% de ghlanfháltais na bliana sin maidir le táillí ceadúnais teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, maidir le fáil na dtáillí ceadúnais teilifíse, na fáltais san iomlán lúide aon chostas maidir leis na fáltais sin agus deimhnithe ag an Aire mar thabhaithe aige nó aici féin sa bhliain sin i ndáil le bailiúchán na dtáillí.

Tugtar cuntas ar an ioncam seo ar bhonn fáltas airgid.

## f. Deontais

Forchuireann deontais faoi Scéim Maoinithe an Chraolacháin coinníollacha todhchaí ar na faighteoirí a bhaineann le feidhmíocht. Aithnítear mar chostas iad ach amháin nuair a chomhlíon an deontaí na coinníollacha todhchaí maidir le feidhmíocht uile bainteach le bronnadh an deontais. Seasann ceangaltais deontais do dhearbhaithe maoinithe nuair atá na coinníollacha a bhaineann leis an deontas fós le comhlíonadh ag an deontaí.

Na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, áirítear sna coinníollacha sin foráil maidir le haisghabháil deontais ó ioncaim arna nginiúint ag an deontaí go dtí go ndéanfadh An Coimisiún an deontas infheistíochta dá chuid a aisghabháil. Sonraítear Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe i Nóta 2.

I gcúinsí faoi leith, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a bronnadh i mblianta roimhe toisc nach féidir leis an deontaí na coinníollacha deontais a chomhlíonadh. Is glanmhéid na suimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain é caiteachas an deontais a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## g. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla maidir le Cuntasaíocht

Maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais, is gá go ndéanfaidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a mbeadh tionchar acu ar mhéideanna a tuairiscíodh le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amhail ag an dáta tuairiscithe agus ar mhéideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Ciallaíonn nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfaí éagsúlachtaí a bheith ann idir na fíorthorthaí agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasaí ag na breithiúnais a leanas ar shuimeanna feicthe sna ráitis airgeadais.

**Gnóthas leantach**

Níl aon éiginnteacht ábhartha maidir le cumas an Chiste Craolacháin dliteanais dá chuid a íoc agus iad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar bhonn gnóthais leantaigh. Ar an mbonn seo, measann an Ciste Craolacháin mar oiriúnach é na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 2. Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe | 126 | 45 |

Cuirtear clásal aisghabhála san áireamh i gconarthaí Fuaim & Fís le héascú le haisíocaíocht an deontais má thagann rath tráchtála ar an tionscadal. Seasann an t-airgead thuas do sciar deontas a aisíocadh le linn na bliana maidir le trí léiriúchán a maoiníodh roimhe. Tugtar cuntas ar mhéideanna aisghafa ar bhonn fáltas airgid.

## 3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin

### a. Deontas An Oireachtais

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Deontas an Oireachtais | 13,570 | 14,770 |

Faoin Acht, ceanglaítear ar An gCoimisiún scéim nó scéimeanna a ullmhú maidir le híocaíocht deontas chun tacú le, inter alia, cláir áirithe teilifíse agus raidió agus le cartlannú a fhorbairt maidir le bunábhar clár a rinneadh sa Stát. Tá na deontais seo maoinithe le méid de 7% a thagann ó ghlanfháltais na dtáillí ceadúnais teilifíse. Cuireadh Deontas an Oireachtais 2023 san áireamh i bhfo-cheannteideal E6 de Vóta 33 don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

### b. Maoiniú Státchiste

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú Státchiste | 5,000 | 10,500 |

Bhronn An Coimisiún €1m ar mhaoiniú ginearálta a scaipeadh i mBabhta 47 Fuaim agus Fís, bhí €1.5m ann chun tacú le cláir a dhíríonn ar Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus

Ionchuimsitheacht (ICÉI) agus guthanna nua/pobail nua agus íocadh amach i mBabhta 49 é agus €2.5m faoi Bhabhta 50 na Fuaime agus Físe a bhí ina bhabhta tráchtála maoinithe raidió.

Fuair An Coimisiún €5m de mhaoiniú státchiste chun tacú leis an tionscnamh seo tríd an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2022 maidir le deontais a íocadh in 2023.

I mí na Nollag 2023, fuarthas €6m ón gCúlchiste, méid nár bhain leis an 7% de ghlanfháltais ón gceadúnas teilifíse agus a bhí sa bhreis ar na glanfháltais sin. Tá an méid sin san áireamh in ioncam iarchurtha i Nóta 10.

### c. Oibríonn An Coimisiún dhá Scéim faofa faoi láthair

Is í an Scéim Fuaim agus Fís 4 (“an Scéim”) an chéad cheann de na scéimeanna sin. Bhí an Scéim faofa i dtosach ag an gCoimisiún Eorpach, ó 2005-2009 ar dtús agus ansin ó 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi réim alt 54 den GBER agus ní bhíonn formheas an Choimisiúin ag teastáil. Cuimsítear leis an Rialachán cabhair do scéimeanna le haghaidh saothair chlosamhairc faoi bhun na tairsí €50m in aghaidh na scéime in aghaidh na bliana. Anuas ar Alt 158(1) den Acht, rinneadh athbhreithniú, mar a éilítear leis an Acht, ar ghníomhaíocht, éifeachtacht agus tionchar scéim maoinithe in 2023 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair 2023.

Is é an dara scéim atá ar bun ag An gCoimisiún ná an Scéim Maoinithe um Bunábhar Clár a Chartlannú (“Scéim Cartlainne”). Tá sé deartha ar bhealach le go gcuirfear tacaíocht ar fáil chun cultúr cartlannaithe a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann a chuireann le hoidhreacht agus le taithí craolacháin na hÉireann a chaomhnú. Baineann sé le hábhar clár a chraoltar go hiomlán nó a chraoltar cuid don ábhar, nó atá taifeadta le haghaidh craolacháin, ar an raidió agus/nó ar an teilifís, agus áirítear cláir agus fógraí. Bhí dhá Scéim Cartlainne ann go dtí seo; Scéim Cartlainne 1 agus Scéim Cartlainne 2, a bhí ar bun ó mhí na Bealtaine 2012 - mí Aibreáin 2016 agus ó mhí Aibreáin 2018 - mí na Nollag 2022 faoi seach. Chomh maith leis sin, anuas ar Alt 158(1) den Acht, rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar ghníomhaíocht, éifeachtacht agus tionchar Scéim Cartlainne 2 in 2022 agus cuireadh an tuarascáil ina dhiaidh sin faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair 2022.

### d. Ceangaltais an Chiste Craolacháin

**Scéim Fuaim agus Fís**

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Figiúr Tosaigh an Cheangaltais** | 23,792 | 18,062 |
| Dámhachtainí a dámhadh | 16,776 | 21,165 |
| Deontais íoctha | (20,583) | (15,280) |
| Deontais aisíoctha | - | - |
| Deontais dídhílsithe | (545) | (155) |
| **Figiúr Deiridh an Cheangaltais** | **19,440** | **23,792** |

### Scéim na nDámhachtainí Cartlannaithe

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Figiúr Tosaigh an Cheangaltais** | 2,349 | 3,173 |
| Dámhachtainí a dámhadh | - | - |
| Deontais íoctha | (380) | (824) |
| Deontais dídhílsithe | - | - |
| **Figiúr Deiridh an Cheangaltais** | **1,969** | **2,349** |
| | | |
| **Iomlán Deiridh na gCeangaltas** | **21,409** | **26,141** |

Ba é iomlán na ndeontas a íocadh ná €20,963k (2022: €16,104k)

## 4. Athmhuirearú an Chiste Craolacháin

Baineann athmhuirearú an Chiste Craolacháin le caiteachas arna thabhú ag Coimisiún na Meán agus a athmhuirearaítear chuig an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin tuarastail de €526k (2022: €698k), forchostais ghinearálta de €238k (2022: €277k), ranníocaíocht urraíochta na scéime um maoiniú craolacháin de €75k (2022: €63k). Sonraítear tuilleadh faoi athmhuirearú an Chiste Craolacháin i Nótaí 5 agus 6 thíos.

## 5. Costais Foirne

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 418 | 555 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 38 | 50 |
| Costais Phinsin | 70 | 93 |
| **Costais Foirne Athmhuirearaithe** | **526** | **698** |
| | | |
| Foireann Shealadach | - | - |
| **Costais Foirne Iomlána** | **526** | **698** |

Níl aon fhostaí fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin. As an €526k sin, mhuirearaigh An Coimisiún €418k agus mhuirearaigh Údarás Craolacháin na hÉireann €108k.

Caitheann roinnt fostaithe de chuid Choimisiún na Meán sciar dá gcuid ama ag obair ar chúrsaí atá bainteach leis an gCiste. In 2023, b'ionann sin agus 8 (2022:10.75) gcoibhéis lánaimseartha.

## 6. Costais Riaracháin

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| *Forchostais:* | | |
| Cíos & Rátaí | 133 | 169 |
| Costais áitreabh | 49 | 52 |
| Costais oifige | 39 | 29 |
| Oiliúint foirne | 17 | 27 |
| **Fo-iomlán na bhforchostas** | **238** | **277** |
| | | |
| **Urraíocht** | **75** | **63** |
| *Direct costs:* | | |
| Bainistiú Comhad/Cartlannú | 133 | 155 |
| Táillí gairmiúla | - | 15 |
| Feasacht Phoiblí | - | 4 |
| Ceadúnas TF agus costais tacaíochta | 25 | 77 |
| Aistriúchán | 2 | 1 |
| Eile | 4 | 1 |
| **Fo-iomlán na gcostas díreach** | **164** | **253** |
| **Foriomlán na gCostas Riaracháin** | **477** | **593** |

Tá na forchostais a muirearaíodh chuig an gCiste bunaithe ar choibhéis lánaimseartha de líon foirne ag obair ar an gCiste mar chéatadán (in 2023, 12%; in 2022, 29%) de líon iomlán foirne An Choimisiúin le linn na tréimhse. Le linn 2023, d'athmhuirearaigh Coimisiún na Meán €313k (2022: €340k) chuig an gCiste Craolacháin le haghaidh caiteachas riaracháin a bhaineann leis an gCiste Craolacháin. As an €313k sin, mhuirearaigh An Coimisiún €249k agus mhuirearaigh Údarás Craolacháin na hÉireann €64k.

## 7. Sainchomhairleoireacht

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Go Ginearálta | 93 | 73 |
| Iniúchóireacht agus Monatóireacht | 46 | 62 |
| | **139** | **135** |

# 8. Taiscí agus Airgead tirim/coibhéisí airgid

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| a. Gearrthéarmach (aibíocht níos lú ná trí mhí) | 11,311 | 12,300 |
| Eile (aibíocht idir 3 agus 12 mhí) | 22,667 | 23,050 |
| Airgead tirim ag an mbanc agus ar fáil | 7,879 | 9,503 |
| | **41,857** | **44,853** |
| **Airgead tirim/coibhéisí airgid** | | |
| Gluaiseacht maidir le Taiscí Gearrthéarmacha | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 12,300 | 13,600 |
| Gnóthachain/ (caillteanais) | 11 | - |
| Diúscairtí | (1,000) | (1,300) |
| Éadálacha | - | - |
| Airgead tirim atá ar fáil agus sa bhanc amhail an 31 Nollaig | 7,879 | 9,503 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig** | **19,190** | **21,803** |
| **Gluaiseacht maidir le Taiscí Gearrthéarmacha Eile** | | |
| b. Iarmhéid an 1 Eanáir | 23,050 | 16,049 |
| Gnóthachain/ (caillteanais) | 75 | |
| Diúscairtí | (6,500) | - |
| Éadálacha | 6,042 | 7,001 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **22,667** | **23,050** |

# 9. Infháltais

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ús Fabhraithe | 172 | 10 |
| Eile | - | - |
| | **172** | **10** |

## 10. Suimeanna Iníoctha

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| *(Suimeanna atá le híoc laistigh de bhliain amháin)* | | |
| Coimisiún na Meán | 320 | 954 |
| Roinn an Ioncaim Iarchurtha de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. | 6,000 | 5,000 |
| | **6,320** | **5,954** |

## 11. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail an 31 Nollaig 2023..

## 12. Formheas na ráiteas airgeadais

D'fhormheas An Coimisiún na ráitis airgeadais ag an gcruinniú acu an 5 Meán Fómhair 2024.

Coimisiún na Meán